Cuireann Corparáideach, Cumarsáid, Rialachas & TF seirbhís tacaíochta éifeachtach ar fáil don Chathaoirleach, do na Comhaltaí Tofa agus don ardbhainistíocht mar aon le cumarsáid agus seirbhísí ginearálta do bhaill den phobal. Tá sé freagrach as riarachán cruinnithe uile na Comhairle, as Clár na dToghthóirí a thiomsú, as tuarascálacha bliantúla na Comhairle a réiteach, as Sláinte agus Sábháilteacht, as Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise, agus as Soláthar agus Rialachas Corparáideach. Faigheann na seirbhísí ar fad tacaíocht trí Theicneolaíocht Faisnéise a chinntíonn go mbaintear feidhm as na cleachtais agus an éifeachtacht is fearr i seachadadh seirbhísí do na Comhairleoirí agus don phobal.

Cuimsíonn na seirbhísí sin:

- Oifig an Chathaoirligh
- Cruinnithe na Comhairle
- Bainistiú Saoráidí
- Soláthar
- Clár na dToghthóirí
- Oifig Dhún Droma
- Oifig Cumarsáide
- Seirbhísí Chustaiméirí
- Deontais Ardoideachais
- Saoráil Faisnéise
- Corparáideach
- Seirbhísí Iniúchta
- Sláinte & Sábháilteacht
- Turasóireacht & Eamhnú
- Teic. Faisnéise


*Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin- Meitheamh 2018*



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Cruinnithe na Comhairle

Cuimsíonn an Chomhairle féin 40 Comhairleoir Contae as na Toghcheantair seo leanas:

- Dún Droma,
- Gleann Cuilinn/ Áth an Ghainimh,
- Stigh Lorgan
- An Charraig Dhubh,
- Dún Laoghaire
- Cill Iníon Léinín/Seanchill

### Toscaireachtaí

Tugann cruinnithe toscaireachtaí fóraim atá oscailte do Chumainn Áitritheoirí agus  do Ghrúpaí Pobail chun bualadh le hoifigí na Comhairle agus le Comhairleoirí chun saincheistean-na atá bainteach lena gceantair ar leith féin a phlé.

- Reáchtáladh 17 cruinniú toscaireachta in 2018


| In 2018 reáchtáladh na cruinnithe seo leanas den Chomhairle Contae: | |
|---|---|
| Cruinnithe Chomhairle Contae lena n-áirítear Cruinniú Chinn Bhliana Agus Cruinniú Buiséid | 16 |
| Cruinnithe de Choiste Limistéar Dhún Droma | 18 |
| Cruinnithe de Choiste Limistéar Dhún Laoghaire | 18 |
| Cruinnithe de Choiste um Beartais Straitéiseacha | 24 |
| Cruinnithe den Chomhchoiste Póilíneachta | 3 |
| Cruinnithe den Choiste Eagrúcháin, Nósanna Imeachta & Prótacal | 4 |
| Cruinnithe den Ghrúpa um Beartas Corparáideach | 5 |

# Bainistiú Saoráidí

Tá an Rannóg Bainistithe Saoráidí freagrach as bainistiú a dhéanamh ar Fhoirgnimh Chorparáideacha (Halla an Chontae/an Bhaile, Cearnóg an Chuain, Oifig Dhún Droma Teach Carnegie agus Teach Bhaile an Ghabhann). Is tosaíocht é luach a fháil ar airgead agus tá coigiltis aitheanta mar a bhaineann sé le hídiú fuinnimh.

Cuimsíonn an obair a dhéanann an Rannóg Bainistithe Saoráidí Seirbhísí Riaracháin agus Cothabhála mar a leanas:

- Ceannach/Soláthar/Próiseas Tairisceana -trí úsáid a bhaint as conarthaí OGP don Slándáil, Fógraíocht, Glantachán ar Conradh, Stáiseanóireacht, Leictreachas, Gás agus na Creatlacha GNPB, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, i leith Fóin Póca agus Seirbhísí línte cheaptha tá coigiltis nach beag bainte amach don Chomhairle.
- Aithníonn an Grúpa Soláthar Réigiúnach (a bhfuil an Chomhairle seo mar chuid de) deiseanna comhar-thairisceana i Réigiún Bhaile Átha Cliath.
- Cothabháil oifigí corparáideacha agus bainistí ghinearálta.
- Bainistiú ar sheirbhísí glantacháin, seirbhísí slándála, seirbhísí bialainne, diúscairt dramhaíola agus athchúrsála.
- Úsáid a bhaint as Bainistiú Chaidreamh Custaiméirí (CRM) i mbainistiú conarthaí.
- Deasc Póirtéara
- Bainistiú ar Chóras Teileafóin / ar Fhóin Póca Corparáideacha.
- Ag réiteach le haghaidh imeachtaí i Halla an Chontae
- Halla ar Cíos / Searmanais Shibhialta








# Oifig Cumarsáide

Déanann an Oifig Cumarsáide maoirseacht ar chumarsáidí corparáideacha agus inmheánacha don Chomhairle. Tá an oifig freagrach as gach cumarsáid inmheánach agus eachtrach, as caidreamh poiblí, bainistiú éigeandála agus margaíocht ar son dlr, ag cuimsiú seirbhísí, gníomhaíochtaí agus imeachtaí uile na Comhairle a chuirtear ar fáil agus a chuirtear chun cinn ar mhaithe leis na saoránaigh agus le gnóthaí.

## Oifig an Chathaoirligh

Soláthraíonn Corparáideach, Cumarsáid agus Rialachas tacaíocht iomlán don Chathaoirleach agus dá oifig lena n-áirítear:

- Comhairle faoi Phrótacal agus Bainistiú Imeachta
- Bainistiú ar Dhialann an Chathaoirligh agus ar Choinnithe
- Eisiúint agus Bainistiú Cuirí
- Freagraí ar Ríomhphoist agus ar Chomhfhreagras
- Óráidí a réiteach
- Preaseisiúintí a eisiúint i ndiaidh Imeachtaí.

Bíonn fócas Cumarsáide dírithe ar 3 théama uileghabhálach:-

- Ag cruthú timpeallachta i leith fhás eacnamaíochta.
- Ag cur caighdeán na beatha chun cinn don uile duine.
- Ag déanamh Claochlaithe ar an gcaoi ina n-oibrímid.

## Chuimsigh Príomh-ghnóthachtálacha in 2018:

- Freagraí tugtha ar gach ceist ó na meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta - 307
- Preaseisiúintí eisithe - 84
- Cur chun cinn agus bainistiú gníomhaíochtaí agus imeachtaí na Comhairle
- Foilsiú 5 eagrán de dlr Times.
- Foilsiú Tuarascála Bliantúla 2017.
- Bainistiú a dhéanamh ar Chuntais Mheáin Shóisialta na Comhairle. Tháinig méadú de 36% ar leanúnaithe chuntais Facebook dlr go 32,388 leanúnaí in 2018 agus ar leanúnaithe chuntas Twitter na Comhairle de 36% go 37,096 leanúnaí. Cuireann úsáid na meán sóisialta uirlis cumarsáide isteach agus amach that a bheith sofhreagrach ar fáil don Chomhairle Contae.
- Comhordú ar iarratais ó Fhear an Phobail - 9
- Cur i bhfeidhm Scéim Gaeilge na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Bainistiú ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle. Ba é líon iomlán na n-amas ar an suíomh gréasáin in 2018 ná 3,802,425 agus thug iomlán 870,976 duine cuairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

## Mol Comhairliúcháin

In 2018, tugadh cuireadh don phobal páirt a ghlacadh i 29 comhairliúchán ar Mol Comhairliúcháin dlr Ar Líne.

### Lá Tvuíte

Ghlac an Chomhairle páirt i "Lá Tvuíte" ar 10ú Aibreán 2018 chun feasacht a ardú faoi na seirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil ar bhealach éadrom agus faisnéiseach. Chuir an Chomhairle amach breis is 97 tvuít ar an lá agus bhí an haischlib chéanna ar gach ceann - #ourcouncilday agus cruthaíodh breis is118,300 imprisean ar an lá.

## Tionscnaimh Dhigiteacha

### Seomra na Comhairle

Críochnaíodh Seomra nua na Comhairle in 2018 agus reáchtáladh an chéad Chruinniú Comhairle ann i Meitheamh. Ta tairiscint dhigiteach ar leith ag an Seomra nua lena n-áirítear ballaí físe, craoladh ar an ngréasán, vótáil leictreonach, tomhas ar am cainteora agus ciúáil &rl. Beidh aontú na gComhaltaí Tofa ag teastáil chun an teicneolaíocht ar fad atá ar fáil a chur i bhfeidhm.

### Catalóg Seirbhíse

Críochnaíodh an chéad dréacht iomlán den Chatalóg Seirbhíse i mbliana. Tugann an Chatalóg Seirbhíse sonraí faoi na seirbhísí ar fad a chuireann an Chomhairle Contae ar fáil agus is é an creat é inar féidir obair a ghabháil, a leithdháileadh, a thomhas agus a rianú. Ceadaíonn Catalóg Seirbhíse stóinse a bheith in áit breis digitithe a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse trí fhorbairt ar ár CRM – MS Dinimicí 365.

### Bainistiú Chaidreamh Custaiméirí – Dinimicí

Leanadh go tapa le forbairt MS Dinimicí 365 agus tá réitigh ag dul chun cinn go maith i dtreo fheidhmiú céimneach ar na feistis chuig an fhoireann ar an láthair.Cuirfidh sé seo an chéim dheiridh  ar fáil dúinn le gur féidir an lúb a dhúnadh go digiteach chun obair a ghabháil agus a dhúnadh ar an láthair.

### Deontais Ar Líne

Seachadadh digitiú Deontais dlr in 2018 mar aon le cur chun cinn cuimsitheach sna meáin agus in ainneoin nach bhfuil ann ach bliain thionscnamh digitithe an chláir, fuarthas na haighneachtaí ar fad beagnach via an córas nua digiteach, le méadú 15% breise ar iarratais sa bhliain. Seachadadh 12 'Ceardlann Poiblí' ar fud an Chontae chun an pobal a chur ar an eolas faoin gcóras nua ar líne agus bhí an fhreagairt thar a bheith dearfach.

### Scáileáin & Bothanna

Rinneadh bothanna scáileán tadhaill atá dírithe ar Chustaiméirí a shuiteáil sa spás poiblí den Mhol Cathartha mar aon le foireann comharthaíochta le hábhar digiteach. Tá bainistiú an inneachair tugtha ar láimh don Fhoireann Cumarsáide agus tá na saoráidí ag taispeáint iad féin a bheith iontach úsáideach mar a bhaineann sé le gnéithe 'comhairliúcháin phoiblí'de.





### Baile Átha Cliath Cliste

Leanann rannpháirtíocht dlr i mBaile Átha Cliath Cliste ag cur deiseanna le haghaidh nuálaíochta agus comhoibrithe digití ar fáil. Tá dhá SIBIR (Taighde Nuálaíochta Gnóthaí Beaga) Fiontar Éireann faoi shiúl a fhéachann le heolas faoi 'Caighdeán Uisce Snámha' a chur ar fáil don phobal agus le líonra IOT atá il-ardán-oiriúnaithe a chur ar fáil. Rinneadh an chéad pointe luchtaithe feithicle leictrigh dlr a sheachadadh faoi bhratach Bhaile Átha Cliath Cliste in 2018.


### RMS Leinster

I Meán Fómhair 2018 d'eagraigh an Chomhairle ócáid oifigiúil stáit chun cuimhneachán 100 bliain a dhéanamh ar an uair ar chuir fomhuireán Gearmánach UB-123 an Long Ríoga Poist RMS Leinster go tóin poill gar do Bhanc na Cise díreach lasmuigh de Bhá Bhaile Átha Cliath agus inar bádh 569 paisinéir agus criú na loinge go tragóideach fad a bhí siad ar an mbealach ó Chuan Dhún Laoghaire go Holyhead. Bhí an ócáid stáit seo mar bhuaic-phointe ar shraith imeachtaí inar ghlac dlr páirt in 2018 chun cuimhneachán a dhéanamh ar an mór thubaiste báite seo i Muir Éireann.

### Eile

Taifeadadh roinnt físeanna faisnéise faoi sheirbhísí na Comhairle agus foilsíodh iad ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle agus ar chainéal YouTube.

Cuireadh an Tuairisc Bhliantúil Dul Chun Cinn ar an bPlean Corparáideach do 2018 faoi bhráid na gComhaltaí agus tá sé le feiceáil ag cliceáil nasc.



*Seomra Nua na Comhairle*

## An Ghaeilge

- Fuarthas 3 uiríoll ó An Coimisinéir Teanga faoi chomharthaíocht bóthair agus tráchta.
- Tá inneachar statach as Gaeilge ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Rinneadh foráil i leith nuacht as Gaeilge i ngach eagrán de dlr Times.
- I measc imeachtaí Sheachtain na Gaeilge 2018 bhí;
- Reáchtáladh roinnt ceardlann déanta greannán as Gaeilge (cuair-teanna ranga) le Aidan Courtney as Coimicí Gael i Márta, 2018 i Leabharlann Dhún Droma.
- Reáchtáladh 'Ag baint taitnimh as Gaeilge le páistí óga' le Áine Ní Shúilleabháin (Bróga Nua) – in Márta, 2018 in Leabharlann Stigh Lorgan agus dlr LexIcon.
- Imeachtaí Rialta eile Gaeilge, chomh maith:
- Seisiún seachtainiúil chomhrá Gaeilge ar maidineacha Dé Máirt in Brambles ag dlr LexIcon agus Leabharlann Ghráinseach an Déin.
- Club leabhar Gaeilge míosúil i Leabharlann Dheilginse.
- Grúpa Spraoi míosúil do pháistí in dlr LexIcon



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Mol Cathartha dlr

D'oscail an Mol Cathartha i Meitheamh 2018 leis an aidhm le soláthar seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú trí phointe teagmhála singil in-rochtana amháin a chur ann chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Téann na cainéil chumarsáide ar fad tríd an Mol lena n-áirítear teileafón, ríomhphost agus ár gcuntar poiblí. Mar thoradh ar sin tá seasmhacht ann sa chaoi ina ndéileáiltear lenár gcustaiméirí ar fad agus san am céanna ag cur ar ár gcumas rianú a dhéanamh ar na fiosrúcháin ar fad ar fud na heagraíochta, agus ag ceadú do chustaiméirí uasdátaithe a fháil faoina gcuid iarratas. Déanann an Mol Cathartha logáil agus rianú chomh maith ar aighneachtaí ó Chomhaltaí Tofa.

Is saoráid atá go hiomlán inrochtana é an Mol Cathartha le cuntair níos ísle, suíocháin do chustaiméirí agus córas ionduchtaithe Lúibe in áit. Cuireann bothanna féin-fhreastail ar chumas custaiméirí rochtain a fháil go neamhspleách chuig ár gcuid seirbhísí le tacaíocht le fáil má theastaíonn sé – tá foireann deá-oilte ar fáil le cúnamh a thabhairt do chustaiméirí chun an córas a nascleanúint. Tugann na poidchruinnithe laistigh den Mol Cathartha spásanna le comhrá a dhéanamh iontu go ciúin nó le hiarratas a chomhlánú i bhfoirm suíochán cúlráideachinar féidir le comhráití príobháideacha tarlú agus áiteanna inar féidir leis an bhfoireann cuidiú go discréideach leo sin atá ag iarraidh cúnaimh.

Príomh-ghnóthachtálacha in 2018:

- Déileáil le breis is 82,000 ceist ó chustaiméirí
- Logáil beagnach 2,100 aighneacht
- Chruthaigh Catalóg Seirbhíse DLR – liosta cuimsitheach de na breis is 700 seirbhís a chuireann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fáil.
- Chuir tús le forbairt Dréacht-threoir Seirbhísí Custaiméirí don fhoireann agus do chustaiméirí araon atá beartaithe a fhoilsiú in 2019.

### Idirghníomhaíochtaí le custaiméirí

D'fhág an 82,000 ceist a chuir custaiméirí in 2018 gur logáladh breis is 30,000 iarratas oibre. Seo leanas an miondealú ar na hiarratais sin:

| Rannóg / Earnáil | Cásanna logáilte 2018 |
|---|---|
| Comhshaol | 7,748 |
| Cumarsáid & Mol Sibhialta | 6,229 |
| Airgeadas | 4,543 |
| Iompar | 3,771 |
| Páirceanna | 3,659 |
| Tithíocht | 3,059 |
| Forfheidhmiú Dramhaíola | 833 |
| Pleanáil | 230 |
| Seirbhísí Uisce | 192 |
| Margaí CoCo | 189 |
| Réadmhaoine | 131 |
| Íosta Bhaile Uí Ógáin | 120 |
| Ailtirí | 68 |
| Pobal | 42 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 41 |
| Oifig Áitiúil Fiontar | 13 |
| Leabharlanna | 9 |
| **Iomlán** | **30,877** |



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018


## Soláthar

Cinntíonn an tAonad Soláthair go leantar dea-chleachtas mar a bhaineann sé le soláthar poiblí agus go leantar nósanna imeachta na Comhairle i leith cheannach ábhar agus seirbhísí uile.
Chuimsigh Príomhghnóthálacha in 2018:-

- Glacadh leis an bPlean Corparáideach Soláthair 2018 - 2020
- Ghlac páirt in Oifig Chreataí Soláthair Náisiúnta an Rialtais (OPG)
- Chuir an Grúpa Stiúrtha Soláthar DLR ar bun chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar Fheidhmiú an Phlean Corparáidigh Soláthair 2018- 2020, i gcomhpháirtíocht leis an Oifigeach Soláthair agus leis an Aonad Soláthair.
- Oiliúint agus tacaíocht leanúnach mar is gá i bpolasaí soláthair phoiblí faoi phróisis thairisceana aonair agus ar bhainistiú conarthaí.



*Both Nua Eolais do Thurasóirí ag Na Miotail*




## Cuan Dhún Laoghaire

Aistríodh freagrach as Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire go dlr ar 3ú Deireadh Fómhair 2018 le seo leanas:

**Aistriú Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire go Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.**

Déanann Alt 28d'Acht na gCuanta 2015 foráil i leith:

- Aistriú agus díscaoileadh Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire
- Foráil i leith foirne Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire
- Aoisliúntas i leith foirne Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire
- Aistriú réadmhaoine, cearta agus dliteanas Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire.
- Cuntais dheiridh curtha i láthair an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil laistigh de shé mhí ón dáta díscaoilte.

Chuir Ionstraim Reachtúil 391/2018 an díscaoileadh in éifeacht gan foirceannadh DHCL agus a aistriú go Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

## Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

Chun tosaigh ar theacht isteach GDPR in 2018 thug DLR faoi oiliúint ar chomhaltaí na Comhairle agus bhí freastal maith ar an oiliúint sin. D'fhreastail an fhoireann ar fad ar sheisiún faisnéise ar GDPD agus cuireadh foireann Curaí (ar a tugadh an Fhoireann Príobháide) ar bun chun ionadaíocht a dhéanamh ar earnálacha de DLR agus feidhmíonn siad mar chéad pointe teagmhála don fhoireann san earnáil. Casann na curaí seo le chéile gach mí agus is sócmhainn riachtanach cumarsáide iad ón gcomhlacht corparáideach chuig na hearnálacha agus ó na h-earnálacha chuig an gcomhlacht corparáideach.

Faigheann na curaí seo breis tacaíochta ón gComhordaitheoir Sonraí agus Grád 4 san earnáil bainistithe sonraí agus comhlíonann Gníomhaire Dlí ról an Oifigigh Chosaint Sonraí.

San iomlán fuair 130 ball foirne oiliúint in GDPR in 2018 agus is ionainn sin agus infheistíocht shuntasach ag DLR agus aitheantas faoin mbuíochas agus an muinín a chuireann an pobal ionainn chun a gcuid sonraí a bhainistiú.

Rinne DLR beart mapála sonraí in 2018 agus leagann sé seo síos bonn láidir do na blianta atá le teacht lena chinntiú go gcomhlíonaimid rialacháin agus go ndéanaimid bainistiú go cuí ar ár sonraí.

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Chomhairle 197 Iarratas Saoráil Faisnéise (FOI), 5 iarratas ar Rochtain chuig Faisnéis faoin gComhshaol (AIE), 13 Iarratas Rochtain Sonraí (DAR) agus 1 iarratas ar Athúsáid Fhaisnéis Earnála Poiblí (RSPI) in 2018.

Leanann saoráil faisnéise ag ídiú acmhainní suntasacha foirne an údaráis áitiúil, go háirithe i Tithíocht agus Pleanáil agus tá oiliúint eagraithe ar mhaithe lena chinntiú go ndéanann an fhoireann bainistiú ar iarratais sa bhealach is éifeachtúla agus is críochnúla agus is féidir lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí reachtúla.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Clár na dToghthóirí

Foilsíodh Clár deiridh na dToghthóirí do 2018/2019 ar 1 Feabhra 2018 agus tháinig sé i bhfeidhm ar 15ú Feabhra 2018.

An líon iomlán toghthóirí atá ar Chlár deiridh na dToghthóirí ná 157,799 agus seo leanas an miondealú ar na Toghcheantair:

| Toghcheantar | Líon na dToghthóirí | Toghcheantar | Líon na dToghthóirí |
|---|---|---|---|
| An Charraig Dhubh | 23,460 | Gleann Cuilinn/ Áth an Ghainimh | 23,330 |
| Dún Laoghaire | 33,399 | Cill Iníon Léinín/Seanchill | 26,991 |
| Dún Droma | 28,659 | Stigh Lorgan | 21,960 |

Foilsíodh Dréacht-Chlár na dToghthóirí do 2019/2020 ar 1 Samhain 2018. An líon iomlán a bhí ar an Dréacht-Chlár ná 164052.

## Oifig Dhún Droma

Reáchtáladh na cruinnithe seo leanas in Oifig Dhún Droma in 2018:

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Choiste Cheantar Dhún Droma | 18 |
| Cruinnithe SPC | 2 |
| Toscaireachtaí | 5 |
| Cruinnithe Eile Rannacha | 40 |
| Tithíocht - Cruinnithe / sínithe / agallaimh / RAS | 16 |
| Taispeántais / Léirithe Poiblí | 17 |
| Cruinnithe Faisnéise Poiblí | 3 |

### Scéimeanna Béile Scoile

Baineann 10 Bunscoil i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as an scéim.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Iniúchadh Inmheánach

Is é an príomhról atá ag Iniúchadh Inmheánach ná le dearbhú a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach, don Ardbhainistíocht agus don Chomhairle tofa go bhfuil na rioscaí éagsúla atá amach roimh an gComhairle aitheanta agus go bhfuil srianta inmheánacha cuí in áit chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tugann Iniúchadh Inmheánach tacaíocht leis don Choiste Iniúchta chun a chuid dualgas a chomhlíon-adh. Déanann Iniúchadh Inmheánach measúnú agus tuairiscíonn sé ar chórais inmheánacha rialaithe na Comhairle agus déanann sé moltaí faoi leasuithe nuair is gá. Cuireann Iniúchadh Inmheánach feidhm athbhreithnithe ar fáil don bhainistíocht lena chinntiú go bhfuil seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtúil, críochnúil, tíosacha chloíonn le ceanglais dhlíthiúla.

Chuimsigh príomh-ghnóthachtálacha in 2018:
- Scrúdaigh 10 réimse agus chuir na cinntí faoi 7 díobh faoi bhráid na Bainistíochta agus an Choiste Iniúchta
- D'eagraigh oiliúint Fhiosrúchán Calaoise do Líonra Iniúchta Inmheánaí an Rialtais Áitiúil, in R1 den bhliain.
- D'óstáil cruinniú náisiúnta de Líonra Iniúchta Inmheánaí an Rialtais Áitiúil.
- D'fhreastail ar dhá chruinniú de Líonra Iniúchta Inmheánaí Rialtais Áitiúil Réigiún an Oirthir agus Lártíre.
- D'fhreastail ar Chomhdháil Náisiúnta Institiúid Iniúchóirí Inmheánacha.

## Coiste Iniúchta

Le linn 2018 lean an Coiste Iniúchta ag déanamh monatóireachta ar an bpróiseas rannach bainistithe riosca. Reáchtáladh 6 chruinniú san iomlán de Choiste Iniúchta dlr in 2018.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014


Níor rinneadh aon Nochtadh Cosanta in 2018.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Ag teacht lena tiomantas le comhshaol sábháilte agus sláintiúil a bhunú agus a chaomhnú leanann dlr lena feidhm athbhreithnithe inmheánaigh agus comhairleach tríd an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta Corparáidí, le comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach, ar an Ardbhain-istíocht agus ar rannóga bainteacha faoi bhainistiú sábháilteachta agus sláinte gairme sa Chomhairle.

In 2018, leanadh leis an gCóras Bainistithe Sábháilteachta (SMS) a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a leasú, mar ba ghá.

Rinneadh iniúchtaí agus cigireachtaí go rialta ar oibreacha le saothar díreach agus ar conradh ar fud rannóga uile na Comhairle le linn 2018.







***Léiriú ar Imeachtaí***

## Turasóireacht

Tá réimse agus teaglaim leathan de shócmhainní turasóireachta ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá a thairiscint áirithe agus ar leith féin maidir le luach ar airgead aige agus tá obair iontach ar bun cheana féin ar fud an chontae chun an tairiscint sin a fhorbairt ar mhaithe le pléisiúr na ndaoine áitiúla agus cuairteoirí.

Mar chuid d'fheidhmiú na moltaí ó Phlean Straitéise agus Margaíochta Turasóireachta DLR chuir an tAonad Forbartha Turasóireachta roinnt príomhghníomhaíochtaí chun cinn. San áireamh iontu bhí:

- Forbairt agus dáileadh trí bhróisiúr/mapaí nua turasóireachta ag cur nithe ar díol spéise iad do chuairteoirí sa chontae chun cinn faoi na trí mholadh"Steall Uirbeach" "Idir na Línte" and "Is fiú go mór an Dreapadh".
- Réiteach sraith físeán nua ag cur turasóireachta chun cinn ag tacú leis na téamaí Steall Uirbeach, Idir na Línte agus Is fiú go mór an Dreapadh. Baineadh úsáid as na físeáin seo ansin ar ardáin mheán sóisialta turasóireachta DLR chun an contae a chur chun cinn.
- In 2018, rinne Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, le tacaíocht ó Fháilte Éireann, glaoch nua deontas cistithe ar mhaithe le Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí rannpháirtíochta. Bhí sé le tacú le féilte agus imeachtaí a mheallann cuairteoirí ó lasmuigh den chontae.
- In 2018d'oscail an tAonad Forbartha Turasóireachta Both ag na Miotail, chun tacú le heolas a chur ar fáil le haghaidh cuairteoirí chuig an Contae.Tá sé i gceist go dtabharfaidh an Both nua Turasóireachta seo, san áit atá sé suite ag Na Miotail, inrochtaineacht agus infheictheacht níos fearr chuig an tseirbhís.
- Forbairt Thionscadal píolótach Ghrianghrafadóireacht Turasóireachta i gcomhar le mic léinn as IADT Dhún Laoghaire. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal banc grianghraf Turasóireachta ar ardchaighdeán ar féidir a úsáid le turasóireacht a chur chun cinn a chur le chéile.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

- Ar an 26ú Aibreán d'óstáil Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Comhdháil Réigiúnach ar an ábhar Turasóireacht Inrochtana.
- Bunú Líonra Soláthraithe Turasóireachta DLR. Tháinig an líonra le chéile faoi dhó in 2018 (Márta & Samhain). Tá sé beartaithe an líonra seo a fhás le bheith mar struchtúr éifeachtach tacaíochta don turasóireacht sa chontae.
- I gcomhar le Fáilte Éireann agus Údaráis Áitiúla eile Bhaile Átha Cliath thacaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le clár chur chun cinn agus margaíochta thar lear ar Bhaile Átha Cliath mar cheann scríbe do chuairteoirí. Fáilte Éireann a threoraigh an tionscadal seo.
- I gcomhar le Cumann Ginealais na hÉireann ag a gcuid seastán ag na Taispeántais Saoire Domhanda i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath, ag cur chun cinn an Contae agus na seirbhísí taighde ginealais atá ar fáil don phobal ag Cartlann agus Ionad Taighde an Chumainn, An Daonchartlann, atá bunaithe in Ionad Fóillíochta DLR, Baile Uí Lachnáin.

## Eamhnú

In 2018 d'athcheangail DLRCC leis an dá chathair eamhnaithe atá againn go dtí seo, Brest sa bhFrainc agus Anglesey sa Bhreatain Bheag. Ta sé beartaithe forbairt a dhéanamh ar na caidrimh sin in 2019.

D'fhorbair Líonra Gnó na Carraige Duibhe caidreamh oibre le cathair Vincennes Páras na Fraince, in 2018. Chuimsigh sé óstáil a dhéanamh ar chuairt ó Vincennes i Bealtaine agus cuairt ar ais go Vincennes in Meán Fómhair chun féachaint ar fhorbairt chlár oibre malartach a d'fhéadfaí a eagrú. Tá sé beartaithe breis forbartha a dhéanamh air in 2019.



*Tagann RedBull Flugtag go Cuan Dhún Laoghaire*




*An Cathaoirleach an Comhairleoir Ossian Smyth ag ceiliúradh Bloomsday le Peter Caviston*



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

# Earnáil Teicneolaíochta Faisnéise

An Ról atá ag an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise ná:

- Nuálaíocht a bhaineann le TF a thiomáint agus a chumasú.
- Soláthar a dhéanamh chun seirbhísí nua TF via tionscadail a thabhairt isteach ar bhealach éifeachtach.
- Soláthar a dhéanamh chun seirbhísí reatha TF a sheachadadh ar bhealach éifeachtach ar fud na Comhairle.
- A bheith a obair agus ag tacú le tionscadail agus tionscnaimh náisiúnta TF.

Ghlac an Earnáil TF leis an gcreat ITIL chun go mbainfí amach sárchleachtas agus sár-éifeachtacht i seachadadh seirbhísí reatha.

Baintear feidhm as modheolaíochtaí bainistithe tionscadal (PMM) lena chinntiú go ndéantar conarthaí a bhainistiú agus tionscadail a ailíniú le Plean Corparáideach na Comhairle agus leis an bPlean Bliantúil Seachadta Seirbhísí agus ina theannta sin lena chinntiú go ndéantar tionscadail a sheachadadh ar bhealach atá tráthúil agus éifeachtach ó thaobh costas de.

Príomh-ghnóthachtálacha in 2018:
- Rinne an deasc freastail TF déileáil rathúil le 3,700 glaoch san iomlán in 2018.

Tugadh tionscadail criticiúla atá bainteach le bonneagar chun críche. Chuimsigh siad:

- Feidhmiú ballaí dóiteáin nua lena n-áirítear iomarcaíocht.
- Uasghrádú ar chroí-fhearas líonra.
- Ag cur naisc chumarsáide teip-aistrithe ar fáil chun suímh agus oifigí a bhaint.
- Feidhmiú Réiteach Athshlánaithe ó Thubaiste.

Cuireadh tús le roinnt mórthionscadal in 2018 atáthar ag súil go mbeidh torthaí claochlaithe uathu in 2019. Áirítear iontu:

- Forbairt Chóras Bainistithe Inneachar Fiontar, a chuirfidh feabhas suntasach ar an mbealach ina ndéanann an chomhairle bainistiú ar dhoiciméid agus ar thaifid agus a cheadóidh cuardach agus rochtain níos éasca ar thaifid don fhoireann.
- Forbairt comhéadan soghluaiste chuig ár gcóras CRM, ag cur ar chumas fhoireann na comhairle idirghníomhú leis an gcóras ó aon láthair.
- Forbairt tairseach poiblí isteach sa chóras CRM, ag cur ar chumas baill den phobal glaonna a logáil via an gréasán.
- Forbairt réitigh

Cuimsíonn tosaíochtaí in 2019 a bhfuil thuas a chur chun cinn, ag soláthar seirbhísí digiteacha feabhsaithe do chomhairleoirí, agus ag soláthar breis uirlisí comhoibríocha Office 365 don fhoireann ar fad.

# Seirbhís Ailtireachta

**40**
Uasghrádú seomra folctha






Folcadáin Dhún Laoghaire

**9** Rampa inrochtana do Chathaoireacha rothaí

**35**
Tionscadal éagsúla críochnaithe




Both Eolais nua do Thurasóirí



Uasghrádú ar Shráidbhaile Bhaile na Manach

Seomra na Comhairle nua





Mol Cathartha Nua

# Seirbhís Ailtireachta

Cuireann Rannóg na nAiltirí raon leathan seirbhísí tógála ar fáil sna catagóirí seo leanas:

## Tithíocht

**Tógáil:**
Leanadh leis an gClár Tithíochta, ar son na Rannóige Tithíochta, in 2018. Chuimsigh clár na n-oibreacha críochnú roinnt tionscadal ar an suíomh: 44 Aonad ag Cúirt Rosemount; 12 Aonad Mear-Sheachadta ag Plás Sheoirse; 10 Árasán ar an dtugtar "Na Driseacha" i nGleann na gCaorach; 3 theaghais nua ag Cnoc an Teampaill, An Charraig Dhubh agus 4 árasán ag 132 Bóthar na Potaireachta. Críochnaíodh Céim 3 den fhorbairt ag Teach Bhaile an Róistigh, An Naigín, leis, le tógáil 14 aonad.

Leanadh le tógáil le linn 2018 ar líon suntasach scéimeanna eile lena n-áirítear Páirc Mhic Gearailt – beidh na 50 aonad seo críochnaithe go luath in 2019. Tá na 21 teaghais ag Clás an Átha Leathain ag dul chun cinn go maith agus críochnófar iad níos déanaí in 2019. Rinneadh obair athchóirithe agus aisfheistiú domhain fuinnimh ar 12 teach ag Cúirt Moyola agus ar 6 theach ag Baile Uí Ógáin agus bhain siad sin leas as cistiú SEAI de 50% le haghaidh oibreacha fuinnimh.


*Plás Sheoirse, Dún Laoghaire*


*Plás Sheoirse, Dún Laoghaire*



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

Cuireadh tionscadail eile tithíochta chun cinn i dtreo staid na dtairiscintí lena n-áirítear scéim athnuachan Theach na Páirce atá le fógairt le tairiscintí a lorg i lár 2019, agus a thabharfaidh 4 árasán agus aonad siopadóireachta ach é a bheith críochnaithe go déanach in 2020 chomh maith le 2 árasán ag Ascaill Bhaile Uí Ógáin. Cuireadh dearaí chun cinn i leith Naomh Labhráis i Stigh Lorgan, Cúirt Bhaile Uí Ógáin agus Rockville agus táthar ag súil go mbainfear amach Cuid 8 dóibh sin in 2019.

**Mionoibreacha/Méaduithe:**
Chríochnaigh Earnáil na Mionoibreacha 40 uasghrádú seomra folctha, shuiteáil siad 9 rampa atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus chríochnaigh siad 35 tionscadal ilchineálach (m.sh. suiteáil greim-ráillí, tionscadail leathnaithe doirse, &rl.) in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae faoi Scéim Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2018. Críochnaíodh dhá mhéadú, chomh maith, do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Críochnaíodh méaduithe leis ar 37 Bailtín Rollins, 66 Bailtín Rollins, 2Léibheann Naomh Pádraig agus ar 18 Páirc Dhroichead Cloiche in 2018.

# Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

Leanann Rannóg na nAiltirí ag déanamh mórán ionchuir maidir le dearadh uirbeach agus comhairle faoi shaincheisteanna a bhaineann le ríocht phoiblí agus pleanáil ar feadh gníomhaíochtaí na Comhairle lena n-áirítear baile nua ag Coill na Silíní.

Críochnaíodh uasghrádú suntasach ar Shráidbhaile Bhaile na Manach go luath in 2018 a chuir feabhas mór ar chomhshaol an Bhaile. Tá tairiscintí faighte i leith oibreacha uasghrádaithe a dhéanamh ar Léibheann Haigh agus ar Phurláin LexIcon i nDún Laoghaire agus táthar ag súil go dtosófar ar an obair go luath in 2019. Ach é a bheith críochnaithe láidreoidh sé a thuilleadh na naisc idir Lár an Bhaile agus An tÉadan le hUisce chun teacht le polasaithe agus spriocanna Creat-Phlean Struchtúr Uirbeach Dhún Laoghaire.

# Foirgnimh Chathartha

I ndiaidh cead pleanála Cuid 8 a bheith faighte i leith Créamatóir nua agus oibreacha bainteacha ag Seangánach tá an obair chun líníochtaí tairisceana a réiteach faoi shiúl. Cuireadh tús, chomh maith leis an obair ar thionscadal Fholcadáin Dhún Laoghaire i mBealtaine 2018. Tá an obair ag dul ar aghaidh agus táthar ag súil go mbeidh an obair a bhaineann leis an infheistíocht shuntasach seo críochnaithe faoi R2 2020. Críochnaíodh both nua eolais do thurasóirí ar an suíomh in 2018, ag cur foinse dea-shuite eolais ar fáil do chuairteoirí go dtí an Contae.

Críochnaíodh an Mol Cathartha agus Seomra nua na Comhairle i Meitheamh 2018, ag cur saoráid nua-aimseartha seirbhíse do chustaiméirí ar fáil do bhaill an phobail agus spás nua-aoisithe, feidhmiúil agus go hiomlán inrochtana ar fáil le haghaidh cruinnithe uile na Comhairle.

Críochnaíodh méadú ar Ionad Pobail an Naigín agus lorgaíodh tairiscintí i leith méadaithe ar Theach Pháirc Seangánach. Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar Chlós Cheardlann Mharlaí lena n-áirítear soláthar Áiteanna chun Athraithe agus Seomra Folctha.

Tá clár oibreacha atá beartaithe á réiteach in 2019 i leith Chnoc na Raithní, Áth na Sceirí lena n-áirítear caifé theach cóiste, foirgneamh an túir agus pailliún spóirt.





# Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Cuireann an Rannóg Caomhnaithe i bhfeidhm Cuid IV (Oidhreacht Ailtireachta), den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 agus cuireann an rannóg comhairle ar bhaill an phobail agus ar a gcuid gníomhairí faoi gach gné den Oidhreacht Thógtha.

### Smacht ar Fhorbairt:

| Iarratais Phleanála lena n-áirítear FI & tuairiscí balbhshamhla | Fógraí Alt 5 | Fógraí Alt 57 | Comhairliúcháin Réamh-phleanála |
|---|---|---|---|
| 347 | 42 | 6 | 100 |

### Deontais Chaomhnaithe:

Riarann Rannóg na nAiltirí Scéimeanna Deontas bliantúil Caomhnaithe na Roinne Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta ar son na Comhairle Contae.

Scéim Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha (BHS) - €50,000 leithdháilte chuig DLR ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta.

| Líon tionscadal cistithe | Méid na gcistí giaráilte príobháideacha arna gcaitheamh ag iarrthóirí | Laethanta oibre cruthaithe (1 lá =8 Uair) |
|---|---|---|
| 12 | €345,022.33 | 661 |

Scéim Struchtúr i mBaol 2018 (SRF) –deonaíodh €30,000 ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta i leith dhá thionscadal.

| Líon tionscadal cistithe | Méid na gcistí giaráilte príobháideacha arna gcaitheamh ag iarrthóirí | Laethanta oibre cruthaithe (1 lá =8 Uair) |
|---|---|---|
| 2 | €138,781 | 272 |



*Tionscadal Ríochta Poiblí Bhaile na Manach*



*Cllr. Tom Murphy (An Cathaoirleach ó Mheitheamh 2017 go Meitheamh 2018) ag seoladh Campas Cathartha Samuel Beckett le Príomhfheidhmeannach Philomena Poole agus Marcella Murphy, Innealtóir Sinsearach*



*Plás Sheoirse, Dún Laoghaire*



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Bainistiú Fuinnimh

Tá Foireann Bainistithe Fuinnimh na Comhairle faoi cheannas Ailtire an Chontae agus déanann an tuarascáil (féach Iarscríbhinn 1) cur síos ar na príomhchéimeanna a tógadh le bliain anuas chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú i limistéir atá faoi fhreagracht na Comhairle.

## Ilghnéitheach

Lean Rannóg na nAiltirí in 2018 ag cur seirbhís chomhairleach ar fáil thar réimse leathan gníomhaíochtaí mar shuirbhéireacht chainníochta, soláthar, comhairle theicniúil, bainistiú foirgneamh agus tuarascálacha faoi staid foirgneamh, mar aon le comhairle a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá bainteach leis na hEalaíona.

Chuir an Rannóg cistiú ar fáil i dtreo 'Open House' do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin inar tugadh deis do bhaill den phobal cuairt a thabhairt ar áitribh phríobháideacha arna dearadh ag ailtirí, ar fhoirgnimh stairiúla agus ar shainchomharthaí nua le linn Dheireadh Seachtaine 'Open House' i nDeireadh Fómhair 2018.

Faoin gClár Ailtireachta in Éire Chruthaitheach 2018, réitigh ailtirí dlr dearadh i leith píosa ailtireachta aon-uaire ar a tugadh 'radhairc i bhfráma dlr'. Tugann an fráma eilimint nua isteach i spás a spreagann daoine ag dul thar bráid le stopadh, scíth a thógáil, idirghníomhú agus féachaint níos géire ar ní nó é a fheiceáil ar bhealach eile. Bhí an tionscadal seo tacaithe ag Rannóg na Leabharlanna, Rannóg na bPáirceanna agus ag Éire Chruthaitheach. Bhí an fráma suiteáilte i gCoill Ráth Michíl. Cuirfear píosaí eile ar scálaí difriúla a fheileann do shuímh dhifriúla chun cinn in 2019.

Tá cur síos ar bhreis sonraí faoi na tionscadail atá á gcur chun cinn ag na Seirbhísí Ailtireachta le haghaidh Rannóga Cliant le fáil faoina gceannteidil sheirbhíse.

Cuireann Rannóg na nAiltirí an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) i bhfeidhm maidir le Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha. Bhí 76 cás san iomlán d'fhoirgneamh contúirteach in 2018.

## Forbairt Phobail & Chultúrtha

ciste leabhar
**€700k**

Breis is **1 mhilliún** Cuairt leabharlainne

**521,418** Cuairt ar Lexicon

**€683k**
i nDeontais bronnta

**494** Grúpa cláraithe leis an PPN

**97**
duine óg ag déanamh ionadaíochta ar

**21** scoil atá páirteach in imeachtaí Chomhairle na nÓg

Music Generation DLR

Ealaíon agus cistiú poiblí

# Forbairt Phobail & Chultúrtha

Cuimsíonn an Rannóg seo réimse príomhsheirbhísí lena n-áirítear Na hEalaíona; An tSeirbhís Leabharlainne; Forbairt Pobail agus Cuimsiú Sóisialta.Tá na seirbhísí seo dírithe ar thacaíocht a thabhairt don fhorbairt phobail agus chun caighdeán na beatha agus folláine don uile duine a chur chun cinn.

## Forbairt Phobail

Cuireann foireann Forbartha Pobail na Comhairle réimse cuimsitheach tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil chun tacú le forbairt phobail agus le cuimsiú sóisialta mar aon le comhpháirteachas, rannpháirtíocht, saorálaíochas agus saoránacht ghníomhach an phobail in 2018. Cuireadh seirbhís chuimsitheach comhairle ar fáil do bhreis is sé chéad grúpa pobail agus eagraíocht dheonach agus leanann an Fhoireann ag feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála i leith eolais agus comhairle ag pobail áitiúla ar fud an Chontae.

Rinneadh clár oiliúna tógála acmhainne le haghaidh grúpaí pobail a fheidhmiú go céimneach in 2018.

### Deontais Phobail

Le linn 2018, bronnadh 293 deontas san iomlán ar ghrúpaí pobail agus grúpaí deonacha faoin Scéim Deontas Pobail. Cuireann na deontais ar chumas grúpaí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna áitiúla trí éagsúlacht tionscadal, imeachtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear Tionscadail an tSamhraidh a chuireann cláir ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus oideachasúla faoi mhaoirseacht ar siúl do dhaoine óga le linn tréimhse an tsamhraidh.

Seoladh córas nua iarratas ar dheontas ar líne na Comhairle in 2018 agus reáchtáladh 18 Cruinniú Eolais don Phobal ar fud an chontae sa bhfómhar chun páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas faoin bpróiseas agus faoin tairbhe a bhaineann leis an gcóras nua. Chuir foireann Forbartha Pobail treoir agus comhairle ar fáil faoin bpróiseas nua feabhsaithe.

### Fostaíocht Phobail

Lean an Chomhairle ag déanamh urraíochta ar Scéimeanna Fostaíochta Pobail dlr le 127 foghlaimeoir ar fud an Chontae. Chomh maith le tacaíocht a bhfuil géarghá leis a thabhairt do phobail chuidigh na scéimeanna seo le rannpháirtithe le cleachtadh luachmhar a fháil mar thacaíocht dá bhforbairt agus dul chun cinn pearsanta agus gairme agus le dul isteach i bhfostaíocht lánaimseartha. Bhí dul chun cinn go fostaíocht nó oideachas de 65% ann in 2018, figiúr atá thar a bheith suntasach.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018




*An tAire Cultúir Oidhreachta & na Gaeltachta Josepha Madigan agus An Cathaoirleach Cllr Ossian Smyth ag seoladh Réaltaí an tSamhraidh sa LexIcon*




*An Cathaoirleach Cllr Ossian Smyth ag 'Designathon' 2018*

## Imeachtaí Pobail

Reáchtáladh Dámhachtainí  Pobail & Saorálaíochais dlr i Samhain 2018 chun aitheantas a thabhairt don obair dhearfach a dhéanann grúpaí pobail agus daoine deonacha ina gcuid pobal ar fud Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, nuair a fuair 51 Grúpa Pobail agus 25 Oibrí Deonach aitheantas go foirmiúil.

Bronnadh dámhachtain ar oibrithe deonacha chun aitheantas a thabhairt dóibh agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar a gcion tairbhe dearfach do shaol an phobail i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bronnadh dámhachtain leis ar Ghrúpaí Pobail ar fud an contae as a gcuid oibre chun tacú le gníomhaíochtaí forbartha pobail, sna catagóirí seo leanas:Ba iad Baile Slachtmhar Dheilginse na Mór-bhuaiteoirí agus chuimsigh buaiteoirí catagóire; Buaiteoir Aoisbhá: Saoránaigh Scothaosta Lár Dhún Laoghaire, Buaiteoir Ealaíne & Cultúir: Féile Ealaíne & Cultúir Dhún Droma, Buaiteoir Fhorbairt Leanaí agus Óige: Tuismitheoirí ag cothú feasachta sna Leanaí, Buaiteoir Pobail & Mhórtas Cathartha: Cumann Áitritheoirí Shruthán na Cluana, Buaiteoir Comhshaoil: Foirgnimh Glasthule, Buaiteoir Sláinte & Folláine: Tacaíocht Ailse Theach Corcra, Buaiteoir Cuimsithe Sóisialta – Seirbhísí Cúraim. – buaiteoir – uasdátú ar chatagóirí : Gortú inchinne Faighte, Taobh le Taobh agus Cuimsiú Sóisialta – Seirbhísí áitiúla pobail – Buaiteoir: Speictream Oscailte.

## Clár Bia Sláintiúil

Rinneadh píolótú ar chlár idirchultúrtha, idirghlúnta bia sláintiúil ar an taobh thiar den Chontae in 2018. Leanfar leis ar fud an chontae in 2019.

## Saoráidí Pobail

Ceadaíodh Deontais Chúnamh Bainistíochta do shaoráidí pobail chun cuidiú le costais oibríochtúla agus reatha a tabhaíodh in 2018, agus sa chaoi sin cuireadh ar chumas na saoráidí seirbhísí cuimsitheacha luachmhara a chur ar fáil do phobail áitiúla.

Ina theannta sin cuireadh tacaíocht agus comhairle ar fáil do bhoird bhainistíochta agus coistí a dhéanann breis ia 30 saoráid pobail na Comhairle a bhainistiú.





Rinneadh Clár Líonra Saoráidí Pobail a fhorbairt ar fud an chontae in 2018. Féachann an Líonra le tacaíocht piara agus deiseanna foghlama do na Coistí Bainistíochta a fhorbairt fad a bhíonn seirbhís fheabhsaithe d'úsáideoirí agus do phobail áitiúla á seachadadh.

## Méaduithe le Foirgnimh Phoiblí

**Ionad Scothaosta agus Pobail an Naigín**

Tá an obair tógála mórán críochnaithe chun méadú aon stór atá ceangailte le hIonad Óige agus Pobail An Naigín a chur leis, le saoráid chónasctha a dhéanamh, agus osclófar go luath in 2019 é. Is féidir an méadú a úsáid mar Ionad do dhaoine Scothaosta agus ar mhaithe le grúpaí eile pobail. Cuimsíonn na saoráidí halla mór ilúsáide, halla fáilte agus spás stórála, leithreas amháin do dhaoine faoi mhíchumas, cistin agus oifig.

**Teach Pháirc Sheangánach**

Cuimsíonn an tionscadal méadú aon stór a chur leis an saoráid pobail seo a thabharfaidh spás le haghaidh daoine óga go príomha agus forsheomra nua sa mhéadú atá beartaithe, chomh maith le feabhas a chur ar inrochtaineacht chuig Teach Pháirc Sheangánach mar atá. I ndiaidh do Chuid 8 a bheith faofa i Mí na Nollag 2017, críochnaíodh an próiseas tairisceana in 2018 agus tosaíodh ar an obair ar an suíomh go luath in 2019.

*Ceann de mhórán taispeántas ar ardchaighdeán sa Ghailearaí Cathrach in dlr LexIcon*



## Gairdín Phobal Sheangánach

Tá foireann Forbartha Pobail na Comhairle ag obair leis an bpobal áitiúil chun Gairdín Phobal Sheangánach a bhainistiú. Cuimsíonn an gairdín 54gairdín scóir aonar le torthaí agus glasraí orgánacha a fhás iontu le h-ithe sa teach. Tá struchtúr bainistíochta curtha in áit agus tá an gairdín á fhorbairt mar shócmhainn bheoga pobail. Tá oiliúint curtha ar fáil ar an láthair agus tá clár oiliúna don óige beartaithe do 2019.

## Bainistiú Eastát

Lean an Chomhairle, tríd an gclár Bainistithe Eastát, ag obair leis agus ag cistiú Fóram an Chontae agus 12 Fóram Bainistithe Eastát ar fud an Chontae. Tá an comhpháirtíocht seo rí-thábhachtach mar chuidiú do gach Fóram i leith fheabhsúchán leanúnach na timpeallachta agus na n-eastát ina gcónaíonn siad, chomh maith le bheith ag cur le h-acmhainn ag an leibhéal áitiúil, trí oiliúint, líonrú agus tacaíocht leanúnach phraiticiúil agus airgeadais.

Ghlac Fóraim an Chontae, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar na 12 limistéar Bainistithe Eastát ar fad, páirt sna Dámhachtainí Mórtas Áite na hÉireann in 2018.Fógraíodh buaiteoirí i Samhain agus déantar comhghairdeas le Fóraim an Chontae as an dara áit a fháil sa chatagóir Eastát Tithíochta. Fuair roinnt Fóram Eastát aitheantas ag Gradaim Cheantair Shlachtmhar 2018, le Fóram Bainistithe Eastát Fhoirgneamh Ghlas Tuathail agus Fóram Bainistithe Eastát Sheangánach/Ráth Salach/Clifton fógartha mar bhuaiteoirí ina gcatagóirí ar leith féin. Bronnadh duais don dara áit ar Bhainistíocht Eastát Chill an Chrosaire, agus bhí Fearann na Cluana/ Páirc Mhic Gearailt mar chomh-bhuaiteoirí sa Tionscnamh is Fearr Bitheolaíochta. Eagraíodh oiliúint i mí na Nollag 2018 le hionadaithe ó na 12 Fóram Bainistithe Eastát i láthair. An téama a bhí ann ná athsmaoineamh faoi agus athshlánú ár gComhshaoil.

***An Cathaoirleach Cllr. Ossian Smyth, le Príomhfheidhmeannach Philomena Poole agus Baill de Chumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Dhún Laoghaire***












***Faisean Éagsúlachta&Damhsa Folláine do Dhaoine Scothaosta***

## Coiste Áitiúil Forbartha Pobail

Is Coiste é Coiste Áitiúil Forbartha Pobail dlr (LCDC) de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá 4 Chomhairleoir i mballraíocht an Choiste agus an príomhról atá aige ná le cur chuige comhtháite don fhorbairt áitiúil agus phobail sa Chontae a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm. Reáchtáil LCDC dlr sé chruinniú agus roinnt cruinnithe foth-ghrúpaí in 2018. Reáchtáil sé leis dhá cheardlann chun tacú le agus chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail dlr a chur chun cinn. Tá Tuarascáil Bhliantúil 2018 an LCDC ar fáil anseo: https://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/lcdc_annual_report_2018.pdf

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin(LECP)

Cuireadh nuashonruithe rialta ar fáil don LCDC maidir leis an dul chun cinn ar spriocanna agus spriocanna comhroinnte an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Is plean reachtúil straitéiseach sé bliana é seo do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fhéachann le tacú le forbairt eacnamaíochta agus pobail agus le leas an phobail. Maidir le príomh spriocann a bhí roinnt gnóthachtálacha ann le linn 2018 agus ina measc bhí riaradh an Chláir Fheabhsaithe Pobail (CEP).

D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail CEP le cistiú de €361,092 curtha ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i leith thionscadail bheaga caipitil. Rinne LCDC na hiarratais a riaradh agus ba ghá dóibh géilliúlacht le spriocanna straitéiseacha ó Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) dlr a léiriú. Ceadaíodh cistiú do Ghrúpaí Pobail chun athchóirithe agus oibreacha leasúcháin aitheanta a dhéanamh ar na saoráidí pobail seo leanas: Cúirt Chuilinn, Cúirt Eidhneach, Saoráidí Pobail Loreto agus Ionad Thionscadal Bhaile Breac. Thacaigh an CEP le breis is 42 grúpa pobail le tionscadail chaipitil ag cur ar a gcumas riachtanais a shásamh ina gceantair phobail ar leith féin. Reáchtáil an LCDC ceardlanna leis i Márta agus Bealtaine 2018 chun príomhghníomhaíochtaí sa LECP a aithint ina bhféadfadh comhoibriú idir ghníomhaireachtaí LCDC DLR a dhéanamh níos éifeachtaí. Tá Tuairisc Dhul Chun Cinn Bhliantúil LECP ar fáil anseo: https://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/lecp_annual_progress_report_2018.pdf

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr

Lean Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr (PPN), le tacaíocht ón Rannóg Forbartha Pobail &Cultúrtha, ag forbairt mar an príomh-nasc lena gceanglaíonn an t-údarás áitiúil leis na hearnálacha pobail, deonacha agus comhshaoil. Bhí 494 grúpa cláraithe leis an PPN faoi dheireadh 2018, méadú de 23.5% ó 2017. Tháinig Coiste Stiúrtha PPN le chéile ar bhonn míosúil chun clár oibre 2018 a phleanáil agus a eagrú. Reáchtáladh dhá chruinniú iomlánach de na baill in 2018.

Rinne 23 ainmní ionadaíocht ar son an PPN ar sé Choiste Straitéiseach Polasaí. Bhí ionadaíocht ag an PPN, chomh maith, ar an gCoiste Áitiúil Forbartha, an Comhchoiste Póilíneachta, an Tascfhórsa Tuaithe agus Grúpa Comhairleach Bhaile Átha Cliath Cliste. Rinne PPN dlr agus FM Bhaile Átha Cliath Theas píolótú ar dhá chlár raidió bunaithe ar a ríomhiris mhíosúil. Chuaigh an clár 'Ceangail Phobail' amach ar an aer i mí na Nollag agus beidh sé ar fáil mar phodchraoladh ar'dublinsouthfm.ie'agus'dlrppn.ie'. Chuir an PPN 8 seisiún oiliúna do na baill ar siúl i nDeireadh Fómhair, Samhain agus mí na Nollag 2018.

## Clár Forbartha Tuaithe

Tá clár LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath ann a chlúdaíonn ceantair roghnaithe tuaithe laistigh de limistéir na trí údarás áitiúil Bhaile Átha Cliath. I nDún Laoghaire-Ráth an Dúin clúdaítear ann Toghlimistéir Ghleann Cuilinn agus Tigh Bhródáin.

Tá clár LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath faoi cheannas Coiste Forbartha Phobal Áitiúil Fhine Gall, le Comhairle Contae Fhine Gall mar phríomhpháirtí airgeadais don Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil. An leithdháileadh iomlán cistithe do 2014 – 2020 le haghaidh chlár LEADER Bhaile Átha Cliath ná €6,370,438. Tá an clár á bhainistiú ag Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) atá roghnaithe as Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (LCDC) ó na trí údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath a bhfuil pobail tuaithe iontu. Ta suíocháin ag trí ionadaí as LCDC dlr ar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta LEADER agus reáchtáladh 6 chruinniú LAG in 2018.

Déanann clár cistithe LEADER foráil i leith gairmeacha am-shainiúla agus ar bhonn atrátha chun iarratais a dhéanamh ar chistiú. Chuimsigh gairmeacha spriocdhírithe in 2018:

1. Feabhas a chur ar Bhithéagsúlacht áitiúil leithleach agus ar éiceachórais Thuaithe Bhaile Átha Cliath -Clár Feasachta agus Oiliúna Bheochan Bithéagsúlachta. Buiséad €60,000
2. Feabhas a chur ar Bhithéagsúlacht áitiúil leithleach agus ar éiceachórais Thuaithe Bhaile Átha Cliath. Tacaíocht Bithéagsúlachta agus Caomhnaithe. €238,000
3. Clár Feasachta agus Oiliúna i leith Chaomhnú Uisce–tacaíocht i leith chlár oiliúna ar fud an phobail agus na hearnála gnó chun feasachta a chruthú agus samplaí dea-chleachtais i leith chaomhnú uisce a chur chun cinn agus a fhorbairt. €60,000
4. Feasacht agus tacaíocht le haghaidh bhonneagar agus indéantacht caomhnithe uisce ar scála beag a mhéadú - Tacú le suiteáil bonneagair ar scála beag mar shamplaí praiticiúla de dea-chleachtas i dtionscadail chaomhnaithe uisce atá á rith ag an bpobal. Cuimseoidh bearta úsáid uisce liath, bailiú uisce báistí agus soláthar butaí uisce. €239,168
5. D'oscail Tionscnamh Bia LEADER ar 1ú Bealtaine 2018; tá ciste €15mgo sonrachar fáil go 2020, le €5m de seo leithdháilte in 2018. Rinneadh iarratais go díreach le Comhpháirtíocht LEADER Fhine Gall agus rinne an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil measúnú orthu.
6. Ta sonraí na n-imeachtaí/cruinnithe beochana poiblí ar fud limistéar LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath ar fáil ag: http://dublinruralleader.ie

## Tascfhórsa Tuaithe Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Bunaíodh Tascfhórsa Dhún Laoghaire-Rath an Dún mar fhoghrúpa den LCDC chun comhtháthú chláir Fhorbartha Tuaithe agus SICAP a éascú agus mar chainéal cumarsáide go dtí LAG LEADER.Cuireadh nuashonruithe ó chruinnithe Tascfhórsa Bhaile Átha Cliath Tuaithe ar fáil don LCDC i rith na bliana.

Tharla cruinniú de Thascfhórsa Tuaithe dlr ar 10ú Bealtaine 2018 in Ionad Pobail Ghleann Cuilinn, a chuimsigh nuashonruithe faoi LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath. Chuir ionadaithe ó Chomhpháirtíocht LEADER Fhine Gall na nuashonruithe sin ar fáil agus lean plé ina dtaobh ansin.

## Comhchoiste Póilíneachta/ Fóraim Áitiúla Póilíneachta

Cuireadh tacaíocht ar fáil do Chomhchoiste Póilíneachta dlr (JPC) ar a bhfuil Gardaí Sinsearacha, Comhairleoirí Tofa, baill den Oireachtas agus ionadaithe as grúpaí pobail agus deonacha.

Tá 18 gníomhaíocht ar feadh trí Chuspóir Straitéiseach i bPlean Straitéiseach JPC 2016-2021:

1. Ag tacú le cosc a chur ar choireacht agus á chur chun cinn in dlr
2. Ag cur feabhais ar Shábháilteacht agus Slándáil an Pobail in dlr
3. Ag éascú rannpháirtíocht agus comhoibriú an phobail i leith saincheisteanna sábháilteachta.

In 2018, reáchtáil JPC dlr trí chruinniú, lena n-áirítear cruinniú poiblí amháin ar 20ú Samhain. D'fhreastail baill Choiste Áitiúil an Fhóraim Póilíneachta agus thug siad ionchur ag ceardlann athnuachana i Feabhra 2018 faoi na moltaí a d'eascair as an Athbhreithniú ar Fhóraim áitiúla Póilíneachta. Tá an t-athbhreithniú mar sprioc sa Straitéis sé bliana 2016-2021.

Reáchtáladh cruinniú de chathaoirligh LPF i nDeireadh Fómhair 2018 inar thángthas ar chomhaontú faoi na príomh-mholtaí, lena n-áirítear: Tá Grúpa Oibre bunaithe, Doiciméad faoi na príomh-phrionsabail á fhorbairt, Pleananna Oibre Bliantúla réitithe.

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2018 an JPC ar fáil anseo: https://www.dlrcoco.ie/sites/default/files/atoms/files/dlr_jpc_annual_report_2018.pdf




***Eolaithe agus innealtóirí óga ag Designathon 2018***

## Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Is iad Coistí na Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) an príomh-hstruchtúr a bhfuil aitheantas faighte acu ón Rialtas chun seirbhísí don leanaí agus daoine óga a phleanáil agus a chomhordú i ngach contae in Éirinn. Is é an cuspóir foriomlán atá leo ná an méid atá i ndán do leanaí agus daoine óga a fheabhsú trí obair idirghníomhaireachta áitiúil agus náisiúnta.

Leanadh leis an obair chun CYPSC dlr a fhorbairt trí aithint riachtanas agus tosaíochtaí a chuideoidh le Dréachtphlean Idirghníomhaireachta 3 bliana atá á fhorbairt anois a oiliúint.

## Comhairle na nÓg

Reáchtáladh Cruinniú Chinn Bhliana (AGM) Chomhairle na nÓg dlr ar 15ú Samhain le 97 duine óg i láthair ag déanamh ionadaíochta ar mheánscoileanna ar fud an Chontae. I ndiaidh comhairliúcháin le Daoine Óga an téama a bhí ann le haghaidh AGM 2018 ná "Ag Cur Tús leis an gComhrá". D'aontaigh Comhairle oibriú ar an topaic de drugaí agus alcól in 2019.

Rinne Baill Chomhairle cur i láthair don LCDC i Feabhra agus ag Cruinniú na Comhairle sa Bhealtaine. Ghlac Comhairle dlr páirt i gcomhairliúchán óige CYPSC a d'éascaigh agus a reáchtáil Seirbhísí Óige Cros-chúraim. Ghlac Comhairle dlr páirt leis i gcomhairliúchán le Leanaí agus le Daoine Óga chun Dréachtphlean Leanaí agus daoine Óga dlr, atá á fhorbairt, a oiliúint.





## Plean dlr do Leanaí agus daoine Óga 2019 – 2021

Cuireadh tús leis an bpróiseas le Plean Leanaí agus daoine óga dlr in 2018 leis an aidhm le tacaíocht a thabhairt don Chomhairle Contae le gníomhaíochtaí a aithint, chun torthaí feabhsaithe do leanaí agus do daoine óga atá ina gcónaí sa cheantar a chur chun cinn agus a bhaint amach.

Chuaigh Foireann an Phobail i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga i Samhain 2018 chun a gcuid tuairimí a lorg faoi céard a thaitníonn leo faoi bheith ina gcónaí ina gceantar féin agus faoi na deiseanna atá ann chun áit níos fearr fós a dhéanamh le haghaidh leanaí agus daoine óga a bheith ina gcónaí ann sa todhchaí. Oilfidh na sonraí a bailíodh Plean Leanaí agus Daoine Óga Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr)agus cuideoidh sé seo leis chun Plean Idir ghníomhaireachta CYPSC DLR a oiliúint. Tabharfaidh sé sin foramharc ar réimse seirbhísí agus saoráidí na Comhairle i leith leanaí agus daoine óga a thacaíonn lena gcuid folláine agus caighdeán na beatha. Tá an Plean le bheith críochnaithe in 2019.

***Spraoi lasmuigh i bPáirc Chábán tSíle faoi ghrian an tsamhraidh!***



# Forbairt Shóisialta agus Cuimsiú Sóisialta

D'fhan an príomhfhócas ar chur chun cinn éiteas cuimsithe sóisialta, le tacaíocht agus comhairle curtha ar fáil chun eisiamh sóisialta a laghdú agus le luach a chur ar éagsúlacht cultúrtha. Cuireadh tacaíocht ar fáil do Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann le leanúint le Clár an Bhrait Bhuí, atá ina thionscnamh forásach cothromaíochta agus éagsúlachta do bhunscoileanna agus meánscoileanna a chuireann chun cinn agus a thacaíonn le comhshaol i leith idirchultúrachais.

D'óstáil dlr i bpáirtíocht le Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe an Taobh ó Dheas "Taistealaithe ina Seasamh ag an gCrosbhóthar" inar phlé toscairí topaicí faoi chultúr, stair, eitneachas agus sláinte Taistealaithe agus lean seisiún ceisteanna agus freagraí leis an lucht éisteachta.
Lean dlr ag tacú le Fóram Comhtháite Mionlach Eitneach dlr atá ina líonra atá á threorú ag imircigh de ghrúpaí mionlach eitneach atá bunaithe sa Chontae. Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil lena n-áirítear forbairt ábhair chur chun cinn agus faisnéise a bhaineann leis an ngrúpa, cé hiad féin, céard a dhéanann siad agus conas is féidir a bheith rannpháirteach.

D'oibrigh "Féile Cuimsithe" 2018 chun feasacht agus tuiscint faoi chuimsiú agus éagsúlacht ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a mhéadú. Ba é téama 2018 ná "Ár nOidhreacht Chultúrtha: An Áit a dtagann an Stair agus an Todhchaí le Chéile" Aithníonn agus ceiliúrann an Fhéile an obair atá déanta ag an iliomad grúpaí deonacha agus gairmiúla ag obair go háitiúil chun tacú le torthaí dearfacha agus chun saol na dteaghlach, cairde agus comharsan a fheabhsú.

*Taispeántas Double Vision*







Reáchtáladh Féile Cuimsithe 2018 idir 5 – 13 Deireadh Fómhair le breis is 70 imeacht ar fud an Chontae. Ar na tionscnaimh nua in 2018 bhí Feasacht faoi Uathachas – Caint le Adam Harris (AsIAm), Laethanta Oscailte Sheid na bhFear, Seisiúin Trialacha de Chleachtadh Gníomhach Fóillíocht dlr) agus Cóisir Tae Idirchultúrtha (Fóram Chomhtháthú Mionlach Eitneach dlr)/Líonra dlr do Dhaoine Scothaosta). Chuimsigh príomh-imeachtaí eile 5k dlr, Seó Faisin Éagsúlachta, An Cantain Mór, Comórtas Líníochta na mBunscoileanna agus Bricfeasta Idirnáisiúnta na mBan.

Lean dlr ag tacú le "Féasta Sráide" an lá ar fud na tíre do chóisirí sráide agus do cheiliúradh pobail, le 75 Féasta Sráide ag tarlú ar fud dlr in 2018.

# Clár Aoisbhá

Thacaigh an Comhaontas Aoisbhá, le tacaíocht ón bhfoireann Forbartha Pobail, le seachadadh réimse gníomhaíochtaí ó Straitéis Aoisbhá dlr 2016-2020.

Rinneadh roinnt tionscnamh a sheachadadh, lena n-áirítear suiteáil dhá Bhord Draíochta i leabharlanna Lexlcon dlr agus Ghráinseach an Déin. Bhí na boird draíochta seo nó Tovertafels, ar na céad samplaí dá leithéid, in Éirinn. Is tionscnamh é an Bord Draíochta ón Ollainn a bhfuil gradaim buaite aige agus cáil bainte amach aige as a chur chuige ceannródaíoch i leith chúram néaltraithe. Tá an teicneolaíocht deartha chun cuidiú leo sin atá ag an staid níos déanaí dá dturas néaltraithe chun a bheith níos gníomhaí agus chun tréimhsí beaga sonais a chruthú. Sraith cluichí idirghníomhacha atá ann atá á dteilgean anuas ar bhord.

Le tacaíocht ó dlr cuireadh Seirbhís Comhordaithe Tacaíochta do Dhaoine Scothaosta ar fud an Chontae le 416 duine scothaosta cuidithe chun rochtain a fháil chuig seirbhísí nó tacaíocht go dáta. Ina theannta sin lean dlr ag tacú le seirbhísí déanta cairdis do dhaoine scothaosta sa phobal trí Scéim na nDeontas Pobail, ar mhaithe le huaigneas agus aonrú a mhaolú. D'eagraigh "Ag Déanamh Ceangal" cuairteanna seachtainiúla ar 61 duine scothaosta i dlr in 2018 agus cuireadh oiliúint agus maoirseacht tacaíochta aonair ar 60 oibrí deonach cairdis, agus ceapadh deichniúr i róil dheonacha i dlr lena n-áirítear róil sa chúl-oifig, agus róil foth-rochtana pobail agus ar an gcoiste feachtais.

Cuireadh tacaíocht ar fáil leis i leith réimse tionscnamh Aoisbhá lena n-áirítear obair Líonra dlr do Dhaoine Scothaosta agus Cumann Daoine Scothaosta an Garda Síochána.

Beidh Tuairisc Dhul Chun Cinn Bhliantúil Aoisbhá dlr 2018 ar fáil ag an nasc seo: DLR Age Friendly County | Dún Laoghaire-Rathdown County Council.

# Seirbhísí Leabharlainne

Thug 1,041,363 duine cuairt ar Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in 2018, le cuairteanna ar dlr LexIcon ag beagnach 1,800 ar an meán in aghaidh an lae. De réir staitisticí NOAC, tá Seirbhís Leabharlainne dlr go hard os cionn an mheáin náisiúnta de 3.6 chuairt in aghaidh an duine sa daonra in aghaidh na bliana, ag 4.8 chuairt ar bhrainsí Leabharlainne dlr. Le blianta beaga anuas tá Seirbhís Leabharlainne dlr tagtha isteach go seasta sna 3 sheirbhís is airde go náisiúnta i leith eisiúintí; Eisíodh beagnach 1.4milliún mír ar feadh na seirbhíse leabharlainne in 2018, lena n-áirítear 200,000 milliún mír ar líne de e-acmhainní. Cuireann ciste leabhar de €700,000 ar chumas Sheirbhís Leabharlainne dlr leanúint ag infheistiú inar mbailiúcháin éagsúla suimiúla. Lean Leabharlann DLR ag cur lena tairiscint ar líne, agus tá seirbhís shruthaithe ceoil 'Freegal' curtha ar fáil in 2018. Roghnaíodh Lexicon dlr le haghaidh sheoladh náisiúnta na straitéise nua leabharlainne poiblí 'Ár Leabharlanna Poiblí 2022' in 2018, agus leanann feidhmiú céimneach an phlean gan stad, lena n-áirítear deireadh a chur le fíneálacha leabharlainne, céim atáthar ag súil, a chuideoidh le figiúirí ballraíochta a mhéadú.

Bhí breis is 63,000 ball cláraithe ag Seirbhís Leabharlainne Dlr ag deireadh mhí na Nollag 2018, agus is ionann sin agus 29% dár gcuid áitritheoirí, beagnach dhá oiread an mheáin go náisiúnta. Leanann ardáin mheáin shóisialta Leabharlanna ag tairiscint bealaí tarraingteacha chun feasacht a ardú faoin ár gcuid seirbhísí agus ócáidí, le breis is 4,000 leanúnaí ar Facebook, breis is 6,500 ar Twitter agus 1,200 leanúnaí ar Instagram ag deireadh 2018. Mhéadaigh rannpháirtithe dár e-fheasachán coicísiúil de 88% idir deireadh 2017 agus 2018. Fuarthas rochtain chuig suíomh gréasáin Leabharlanna dlr breis is 260,000 uair. Fuarthas rochtain chuig 183,000 seisiún idirlíne nó wifi sna Leabharlanna.

I Samhain 2018 thug Seirbhís Leabharlainne DLR isteach seirbhís phíolótach 'Mo Leabharlann Oscailte' i Leabharlann Ghráinseach an Déin; an t-aon údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath a rinne a leithéid.

***Seoladh 'Mo Leabharlann Oscailte' agus Ócáid Theach Solais***









***An Cathaoirleach Cllr. Ossian Smyth ag seoladh Leabharlanna Oscailte le Oonagh Brennan, Leabharlann Ghráinseach an Déin agus Mairead Owens, Leabharlannaí an Chontae***

CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

Tugann an tseirbhís bhreise seo uaireanta oscailte méadaithe ó 8.00am go 10.00pm, seacht lá na seachtaine, 365 lá sa bhliain. Freagraíonn an tionscnamh seo do thiomantas CCDLR chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Tugann Seirbhís leabharlainne dlr 382 uair rochtana chuig brainsí leabharlainne dá cuid anois

## Comhpháirtíochtaí

Leanann Seirbhís Leabharlainne DLR ag scrúdú deiseanna le haghaidh comhoibrithe le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (UCD) ar oideachas, tionscadail cartlainne agus digitithe. Bhí clár taispeántas tarraingteach ann i gcomhar le hambasáid éagsúla. Rinneadh óstáil ar 23 Taispeántas san iomlán i LexIcon dlr agus thaisteal 8 díobh go brainsí eile. D'oibrigh Seirbhís leabharlainne DLR leis le hÚdaráis eile Bhaile Átha Cliath agus sheoil siad feachtas le ballraíocht leabharlainne a chur chun cinn. I measc comhoibrithe laistigh de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin bhí 'Ironman' agus 'Lá Amuigh ag Madraí'. Cruthaíodh comhpháirtíochtaí nua leis an Músaem Muirí, Otharcharr Naomh Eoin na hÉireann, Coiste Chéad Bliain Laighin, Cumann Chogadh Mór na hÉireann, Stair Bheo Míleata WW1 agus Cumann Raidió agus Fuaime Seanré na hÉireann le linn na réitithe le haghaidh chomóradh chéad bhliain an RMS Leinster ar 10ú Deireadh Fómhair, 2018. I measc comhpháirtithe nua eile bhí PRISM dlr, Institiúid Chonfúiceach in UCD, Cumann Meán na Síne Éireann, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Clár Léitheoireachta Peata, Fleadh Bhaile Átha Cliath, Soilse Éireann, Coiscéim agus tionscadal Mhúsaem na hÓige. Bhí Leabharlanna rannpháirteach leis le Giniúint an Cheoil i gclár spreagúil ceoil ar fud na mbrainsí ar fad.

## An Clár Cultúrtha

Tharla clár cultúrtha beoga agus fadréimseach ar fud líonra na mbrainsí le thart ar 2,500 imeacht, a mheall beagnach 64,200 de lucht freastail. Bhí 640 imeacht i LexIcon dlr ann féin le thart ar 40,100 de lucht freastail in 2018. Chomhlánaigh mórán na n-imeachtaí tionscnaimh náisiúnta ar nós Éire Chruthaitheach, Éire Shláintiúil, Tábhacht na hOibre agus an Feachtas Chead Léitheoireachta. Reáchtáil LexIcon dlr 3 lá Teaghlaigh i Feabhra, Meitheamh agus Deireadh Fómhair – a mheall beagnach 10,000 duine.

Faoi scáthchlárú Éireann Cruthaithí rinneadh Cruinniú na nÓg (lá cruthaitheachta do leanaí) a cheiliúradh go náisiúnta i Meitheamh. Mheall imeachtaí Chruinniú na nÓg in LexIcon dlr breis is 2,100 rannpháirtí. Reáchtáladh Céilí Mór do Bhliain na Gaeilge 2018 i bPáirc Mharlaí i Meán Fómhair agus reáchtáladh Imram na nÓg (lá don teaghlach le himeachtaí uile as Gaeilge), i nDeireadh Fómhair. Rinneadh comóradh ar bhá RMS Leinster mar ócáid stáit le clár imeachtaí agus cainteanna a mheall thart ar 3,200 cuairt ar LexIcon dlr ar 10ú Deireadh Fómhair.

Faoin bhfeachtas náisiúnta litearthachta Cearta Léitheoireachta seoladh clár Réalta an tSamhraidh i Meitheamh. Chláraigh iomlán de 2,500 leanbh le haghaidh chlár Leabharlanna dlr, méadú le 47% ón mbliain roimhe sin, ag léamh breis is 24,000 leabhar thar an tréimhse trí mhí. Seoladh scéim phíolótach léitheoireachta le Sophie, ina léann léitheoirí a bhfuil easpa muiníne orthu do Sophie, madra teiripe Peata. Fuair seirbhís Leabharlainne DLR gradam Seaimpín Chearta Léitheoireachta ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. I measc buaicphointí liteartha bhí an 10ú Comóradh Bliana ar Fhéile Leabhar Sléibhte go Farraige in 2018. Fuair an Fhéile clúdach preas moltach le himeachtaí agus údair faoi thrácht ar raidió agus sna páipéir áitiúla agus náisiúnta. Bhí an Fhéile ar siúl ó 21ú go 25ú Márta le 56 imeachtaí in ionaid i nDún Laoghaire agus i nDún Droma. Chuimsigh siad léitheoireacht, ceardlanna, díospóireachtaí painéil agus bronnadh gradam le lucht éisteachta de bhreis is 5,300 san iomlán. Rinneadh Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar an Domhnach 11ú Márta. I measc na mbuaicphointí bhí file agus critic Meiriceánach Robert Pinsky, úrscéalaí chlúiteach Ali Smith, Jennifer Johnston agus údar an scéil a bhfuil an-mheas air 'Eleanor Oliphant is Complete Fine-Gail Honeyman. Chuimsigh an clár do Theaghlaigh agus do Scoileanna 'Secrets of Superhero Science, Atinuke, Eoin Colfer agus Vivian French. Bhí tráthnóna le gníomhaí polaitíochta Afracach-Meiriceánach, a bhfuil clú domhanda bainte amach aici, Dr. Angela Davis, mar bhuaicphointe na Féile.

I measc imeachtaí eile a raibh tóir orthu bhí Guthanna Leabharlainne dlr a rinne sár-thaispeáint faoi údair mór le rá a tháinig ar cuairt lena n-áirítear Sebastian Faulks, John Boyne agus -- Perry. D'óstáil seirbhís Leabharlainne dlr leis '100 Dán; Bailiúchán de na dáin is mó a bhfuil gean orthu le Seamus Heaney san Amharclann Pailliúin' Lá Domhanda na Leabhar i Márta, Cathair Amháin Leabhar Amháin in Aibreán.







***An Cathaoirleach Cllr. Ossian Smyth ag Dúshláin Chruthaithe LEGO sa LexIcon***

Tharla Imeachtaí Aoisbhá le linn Féile na Bealtaine i mBealtaine chomh maith le himeachtaí idir-ghlúine ar nós ceardlanna Lego agus seoladh Club Cineama Scáileáin an Airgid nua in LexIcon.

Cuireadh méadú leis an gclár for-rochtana chun Mol nua do Dhaoine gan Dídean i mBaile na Manach a thabhairt isteach, le seachadadh pacaí bronntanas 'Is Breá le Naíonáin Leabhair' chomh maith le stoc leabhar atá sa bhreis chuig an Mol. Cuireadh tionscadal úrscéil ghrafaigh leis na cailíní Taistil ó STAG ar ghearrliosta le haghaidh Ghradam Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil leis agus fuair sé ardmholadh.
Ceapadh Scríbhneoir Cónaitheach Nua, Sarah Maria Griffin, chun clár beoga imeachtaí agus oibreacha a chruthú. Rinne Cartlannaí Cónaitheach nua léiriú ar thaispeántais agus tá sé/sí ag obair ar thionscadal digitithe chun cur le réimse an bhailiúcháin de Staidéir Áitiúla.

## Digitiú

Rinne Leabharlanna dlr infheistíocht i seirbhísí digiteacha dá cuid brainsí leabharlainne uile le tacaíocht a tháinig as iarratas cistithe rathúil chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Thacaigh an infheistíocht le forbairt brainsí leabharlainne dlr mar ionaid dhigiteacha foghlama agus nuála, ag tabhairt rochtana d'úsáideoirí chuig na teicneolaíochtaí is déanaí agus ag tacú le glacadóirí nua na teicneolaíochta idir shean agus óg. Cuimsíonn trealamh cláir bháin idirghníomhacha le haghaidh ceardlanna agus saoráidí seomraí cruinnithe, ríomhairí nua, ríomhairí glúine, táibléid, trealamh podchraolta agus trealamh uap-chumasaithe luchtaithe fóin. Ceannaíodh Sprout Pro HP chun foghlaim chruthaitheach dhigiteach a chur ar fáil d'úsáideoirí Leabharlann Ghráinseach an Déin. Ceannaíodh scáileáin TLC le haghaidh na mbrainsí leabharlainne ar fad, chomh maith le comharthaíocht dhigiteach. Cuireann sé seo ar chumas na foirne inneachar a chruthú ar mhaithe le cur le réimse Leabharlanna agus cumarsáid níos fearr a bheith ann le húsáideoirí reatha agus úsáideoirí ionchasacha sheirbhís Leabharlainne dlr. Tá aip Leabharlainne á fhorbairt agus ceaptha le seoladh in 2019. Cuireadh priontáil, fótachóipeáil agus scanadh féin-seirbhíse via Surfbox don phobal i bhfeidhm, ag scaoileadh leis an bhfoireann chun tascanna eile a dhéanamh agus ag tabhairt níos mó smachta d'úsáideoirí agus géilliúlacht le rialacháin uasdátaithe gdpr.

In 2018, lean ár gclár triallach foghlama i Saotharlann Lexlcon ag dul ó neart go neart. Rinneadh óstáil ar Fhéile Deartha leis an téama "Saol ar Thalamh" i Lexlcon dlr i Samhain le 34 páiste anseo ag nascadh le 500 páiste eile go hidirnáisiúnta. Reáchtáladh Campa Fiontraí Stem TY i nDeireadh Fómhair/Samhain le 60 scoláire. Aithníodh rath agus luach an Champa STEM agus d'éirigh le Leabharlanna dlr breis cistithe a fháil ó Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann i leith Champa 2019. Reáchtáladh 'Hackathon' i mí na Nollag le 15 scoláire. An téama a bhí aige ná "Maireachtáil Chuidithe"; an aidhm a bhí ann ná moltaí a fhorbairt agus a dhearadh i leith tacaíochta ag baint úsáide as scileanna STEM. Ar na cláir Saotharlainne eile a raibh tóir orthu bhí priontáil 3 thoiseach do dhaoine fásta chomh maith le do ghrúpaí scoile, ceardlanna nua Réaltachta Fíorúla do ghrúpaí scoile agus ceardlanna leis an nGearrthóir Vinile a fuarthas le déanaí. Sheoil Leabharlanna dlr dhá 'Tovertafel (Boird Dhraíochta), ceann do Leabharlann Lexlcon agus ceann do Leabharlann Ghráinseach an Déin, le haghaidh daoine fásta agus leanaí le riachtanais speisialta, agus ceannaíodh bord 'edutainment' le cluichí oideachasúla do leanaí don Saotharlann. Seoladh foirne Coigilte Fuinnimh sa Teach in 2018 le tógáil ar iasacht as Leabharlanna uile dlr.

## Clár Ealaíne

Sheachaid seirbhís ealaíne na Comhairle clár cuimsitheach imeachtaí, cónaitheachtaí agus coimisiún in 2018 agus rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí forbartha ceoil agus rannpháirtíocht ealaíne an Phobail.Thacaigh an Chomhairle le breis forbartha in earnáil na n-ealaíona trí dheontais, sparánachtaí agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil.

### Forbairt Fhoirm Ealaíne

Clár Forbartha Ceoil: Mar chuid de Chlár Forbartha Ceoil na hOifige Ealaíona tacaíodh le trí chór san ionad oibre sa Chontae – ceann leis an FSS, ceann le hInstitiúid Breisoideachas na Carraige Duibhe agus ceann le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tháinig baill an trí chór le chéile le haghaidh ceolchoirm i Stiúideo Lexlcondlr ar 4ú Nollaig.

Bhí 3 chónaitheacht cheoil ann chomh maith in 2018. Bronnadh an dá chónaitheacht do dhaoine sean-chruthaithe ar amhránaí agus scríbhneoir amhrán Susan McKeown, agus ar phianódóir agus cumadóir Conor Linehan; Bronnadh an chónaitheacht éiritheach ar ealaíontóir fuaime agus cumadóir Craig Cox. D'oibrigh an triúr acu ar cheol nua a bhfuil baint dhíreach aige nó a fuair inspioráid ón gceantar agus tharla mórán ceolchoirmeacha agus imeachtaí i gcomhrá in Lexlcon dlr a bhí oscailte don phobal. An aidhm atá leis an Scéim Chónaitheachta Ceoil ná deiseanna a chur ar fáil chun an obair nua a fhorbairt agus a chur os comhair an phobail. Tá an Scéim á comhchistiú ag an gComhairle Ealaíona agus á bainistiú ag Líonra an Cheoil ar son dlr.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

**Is clár comhpháirtíochta é Exit 15**, le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Ealaíona Deonacha na hÉireann a oibríonn le daoine nó le heagraíochtaí atá ina gcónaí, ag obair agus lonnaithe i gceantar Bhaile Uí Ógáin, a bhfuil an rannpháirtíocht ina chroí agus leanann an tionscadal seo ag cur béime ar an gcaoi le cláir chultúrtha a dhearadh atá ag freagairt do agus a bhaineann le h-ionchur a fháil ó dhaoine áitiúla ón gcéad lá. Seoladh mórán tionscadal in 2018, mar shampla "A Bird in the House, God Bless her" bailiúchán físeán ag léiriú ábhair ón bpobal áitiúil Taistealaithe nár cuireadh ar scannán riamh roimhe seo, scéalta a bhaineann le cuimhní cinn agus téacsanna don iliomad bailitheoir seanchais.

**Seideanna na bhFear:** In 2018 rinne Comhpháirtíocht Ealaíona agus Sláinte dlr/FSS cistiú ar 2 chlár in Adhmadóireacht Mhín le haghaidh grúpaí áitiúla Seideanna na bhFear. Reáchtáil Fachtóir Chaïm as Stiúideo Hill Picket na cúrsaí. Ina theannta sin tugadh cuireadh do bhaill Seideanna na bhFear ón gContae páirt a ghlacadh i dTionscadal Ceirde Míne, ag tosú go déanach i Meán Fómhair agus ag críochnú le taispeántas sa Ghailearaí Cathrach, Lexlcondlr, in Aibreán 2019.

**Coimisiún Caterpillar (Sprid Neanta):** 'Cruthaíodh an 'Leanbh Cailéideascópach' i gcomhoibriú le leanaí agus oideachasóirí luathbhlianta i gCúram Leanaí Pobail Bhaile Uí Ógáin, i gCampas Cathartha Samuel Beckett. Bhí an súiteán idirghníomhach ilchéadfach oscailte don phobal le himirt air agus le scrúdú go luath i Samhain 2018 i Seomra Tionscadal, Lexlcon dlr agus reáchtáladh sraith ceardlanna do leanaí luathbhlianta agus do leanaí le riachtanais choimpléascacha.

***Seoladh saoráil uathúil Tovertafel sa LexIcon dlr***



**Na hEalaíona & Míchumas:** I mí Bealtaine thacaigh an Oifig Ealaíona le sár thaispeántas le breis is 75 rannpháirtí ar ar tugadh 'Siúd Leat tríd na hEalaíona'(Take Off Through the Arts), tionscnamh nua áitiúil ina raibh ealaíontóirí ag obair le daoine ata faoi mhíchumas intleachta sa Chontae. Thacaigh an Chomhairle le Compántas Amharclannaíochta Loaded Dice, All in Arts agus le hAcadamh Amharclannaíochta Blue Diamond le teacht ag obair le chéile agus chun cuidiú lena bhforbairt ealaíonta trí dheiseanna meantóireachta.

Reáchtáladh **Oíche Chultúir** Dé hAoine an 21ú Meán Fómhair in LexIcon dlr le clár iomlán imeachtaí agus léirithe. Ina measc bhí ceoltóirí óga as Ensemble Cheol Traidisiúnta Chumann na nÓg, ceolchoirm giotár le Drazen Derek agus scéalaí Fiona Dowling. Bhí an taispeántas 'Sea Change IADT: 21 bliain den ealaín, scannán agus beochan' ar oscailt sa Ghailearaí Cathrach, le ceardlanna priontála agus fíodóireachta i Seomra na dTionscadal ar feadh an tráthnóna. Ba bhuaicphointe an tráthnóna an Ceolfhoireann Coirme Newpark in éineacht le ensemble áitiúla óige ag léiriú 'Orchestral Ages' – tionscadal chun cumadh ceoil idirghlúine a cheiliúradh agus a spreagadh. Rinne siad an chéad léiriú de 'Lá Cois Farraige' a rinneadh a choimisiúnú tríd an Oifig Ealaíona agus a chum Vincent Kennedy.

## Ealaín Phoiblí

Cheadaigh an Chomhairle Polasaí Nua Ealaíne Poiblí 2018 -2025 in 2018. Tabharfaidh an polasaí treoir maidir le bainistiú agus coimisiúnú na hEalaíne Poiblí sa Chontae.

Tugadh faoi thrí choimisiún nua Ealaíne Poiblí in 2018 -

- **Life Memos** a bhain le grúpa de 20 duine scothaosta as cheantar Dhún Droma a d'oibrigh le stiúrthóir amharclainne Andrea Scott chun comhoibrithe agus chun obair atá bunaithe ar a gcuid scéalta agus taithí féin a chruthú. Is beag duine as an ngrúpa a bhí ar stáitse roimhe sin; is lú fós a chruthaigh píosa oibre ó thús go deireadh. Thug siad léiriú i Muileann dlr i Meitheamh 2018 agus bhí an teach lán.
- **Dinnseanchas** le hamhránaí Sean Nóis agus cumadóir Lorcán Mac Mathúna a bhain le comhoibriú fairsing le Cumann na bPíobairí Uilleann CCÉ. Chuimsigh sé ceol agus scéalaíocht agus bhain sé le cíoradh a dhéanamh ar scéalta agus cuntais den saol in Éirinn a tógadh as Bailiúchán na Scoileanna den Bhailiúchán Náisiúnta Seanchais. Tharla ceolchoirm chun sár thaispeántas a dhéanamh ar an gcoimisiún sa Stiúideo, LexIcon dlr ina raibh 34 ceoltóir óg ag casadh ar an stáitse le Lorcán agus Éamonn Galldubh.
- **78 Revolutions** le cumadóir Niall Vallely a bhain leas as ceol cartlainne chomh maith le ceoltóirí beo agus leictreonaic chun meascán d'fhuaimeanna seanda agus nua-aoiseach a chruthú. Píosa triallach ceoil a bhí ann ag scrúdú an idirghníomhaithe idir cheoltóirí beo agus ábhar réamh thaifeadta; ceol nua-aoiseach agus ceol traidisiúnta; agus bhí an chéad léiriú ann sa Stiúideo i LexIcon dlr.





## Ag Cistiú na nEalaíona

Bhronn an Chomhairle 26 Deontas Ealaíne in 2018. Spreag agus chumasaigh na deontais seo cruthú tionscadal, imeachtaí nó deiseanna oideachais nua, ar nós taispeántais, léiriúcháin agus ceardlanna scoile; agus rinneadh sár thaispeántas nó ceiliúradh orthu uile i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Thacaigh na deontais leis le forbairt gairme na n-ealaíontóirí. Bronnadh 6 Dheontas Rochtana Ealaíne. Tacaíonn na deontais seo sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis, ina n-aithnítear bearna i soláthar léirithe ealaíonta i bpobail, m.sh. tionscadail áitiúla óige agus grúpaí gníomhaíochta lucht scoir.

Bronnadh 6 sparánacht ar ealaíontóirí éiritheacha in 2018. Chuimsigh siad dámhachtainí do chleachtóirí ealaíne atá ag obair i gcineálacha éagsúla ealaíne agus tacaíocht le haghaidh ealaíontóirí atá ina gcónaí agus ag obair sa Chontae ag pointe luath ina ngairm bheatha.

Rinneadh 9 íocaíocht faoin gclár Éire Chruthaitheach dlr ag tacú le gníomhaíocht chruthaitheach ar fud an Chontae agus chuimsigh siad tionscadal sheid na bhfear, mórán féilte agus gníomhaíocht ealaíne sa phobal.

Chuir an Chomhairle Deontais Oibriúcháin ar fáil do Amharclann an Phailliúin, Amharclann Cathrach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Amharclann an Mhuilinn dlr agus amharclann Damhsa Éireann. Tacaíonn na deontais seo le obair na n-eagraíochtaí ealaíne seo agus le rochtain níos fearr chuig na healaíona don uile duine.

**Grainstore:** Thug breis is 30,000 páiste agus duine óg cuairt ar shaoráid ealaíne óige dlr in 2018 chun a bheith páirteach i gcúrsaí, ranganna agus tionscadail sa damhsa, amharc-ealaín, beochan, scannánaíocht agus ceol. D'eagraigh CANVAS, Coiste Ealaíne Óige dlr comórtas rathúil na mbannaí ceoil "Long Road to Longitude", agus tacaíocht á fáil ó MCD leis na buaiteoirí ag dul ar stáitse ag Féile Longitude i bPáirc Mharlaí i mí Iúil.

Chuimsigh tionscnaimh eile na 6 thaispeántas sa Ghailearaí Cathrach, LexIcon dlr; an clár Scríbhneoir Cónaitheach le James Phelan; ag forbairt Bhailiúchán Ealaíona an Chontae; tionscadail idirghlúine ealaíona agus na healaíona i suímh chúram sláinte áitiúil agus i mbunscoileanna.



***Fleadh Átha Cliath***

# Airgeadas & Forbairt Eacnamaíochta

Buiséad na Comhairle 2018

**€176,814,300**

23 SME
a bhain leas
as tob-shiopaí

**145**

Post cruthaithe
le tacaíocht an OAF
(LEO)

**268** Deontas ón oifig
Fiontair Áitiúil

**€1,880,487**

Clár
Fiontair na
Mac Léinn **1300** mac léinn,
**20** scoil

# Airgeadas agus Forbairt Eacnamaíochta

## Airgeadas

Ta an Rannóg Airgeadais freagrach as cistiú gearr agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle idir Ioncam agus Caipiteal, agus as éascú agus bainistiú a dhéanamh ar fheidhmiú straitéis agus cultúr bainistithe riosca ar fud na heagraíochta.

I measc raon leathan seirbhísí a chuireann an Rannóg ar fáil tá:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgeadais, & Bainistiú Ciste.
- Réiteach Dréachtbhuiséid Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Airgeadais.
- Riaradh chóras bainistithe airgeadais Agresso lena n-áirítear mórleabhar ginearálta, sócmhainní seasta, imréiteach bainc agus modúil chuntais iníoctha agus infhála.
- Riar Párolla.
- Billeáil & Bailiú Rátaí Tráchtála.
- Bailiú Riaráistí i leith Muirir Dhramhaíola Comhshaoil.
- Billeáil & Bailiú Tobhach B.I.D. (ar son cuideachtaí B.I.D.)
- Íoc Soláthraithe
- Riar Árachais agus Éileamh.
- Admhálacha ar Íocaíochtaí.
- Riar agus Bailiú Riaráistí i leith Muirir ar Áit Chónaithe Príobháideach Neamhphríomha.
- Maoirseacht ar fheidhmiú leanúnach straitéis/chlár bainistithe riosca agus neadú chultúr bainistithe riosca ar fud na heagraíochta.

Cinntíonn an Rannóg leis go gcloítear le prionsabail reachtúla agus cuntasaíochta, a bhfuil feidhm acu i leith gach airgead a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

## Buiséad na Comhairle

Réitíonn an Rannóg Airgeadais & Forbartha Eacnamaíochta an dréachtbhuiséad foriomlán i gcomhairle le gach rannóg den Chomhairle. An Buiséad Ioncaim don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2018, mar a ghlac an Chomhairle leis , ná €176,814,300.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

Ba iad na h-iarmhéid charnacha ar an gCuntas Ioncaim don tréimhse 5 bliana 2013-2017 ná a leanas:

| Bliain | Iarmhéid Chuntas Ioncaim |
|---|---|
| 2017 | €9,771,901 Cr |
| 2016 | €9,764,273 Cr |
| 2015 | €9,721,176 Cr |
| 2014 | €9,699,927 Cr |
| 2013 | €9,648,543 Cr |

## Rátaí

Ta rátaí iníoctha ar áitribh thráchtála agus thionsclaíochta. Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar an mBuiséad gach bliain cinneann na Comhaltaí Tofa an Ráta Bliantúil Luachála (ARV) a ghearrfar mar thobhach sa bhliain dar gcionn. An ARV (Ráta Bliantúil Luachála) do 2018 ná 0.1673, ardú 1.5% ar ARV 2017 agus bhí gá leis le cur ar chumas na Comhairle buiséad comhardaithe a thabhairt isteach. Rinneadh tionchar an ardaithe a fhritháireamh trí leanúint le agus feabhas a chur ar an deontas tacaíochta gnó a tugadh isteach i dtosach in 2017 le 86% d'íocóirí rátaí in-cháilithe le leas a bhaint as an scéim ón uair a shásaíonn siad critéir shon-raithe. Sa tréimhse seacht mbliana 2012-2018 laghdaigh an Chomhairle a ARV i dhá bhliain díobh, agus i trí bliana díobh d'fhan an ráta gan athrú.

| Staitisticí Bailiúcháin | | | |
|---|---|---|---|
| Bliain | Iomlán Rátaí le Bailiú | Iomlán Rátaí Bailithe | % Bailithe |
| 2018 | €91,304,313 | €79,947,530 | 88% |
| 2017 | €89,645,877 | €76,727,160 | 86% |
| 2016 | €86,774,992 | €73,785,003 | 85% |
| 2015 | €91,085,291* | €77,695,710 | 85% |
| 2014 | €99,017,824 | €76,771,437 | 78% |
| 2013 | €100,565,492 | €78,121,345 | 78% |

*Ó 2015 ar aghaidh cuimsíonn figiúr "Iomlán Rátaí le Bailiú" na riaráistí oscailte móide na rátaí a bhí dlite don bhliain lúide suimeanna iarbhír a díscríobhadh agus coigeartaithe chomh maith maidir le hiarratais i leith áitreabh folamh ar feitheamh agus cuntais á leachtú /i lámha glacadóra/ scrúdaitheora sna cásanna ina mbeidh na coigeartaithe cuntasaíochta le déanamh an bhliain dar gcionn.

## Muirir Dhramhaíl Chomhshaoil

Cé gur tharraing an Chomhairle siar as soláthar sheirbhís dhíreach bailithe dramhaíola ó Lúnasa 2010 leanann sí i mbun riaráistí atá gan íoc a bhailiú agus in 2018 bailíodh €78,000. Mar chuid dá próisis bhailithe fiacha ní eisíonn an Chomhairle teastais ach sa chás go dteastaíonn siad ó Dhlíodóirí sa phróiseas tíolactha maoine ina mbíonn gach muirear atá dlite don Chomhairle íoctha go hiomlán.

## Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Faoin Acht Rialtas Áitiúil (Muirir) 2009 tugadh isteach muirear €200 ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha. Bhí an muirear féinmheasta agus bhí sé de dhualgas ar úinéirí a n-áitribh a chlárú agus an muirear a íoc. Cuireadh an muirear ar ceal le héifeacht ó 1/1/2014 de bhua Alt 73 den Acht um Athchóiriú Rialtas Áitiúil & Ordú forálacha an Achta um Athchóiriú Rialtas Áitiúil (Tosú Feidhme Forálacha Áirithe) 2014. Shocraigh Alt 74 den Acht an 31ú Lúnasa 2014mar an dáta is déanaí do dhaoine /d'fhorais a d'fhéadfadh dliteanas a bheith orthu i leith an mhuirir le dul i dteagmháil lena n-údarás áitiúil chun an muirear a íoc nó le socrú a dhéanamh i leith íocaíochta ar mhaithe leis an tionchar a bheadh ag táillí ar íocaíochtaí déanacha a íoslaghdú. Bailíodh €1.3m in 2018 i leith an mhuirir, lena n-áirítear táillí ar íocaíochtaí déanacha.

## Cáin Mhaoine Áitiúil

Is cáin féinmheasta bhliantúil í Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT) a ghearrtar de réir luach mhargadh áitreabh cónaithe le héifeacht ó 1ú Iúil 2013 agus is iad na Coimisinéirí Ioncaim atá á riaradh. Bhí íocaíocht leathbhliana dlite in 2013 agus bhí íocaíocht don bhliain iomlán dlite ó 2014 amach.
Faoi Alt 20 den Acht Airgeadais 2012 (Cáin Mhaoine Áitiúil) arna leasú ag Alt 5 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú) 2013, is féidir le hÚdarás Áitiúil, mar fheidhm fhorchoimeádta, cinneadh a dhéanamh bunráta Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú laistigh dá limistéar riaracháin féin go dtí uasmhéid móide nó lúide 15% den bhunráta. Ag cruinniú de Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a reáchtáladh ar 10ú Meán Fómhair aontaíodh an bunráta den cháin mhaoine áitiúil a athrú laistigh den Chontae de lúide 15%. Mar a dhéantar foráil ina leith in Alt 8 de Rialacháin um Cháin Mhaoine Áitiúil (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) seasann an ráta athraithe den Cháin Mhaoine Áitiúil ar feadh tréimhse bliana amháin ón gcéad dáta dliteanais do cháin mhaoine áitiúil i.e. ó 1/11/2018 go 31/10/2019 agus i ndiaidh an dáta sin téann an CMA ar ais go dtí an ráta tosaigh (bunráta) mar a shainítear in Acht 2012 mura mbíonn cinneadh eile déanta ag an gComhairle mar fheidhm fhorchoimeádta, sa bhliain dar gcionn an t-athrú a choinneáil nó athrú eile a shocrú, agus bheadh éifeacht ag an athrú nua sin ón gcéad dáta dliteanais eile i.e. 1/11/2019 go 31/10/2020.

Tá ráta géilliúlachta sa Chontae i dtaobh Cháin Mhaoine Áitiúil i measc na rátaí is airde sa Stát



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Scéimeanna Feabhsaithe Gnó Ceantair

Ag cruinniú den Chomhairle a reáchtáladh ar 10ú Márta 2014 ceadaíodh cur i bhfeidhm Scéim Feabhsaithe Gnó Ceantair (BID) laistigh de limistéar Bhaile Dhún Laoghaire a bheidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse cúig bliana ó 1ú Aibreán 2014.

Ag cruinniú den Chomhairle a reáchtáladh ar 14ú Samhain 2016 cheadaigh na Comhaltaí Scéim BID eile a chur i bhfeidhm laistigh den Chontae a bhaineann le limistéar Cheantar Gnó Áth an Ghainimh agus feidhmeoidh an scéim ar feadh tréimhse cúig bliana ó 1ú Eanáir 2017.

Beidh an dá scéim á gcistiú go príomha as ranníocaíochtaí tobhaigh BID atá le híoc ag gnóthaí laistigh de limistéir na Scéime.

De réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Ceantair Fheabhsúchán Gnó) 2006 ríomhann agus bailíonn an Chomhairle an tobhach BID atá iníoctha ag lucht gnó laistigh de limistéir Scéim BID agus cuirtear an íocaíocht sin ar aghaidh chuig cuideachtaí BID de réir fhorálacha na reachtaíochta mar theacht isteach ag na Cuideachtaí BID.

*Cllr. Tom Murphy (An Cathaoirleach ó Meitheamh 2017 go Meitheamh 2018) le Ceannasaí Fiontar Owen Laverty ag seoladh na Seachtaine Fiontraíochta*



### Bainistiú Airgeadais

Ta tuairisciú faoi bhainistiú airgeadais sa Chomhairle láidir agus críochnúil. A bhuíochas le dian chóras míosúil monatóireachta airgeadais cinntítear go dtugtar faoi deara aon difear suntasach sa bhuiséad ag luath chéim agus go gníomhaítear go cuí chun aon tionchar suntasach díobhálach féideartha a íoslaghdú. San áireamh i measc na srianta sin tá athbhreithnithe rialta airgeadais, tuairiscí airgeadais míosúla agus ráithiúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais tomhaiste in aghaidh buiséad ó thaobh caiteachas agus teacht isteach de agus in aghaidh measúnaithe anailísigh ar athraitheas.

### Tuarascálacha Ráithiúla Airgeadais don Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil

Cuireann gach údarás áitiúil sonraí ráithiúla ar fáil don Roinn laistigh de 60 lá ó dheireadh na ráithe. Is iad na tuarascálacha a theastaíonn ná:

- Tuarascáil Ioncaim a thugann sonraí faoi chaiteachas agus ioncam gach bliain sa chuntas ioncaim go deireadh gach ráithe curtha in aghaidh bhuiséad na bliana.
- Tuarascáil Chaipitil a thugann sonraí iarmhéid thosaigh , caiteachas agus ioncam agus iarmhéid dheiridh an chuntais chaipitil don bhliain go deireadh gach ráithe.
- Tuarascáil Fhéichiúnaithe a thugann sonraí faoi ghluaiseachtaí i ngach catagóir féichiúnaí don bhliain go deireadh gach ráithe.
- Tuarascáil Iasachtaí a thugann réamh-mheastachán mionsonrach faoin ús agus na haisíocaíochtaí príomhshuime ar gach iasacht reatha agus faofa. Tuarascáil Párolla/Aoisliúntais a thugann sonraí faoi íocaíochtaí a bhaineann le párolla agus pinsean don tréimhse sonraithe.

Cuireadh na tuarascálacha seo ar fad faoi bhráid na Roinne laistigh de na hamscálaí sna 4 ráithe de 2018.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

### Íocaíocht Cuntas

Déantar íocaíocht le soláthraithe faoi réir cáipéisíocht chánach bhailí a chur ar fáil. Déantar mórán na n-íocaíochtaí trí Ríomhaistriú Leictreonach (EFT) ina ndéantar íocaíochtaí go díreach isteach i gcuntais bhainc na soláthraithe, agus déantar corr-íocaíocht le seic nuair nach bhfuil Ríomhaistriú Leictreonach indéanta. Íoctar baill foirne agus Comhairleoirí trí EFT chomh maith.

Is é Cisteoir na Comhairle ná Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

### Bainistiú Riosca

Is cur chuige pleanáilte córasach é Bainistiú Riosca chun rioscaí a shainaithint agus a mheas, chun freagairt dóibh agus chun dearbhuithe a thabhairt go bhfuil na freagraí sin éifeachtach. Tá bainistiú riosca éifeachtach agus meicníochtaí inmheánacha rialaithe tábhachtach d'eagraíochtaí ar mhaithe leis na torthaí gnó inmhianaithe a bhaint amach.

Tá Cláir Rioscaí ina gcuid bunúsach, riachtanach de chóras éifeachtach bainistithe riosca agus tugann siad an mheicníocht chun cur chuige láidir i leith bainistithe riosca a bhunú agus a chothabháil ar fud na heagraíochta. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chlár Corparáideach Riosca na Comhairle mar a bhí dlite in 2018 mar aon le cláir rioscaí rannóg-bhunaithe na Comhairle. Os rud é gur doiciméid iad cláir rioscaí ata ag éabhlóidiú tá athbhreithniú seasta á dhéanamh lena chinntiú go dtugann siad léargas ar na rioscaí nach bhfuil cosaint ag an gComhairle uathu. Mar chuid de straitéis na Comhairle chun leorgacht, éifeacht agus críochnúlacht a cuid próiseas bainistithe riosca a chinntiú cuirtear na cláir faoi bhráid Choiste Iniúchta na Comhairle ar mhaithe le machnamh agus scrúdú a dhéanamh orthu os rud é go bhfuil srianta agus córais bhainistithe riosca laistigh den eagraíocht mar chuid den mhachnamh atá le déanamh ag an gCoiste ag cruinnithe.

### Árachais

Is iad na príomhréimsí gníomhaíochta ná Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóra, Dóiteán (Stoc Tithíochta), Dóiteán (Áitribh Ghinearálta) agus Árachas Carr. Cuirtear clúdach iomlán ar fáil.

### Ráiteas Bliantúil Airgeadais

Réitíodh an Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2017, a chríochnaíodh in 2018, ar bhonn fabhraithe cuntasaíochta agus cuimsíonn sé Clár Comhordaithe iomlán a léiríonn sócmhainní faoi úinéireacht na Comhairle agus Dliteanas dlite ag an gComhairle agus críochnaíodh é laistigh den tréimhse ama reachtúil.

Déanann Iniúchóir an Rialtais Áitiúil, a thuairiscíonn don Aire Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil, iniúchadh ar na cuntais.

# Oifig Áitiúil Fiontar & Forbairt Eacnamaíochta

Tá Oifig Áitiúil Fiontar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin [LEO dlr] ina 'Ionad Uile-ghnó' do dhaoine a bheadh ar thóir comhairle, eolais agus tacaíochta agus gnó á thosú nó á fhás acu. Cuimsíonn freagrachtaí LEO Dhún Laoghaire -Ráth an Dúin fiontair agus forbairt eacnamaíochta sa Chontae.

**ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ FIONTAR AGUS FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA DO 2018**

- Tacaíodh le forbairt agus cur i bhfeidhm Príomhghníomhaíochtaí LEO i bPlean um Poist LEO Réigiúnach Bhaile Átha Cliath.
- Ceadaíodh 147 deontas san iomlán le haghaidh suimeanna éagsúla ó €500 go €45,000 an deontais. An earnáil is mó a fuair tacaíocht ná ICT (bogearraí is mó) a fuair 67% den chistiú a ceadaíodh (€670,000).
- Cuireadh €1,210,487 de chistiú ar fáil trí dheontais staidéar féide-artha, príomeála gnó agus méadaithe gnó a lean go cruthú 56 post nua. Rinneadh 121 deontas san iomlán a chistiú lena n-áirítear 14 staidéar féideartha, 21 Príomeáil, 9 Méadú agus 21 deontas TAME. Ceadaíodh 13 Deontas Chur Chun Cinn Gnó agus deontas amháin feabhsaithe aghaidh siopa in 2018.




*Foireann dlrcc ag Imeacht Smart Dublin*



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

- Tá an próiseas iarratais thar a bheith éasca (iarratais ar líne ag www.localenterprise.ie/dlr)le aga slánúcháin de níos lú ná 6 sheachtain
- Tháinig méadú glan de 145 post i measc punann cliant LEO i 2018 chun an rath a bhaineann le spriocanna cruthaithe fostaíochta inbhu-anaithe a léiriú.
- Ceadaíodh 6 Dhearbhán Trádála Ar Líne in 2018 de €125,457 san iomlán ag tacú le gnóthaí ar fud na bpríomh-earnálacha ar fad.
- Aistríodh 13 Cuideachta Cliaint go Fiontar Éireann mar chuid den Chosán Chun Cinn idirghníomhaireachta. Is léiriú an t-aistriú seo ar a bhfás aibíochta agus a n-ullmhacht le haghaidh infheistíochta.
- Seoladh an chéad siúlóid Líonraithe Piara le Piara i Seachtain na Fiontraíochta chun tacú leis an lucht gnó i DLR agus thairis sin. Reáchtáladh an ócáid rathúil seo faoi thrí ar fad mar gheall ar an éileamh mór a bhí air.
- Rinneadh tacú le 173 cruinniú meantóireachta a chlúdaigh 374 uaireanta meantóireachta san iomlán.
- Reáchtáladh 2 imeacht a bhí bainteach leis an mBreatimeacht.
- Bhuaigh cuideachta DLR Glowfox, le CEO Conor O'Loughlin ag déanamh ionadaíochta air, an Catagóir Foriomlán sa Fiontraí Óg IBYE chun an gradam a thabhairt do DLR don dara bhliain as a chéile.
- Ghlac breis is 1,300 scoláire as 20 scoil páirt i gclár Fiontraíochta do Scoláirí agus leanadh le comhoibrithe le UCD agus IADT chun béim a chur ar an tiomantas atá ann don fhiontraíocht ag an tríú leibhéal.
- D'fhreastail 670 duine ar 20 imeachta ar fud an Chontae le linn Sheachtain Fiontraíochta thar a bheith rathúil, a reáchtáladh 5ú – 9ú Márta 2018.
- D'fhreastail breis is 3,000 duine ar imeachtaí oiliúna agus líonraithe in 2018.
- Rinneadh seoladh rathúil ar Mhonatóir Eacnamaíochta SAGE i gCeantar Gnó Áth an Ghainimh.
- Tacaíodh go gníomhach leis an bpróiseas le Plean Gníomhaíochta um Poist do réigiún Bhaile Átha Cliath a dhréachta leis an toradh gur cuireadh gníomhaíochtaí tábhachtacha leis an bplean.
- Reáchtáladh an clár STEM, a bhí mar champa oiliúna do scoláirí, sa LexIcon.
- Chuaigh i gcomhpháirtíocht le 3XE chun Comhdháil Dhigiteach DLR a reáchtáil san Óstán Marine.
- Rinne urraíocht ar imeachta TEDx Dhún Laoghaire.
- Bhain 23 gnó beag ceirde agus taispeántas leas as tobshiopaí in 2018.
- Chomhoibrigh go gníomhach le mórán páirtithe leasmhara lena n-áirítear IADT, UCD, BID Dhún Laoghaire, BID Áth an Ghainimh, agus Comhlachas Tráchtála DLR.
- Chas go rialta le comhghleacaithe LEO i gContae Bhaile Átha Cliath chun seachadadh clár chuig bunáit cliant réigiúnach níos leithne a phleanáil. Cuimsíonn comhoibrithe imeachtaí mar; IBYE, Slabhra Bia Bhaile Átha Cliath agus Seachtain na Fiontraíochta.

# Bonneagar Pleanála Chun Cinn

Pleanáil i leith Bhunscoil Choill na Silíní eisithe

**1980**

Aonad Cónaithe Choill na Silíní

Pleanáil faighte i leith

**3248**

Teach/árasán cónaithe

**53,500m²**

Spás Miondíola Choill na Silíní

Cistiú Iomlán a Ceadaíodh

Coill na Silíní **€15.19M**

Sruthán na Coille/Seangánach **€4.7M**

Feirm Chré **€4.1M**

**75%** ó RTP & RA san áireamh

## Bonneagar Pleanála Chun Cinn

Is é Bonneagar Pleanála Chun Cinn an Stiúrthóireacht atá freagrach as forbairt Zón Fhorbairt Straitéiseach Choill na Silíní (SDZ) agus tionscadail atá faofa faoin gCiste Gníomhachtaithe Bhonneagar Áitiúil Tithíochta (LIHAF) agus an Ciste Forbartha Athghiniúna Uirbí (Coill na Silíní) a chur chun cinn agus a mhaoirsiú. Tá sé freagrach leis as Mór-shuímh Uirbeacha Forbartha Tithíochta in DLR a thiomáint chun cinn.

## Zón Fhorbairt Straitéiseach Choill na Silíní (SDZ)

Leanadh le obair Fhoireann Thionscadal Ghníomhaireacht Forbartha SDZ Choill na Silíní (DAPT) ar feadh 2018, ag cuimsiú na ndisciplíní ar fad de phleanáil, bóithre, innealtóireacht shibhialta, tírdhreach, éiceolaíocht dlí, costas agus bainistiú tionscadail, chun forbairt Zón Fhorbairt Straitéiseach Choill na Silíní a chur chun cinn. Is baile mór nua é Coill na Silíní in DLR a thabharfaidh thart ar 8,700 teaghais nua agus a chuirfidh thart ar 18,000 post nua ar fáil.

Leanadh ag déanamh dul chun cinn suntasach nuair a eisíodh ceadanna pleanála i leith an chéad bhunscoil san áit agus thart ar 1,980 aonad cónaithe lena n-áirítear an fhorbairt shuntasach Lár an Bhaile le thart ar 53,500m.ch. d'fhoirgnimh mhiondíola, oifige agus fóillíochta agus 1,269 árasán. Tá an obair tosaithe ag an bPríomh-Chonraitheoir ar shuíomh Lár an Bhaile agus táthar ag súil go dtosófar an tógáil ar na foirgnimh eile atá ceadaithe go luath.

Leanadh leis an obair thógála ar bhonneagar na mbóithre lena n-áirítear foráil i leith modhanna inbhuanaithe chun lánaí bus agus uas-lánaí rothaíochta a chur isteach chomh maith le trí pháirc phoiblí in 2018.

In Iúil 2018 chuir an DAPT iarratas faoi bhráid An Bhoird Phleanála i leith leasuithe atá molta don Scéim Phleanála atá bainteach le seicheamhú & céimniú na Forbartha (Caibidil 7 den Scéim Pleanála Faofa, 2014 (mar a leasaíodh). D'eisigh an Bord Pleanála a cinneadh ar 10ú Nollaig 2018 mar a bhí molta ag DLR gan aon athrú. An aidhm atá leis an Leasú ná le seachadadh tithíochta a luasghéarú ag tabhairt aitheantais do scála mór na mbóithre agus na bpáirceanna poiblí a bhí tógtha go dáta ar mhaithe le tailte a oscailt le haghaidh forbartha.

Tá an obair faoi shiúl ag DAPT Choill na Silíní chun a thuilleadh leasuithe a réiteach le cur ar an Scéim Phleanála mar fhreagra ar threoirlínte nuafhoilsithe an Aire faoi árasáin nua agus airde foirgneamh.

Leanann an DAPT ag obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara ar fad, lena n-áirítear úinéirí talún, gealltóirí agus gníomhaireachtaí reachtúla, comhaltaí tofa agus Ranna Rialtais chun forbairt SDZ Choill na Silíní a chur chun cinn.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Ciste Gníomhachtaithe Bhonneagar Tithíochta Áitiúla (LIHAF)

Is gné thábhachtach de Cholún 3 de Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Tithíocht agus Easpa Dídeana, http://rebuildingireland.ie/lihaf/, é an Ciste Gníomhachtaithe Bhonneagar Tithíochta Áitiúla (LIHAF.) An aidhm atá leis an gciste ná le bonneagar poiblí seachtrach a chur ar fáil chun baic chriticiúla bhonneagair, atá aitheanta mar cheann de na príomh-chonstaicí roimh fhorbairt príomhshuíomh tithíochta, a scaoileadh, agus sa chaoi sin mear-sheachadadh aonad cónaithe ar na suímh seo i mBaile Átha Cliath agus i limistéir uirbeacha eile ina bhfuil ardéileamh ar thithíocht, a chumasú.

D'fhógair an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil (DHP&LG) ar 28ú Márta 2017 gur éirigh le DLR ina iarratas LIHAF i leith 4 thionscadal, agus fuarthas cead deiridh i leith 3 thionscadal díobh sin i Márta 2018. Seo leanas foramharc ar na tionscadail sin:-

**Coill na Silíní – Iomlán Ceadaithe €15.19M (75% - €11.39M ó DPH&LG)**

- Bóthar Ghleann an Draoi (bóthar amháin);
- Droichead Ghleann an Draoi (droichead gearr ag trasnú shruthán Charraig Mhaighin);
- Acomhal Q nua N11 ag Bóthar Ghleann an Draoi;
- Bóthar Ghleann an Draoi (140m de dhroichead ag trasnú gleanna)

**Feirm Chré – Iomlán Ceadaithe €4.7M (75%- €3.5M ó DPH&LG)**

- Tógáil 600m de Bhóthar Dáileacháin Lúibe

**Sruthán na Coille Seangánach – Iomlán Ceadaithe €4.16M (75% - €3.12M ó DPH&LG)**

- Athchóiriú ar thimpeallán Shruthán na Coille ar an sean N11;
- Feabhsúcháin bóthair chun tacú le forbairt tithíochta;
- Rochtain chuig stáisiún DART amach anseo.

Leanfaidh DLR ag obair leis an Roinn agus le húinéirí talún chun déileáil le heaspaí bonneagair trí thalamh a oscailt i leith forbartha, tithíochta go háirithe.

## Suímh Mhór-sheachadadh Tithíochta Uirbí (MUHDS)

Is príomhthosaíocht don Rialtas é mar chuid de Atógáil Éireann, mear-sheachadadh tithíochta sna hearnálacha príobháideacha, sóisialta agus ar cíos. Mar chuid den obair seo aithníodh 23 príomhshuíomh straitéiseach náisiúnta tithíochta, leis an acmhainn le scála suntasach tithe nua a sheachadadh, i gcomhar le rialtais áitiúla agus páirtithe leasmhara eile mar Shuímh Mhór-Sheachadadh Tithíochta Uirbí(MUHDS). Tá sé i gceist go ndéanfar na suímh seo a oscailt suas trí chistiú LIHAF, malairt chistithe agus meicníochtaí comhoibrithe.

Aithníodh na 3 suíomh seo leanas in DLR mar MUHDS i leith sheachadadh mórscála tithíochta:-

- Coill na Silíní
- Cill Tiarnáin Gleann na Muc
- Sruthán na Coille Seangánach

Lean an Rannóg Pleanála Bonneagair don Todhchaí in 2018 ag soláthar na bainistíochta agus na maoirseachta chun feidhmiú na suíomh seo a thiomáint chun cinn.

## Ciste Athghiniúna Uirbí & Forbartha (URDF)

D'éirigh le DLR i gceann dá 5 thairiscint i leith SDZ Choill na Silíní chuig an gCiste Athghiniúna Uirbí & Forbartha (URDF) laistigh de Chatagóir A 'réidh le tosú' in 2019. Ceadaíodh cistiú chéad babhta i bprionsabal de c €870,000 i leith Páirceanna, Glasbhealaí agus Maolúcháin Choill na Silíní do 2019.

Dá thoradh sin déanfar forbairt ar an bPáirc Líneach, ar locháin mhaoluithe uisce dromchla agus críochnófar Páirc na Tulach laistigh de SDZ Choill na Silíní.



*Pictiúr ón aer de SDZ Choill na Silíní*

# Tithíocht

**21**
Teaghais íosmhéadaithe

**138**
Deontas arbh fhiú
**€1,061,544**
san iomlán
iad ceadaithe

Bainistiú agus Cothabháil ar
**4265** teach

n-aonad tithíochta sóisialta curtha ar fáil faoi Chuid V
**47**

**134**
Teaghais críochnaithe




Na Driseoga, An Naigín
Páirc Mhic Gearailt, Dhún Laoghaire
Cúirt Chnocán na Rós, Dún Droma
Bóthar an Teampaill, An Charraig Dhubh
Bóthar na Potaireachta
Baile an Róistigh, Dún Laoghaire
Céim 3 Bhaile an Róistigh, Dún Laoghaire
Dunedin, Dún Laoghaire

**32**
Aonad cónaithe

# Tithíocht

Lean cóiríocht ar dhea-chaighdeán agus tacaíocht tithíochta a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanas tithíochta orthu mar cheann de phríomh-thosaíochtaí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) in 2018. Rinneadh 674 teaghais nua a chur ar fáil agus is ionainn sin agus ardú níos mó ná 23% ar an líon a cuireadh ar fáil in 2017. Cuireadh ar fáil iad trí bheith ag díriú isteach ar roinnt roghanna seachadta a bhfuil foráil déanta ina leith faoi Atógáil Éireann ar nós Tógáil Dhíreach, Éadálacha, Éadálacha Chuid V, Bainistíocht Ar Neamhní, Léasú Fadtéarmach, Scéim Deisithe Le Ligean, Ar Cíos Príobháideach (RAS agus HAP)agus Scéim Ceannaigh agus Athnuachana. Cuireann líon na dtithe a cuireadh ar fáil in 2018 dlr in áit mhaith chun a sprioc foriomlán seachadta tithíochta sóisialta de 1,563 teaghais nua don tréimhse 2018 – 2021 a bhaint amach.

Oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirt leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) agus le Forais Thithíochta Faofa (AHB) ar sheachadadh agus bainistiú na tithíochta sóisialta, ag teacht i dtír ar gach deis chun tithíocht a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil easpa orthu. Le linn 2018 chuaigh dlr i gcomhaontuithe le AHB i leith trí shuíomh sa Chontae a thabharfaidh iomlán de 208 teaghais nua.

I measc freagrachtaí eile na Rannóige Tithíochta tá próiseáil á déanamh ar iarratais ar thithíocht shóisialta, measúnuithe agus leithdháiltí; cothabháil, athchóiriú agus díol teaghaisí; próiseáil deontas oiriúnaithe; Clár Cóiríochta do Thaistealaithe; measúnú agus bailiú cíosa; próiseáil iasachtaí ceannaithe tí; agus soláthar thacaíocht tithíochta do theaghlaigh atá gan dídean.

# Tógáil

**Scéimeanna Críochnaithe**

Críochnaíodh 134 teaghais nua san iomlán in 2018 mar a leanas;

- Bóthair an Teampaill, An Charraig Dhubh - 3
- Na Driseacha, An Naigín - 10
- Plás Sheoirse, Dún Laoghaire - 12
- Bóthar na Potaireachta, Dún Laoghaire - 4
- Baile an Róistigh, Cuid 3, Dún Laoghaire - 14
- Cúirt Chnocán na Rós, Dún Droma - 44
- Dunedin, Dún Laoghaire - 14
- Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire - 33

Rinneadh 3 theach eile a bhíodh in úsáid mar áis don phobal a athchóiriú go hiomlán agus a chur ar ais sa stoc tithíochta.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

**Scéimeanna atá ar an Suíomh**

Ag deireadh na bliana bhí 38 teaghais á dtógáil atá le seachadadh in 2019, a chuimsíonn 17 ag Páirc Mhic Gearailt, Dún Laoghaire agus 21 ag Arda an Átha Leathain, Baile an tSaoir, a dearadh go speisialta le haghaidh daoine scothaosta.

Bhí an obair go maith faoi shiúil leis ar athchóiriú eastáit bhig ag Cúirt Moyola, i mBaile an Teampaill a chuirfidh 12 teaghais bhreise ar fáil in R1 2019.

**Faomhadh Chuid 8**

Fuarthas Faomhadh faoi Chuid 8 Pleanála i leith 2 theaghais ag Ascaill Bhaile Uí Ógáin, Carraig Mhaighin, agus cuireadh na doiciméid thairisceana i leith athchóiriú Theach na Páirce chun cinn.

**Staid Dheartha**

Rinneadh fiosruithe agus suirbhéanna ar an suíomh agus cuireadh na chéad deartha chun cinn i leith scéimeanna atá beartaithe ag Cúirt Bhaile Uí Ógáin, Carraig Mhaighin, Céide Bhaile na Creige, Gleann na Muc, Páirc Naomh Labhrás, Stigh Lorgan agus i leith tailte ag Caisleán Sheangánach ag súil is go gcuirfear breis is 760 teaghais nua ar fáil.

# Cuid V – Straitéis Thithíochta

Rinneadh 47 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh in 2018 faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar a leasaíodh) agus faoin Acht Athghiniúna Uirbí agus Tithíochta 2015. Aontaíodh téarmaí comhlíontachta Cuid V i leith 10 fhorbairt cheangailte a chuirfidh 32 aonad tithíochta sóisialta ar fáil. Rinneadh dul chun cinn san idirbheartaíocht faoi 19 forbairt eile a bhfuil sé d'acmhainn acu 198 aonad tithíochta a sheachadadh. Táthar ag súil go dtiocfaidh deireadh leis an idirbheartaíocht agus go dtiocfar isteach i gcomhaontuithe foirmiúla Chuid V go luath in 2019.

# Clár Éadálacha

Rinneadh 32 aonad cónaithe a ghlacadh mar thithíocht shóisialta le comhaontú déanta faoi ghlacadh 3 theaghais eile in 2018. De na 32 éadáil in 2018 cheannaigh Forais Thithíochta Fhaofa 29 díobh (AHB) trí na scéimeanna CAS agus CALF agus thóg an Chomhairle 3 aonad eile díobh go díreach.




*An Cathaoirleach Cllr. Ossian Smyth ag seoladh 44 teaghais nua ag Cúirt Chnocán na Rós*

## Oiriúnuithe ar Theach leis an gComhairle chun freastal ar dhaoine faoi mhíchumas

In 2018, fuair an Chomhairle 125 iarratas ó thionóntaí ar oiriúnuithe ar a gcuid tithe. Críochnaíodh 97 oibreacha oiriúnaithe lena n-áirítear 40 oiriúnú ar sheomraí folctha, 2 mhéadú, 11 ardaitheoir staighre, 9 rampa agus 35 mionathrú eile ar theaghaisí atá ar cíos ón gComhairle le haghaidh tionóntaí atá faoi mhíchumas.

## Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta (Úinéirí Tithe Príobháideacha)

Oibríonn an Chomhairle roinnt scéimeanna oiriúnaithe tithíochta le haghaidh daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas araon, lena n-áirítear an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontais na bhFóntas Soghluaisteachta.
Ceadaíodh 138 deontas san iomlán i leith oibreacha ar theaghaisí príobháideacha ar chostas iomlán de €1,061,54.





## Cothabháil ar Stoc Tithíochta an Údaráis Áitiúil

Fuarthas iomlán 5,915 iarratas ar chothabháil in 2018. Déanann an Chomhairle bainistiú agus cothabháil ar bhreis is 4,265 teach agus táthar ag leanúint i dtreo caighdeán a cuid stoc tithíochta a fheabhsú faoi chlár cothabhála cosanta atá beartaithe agus ag an am céanna ag cur tithe ar ardchaighdeán leis an stoc atá ann cheana.

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Oibríonn Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean (DRHE) mar chomhsheirbhís ar son ceithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath le Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath mar Údarás ceannais.

Tuigeann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go rí-mhaith na deacrachtaí atá ag teaghlaigh atá gan dídean agus tá an Comhairle tiomanta an chóiríocht éigeandála is oiriúnaí is féidir a chur ar fáil dóibh. Scrúdaíonn an Chomhairle go gníomhach na roghanna ar fad is féidir chun breis cóiríochta éigeandála a chur ar fáil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus in 2018 cuireadh 14 spás leaba breise ar fáil le haghaidh daoine singil atá gan dídean; (10 in Dunedin, Baile na Manach, agus 4 im Bailtíní Bentley, Dún Laoghaire).

Rinneadh iomlán 71 leithdháileadh le teaghlaigh gan dídean in 2018 agus b'ionann sin agus 24% de na teaghaisí ar fad a leithdháileadh i rith na bliana. D'éirigh le 169 teaghlach gan dídean san iomlán tionóntachtaí príobháideacha ar cíos a fháil trí Scéim HAP do Dhaoine gan Dídean.

Foilsíodh an 'Plean Feidhmithe Tithíochta Náisiúnta Tosaigh 2018-2021' sa dara leath de 2018. Tá cuspóir leagtha síos sa phlean de 33 Céad-Thionóntacht do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sna blianta atá clúdaithe ag an bplean. Agus 11 céad-thionóntacht cruthaithe ag an gComhairle in 2018 táimid píosa maithe den bhealach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Ar 1ú Lúnasa 2018 cheap an Chomhairle 'Aimsitheoir Áite' tiomnaithe chun cuidiú le teaghlaigh atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean chun tionóntachtaí príobháideacha ar cíos a fháil trí Scéim HAP do Dhaoine gan Dídean.

Ó ceapadh é rinne 'Aimsitheoir Áite' na Comhairle;
- Iarrachtaí chun an deis a fháil chun 395 Áitreabh ar leith a fheiceáil.
- Rinne teagmháil le 52 teaghlach ar leith atá cláraithe a bheith gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean leis an gComhairle.

## Leithdháiltí agus Aistrithe

Ag 31ú Nollaig 2018 bhí 4,524 duine measúnaithe a bheith i riachtanas thacaíocht shóisialta tithíochta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Le linn 2018 rinne an Chomhairle 305 áitreabh a leithdháileadh de réir na Scéime leithdháilte. De na háitribh sin rinneadh 186 díobh a leithdháileadh ar theaghlaigh a bhí ar an Liosta Tacaíochta Tithíochta Sóisialta agus rinneadh 119 díobh a leithdháileadh ar theaghlaigh a bhí ar cheann de Liostaí Aistrithe na Comhairle. Chuimsigh sé 53 leithdháileadh áitribh ar le Forais Thithíochta Fhaofa iad agus 252 leithdháileadh áitribh ar leis an Chomhairle iad.

Tharla feidhmiú iomlán ar Ligean ar Líne Bunaithe ar Rogha na Comhairle (CBL) i Lúnasa 2018. Ina dhiaidh sin rinneadh tuilleadh leathnaithe ar an scéim chun leithdháileadh áitreabh le teaghlaigh atá ar Liostaí Aistrithe na Comhairle a éascú. Chuidigh leithdháileadh áitreabh tríd an gcóras CBL le laghdú a chur ar líon na ndiúltaithe ar thairiscintí cóiríochta ó 23% in 2017 go 17.5% in 2018.

## Íosmhéadú

Tá an Chomhairle seo gníomhach ag cur íosmhéadaithe chun cinn agus tugtar deiseanna dár dtionóntaí reatha bogadh go háitreabh atá ar mhéid níos soláimhsithe agus san am céanna fanacht ina gcónaí ina bpobail féin agus na háitribh níos mó a fhágáil le haghaidh na dteaghlach níos mó. Le blianta beaga chuir an Chomhairle íosmhéadú chun cinn mar bhealach leis an úsáid is fearr a bhaint as a cuid stoc tithíochta.
In 2018, cuireadh deiseanna íosmhéadaithe ar fáil trí thógáil as an nua agus trí athchóiriú aonad folamh i roinnt áiteanna ar fud an Chontae, lena n-áirítear: Cúirt Chnocán an Rós, Dún Droma; Na Driseacha, An Naigín; Gairdíní Bhaile an Róistigh, Dún Laoghaire; agus Lána Sheoirse, Dún Laoghaire agus dá bharr sin rinne 21 teaghlach íosmhéadú.

## Iompar Frithshóisialta in Eastáit na Comhairle

Lean an Chomhairle leis an bpolasaí go ndéileáiltear go cuimsitheach le cásanna iompar frithshóisialta in a cuid eastát le linn 2018. I rith na bliana rinneadh 74 cás iompar frithshóisialta a fhiosrú agus a thabhairt chun críche. Is laghdú de 17.8% é seo ar chásanna iompar frithshóisialta i gcomparáid le 2017. Rinneadh caingean dlí a thionscain nuair ba iomchuí. Fuarthas Ordú Sealbhaithe amháin ón gCúirt Dhúiche. Eisíodh 11 Foláireamh Tionóntachta. Chuir an rannóg iarratasóirí tithíochta go raibh stair iompar frithshóisialta luaite leo faoi agallamh agus ceadaíodh 71% le haghaidh tithíochta ina dhiaidh sin.





## Athligean Tithíochta

Le linn 2018 bhí an meán-am a tógadh chun teaghaisí a athligean faoi 11.1 seachtain, tréimhse atá i bhfad níos lú ná sna blianta roimhe sin. In ainneoin ardú suntasach a bheith tagtha ar líon na dteaghaisí a leithdháileadh le blianta beaga anuas, d'éirigh leis an gComhairle an meán-am a tógadh chun teaghaisí a athligean a choinneáil go suntasach faoin meán náisiúnta ama athligin.

## Cíos Tithíochta

Ar 31ú Nollaig 2018 bhí stoc iomlán tithíochta sóisialta ag an gComhairle de 4,618 teaghais le hioncam cíosa uathu de bheagán os cionn €15 milliún.

## Scéim Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil Éireann

Is morgáiste atá tacaithe ag an Rialtas é an Scéim Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil Éireann a seoladh ar 1ú Feabhra 2018 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hinacmhainne do cheannaitheoirí céad-uaire. Tá sé ar fáil ó na húdaráis áitiúla uile agus cuireann sé ar chumas ceannaitheoirí céad-uaire iarratas a dhéanamh ar iasacht chun teaghais nua nó dara láimhe a cheannach, nó chun a dteaghais féin a thógáil.

Is féidir le ceannaitheoirí céad-uaire suas go 90% de luach mhargadh na teaghaise a fháil ar iasacht, faoi réir uasluach an mhargaidh de €320,000 i mBaile Átha Cliath agus níos ísle sa chuid eile den tír.Ní mór d'iarratasóirí iarratas a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil sa cheantar inar mian leo teaghais a cheannach, ach is féidir leo iarratas a chur chuig mórán rialtas áitiúil sa chás go bhfuil suim acu teaghais a cheannach sna ceantair sin.

Fuair DLR 99 iarratas suas go deireadh 2018 le 20 iasacht ceadaithe i bprionsabal le haghaidh suimeanna de €231,808 ar an meáin. Fuarthas amach go raibh roinnt de na hiarratas neamh-incháilithe/ neamhbhailí agus tarraingíodh siar roinnt eile.

## Ceannach Incriminteach Tionónta

Le linn 2018 críochnaíodh 5 díolachán faoin Scéim Cheannach Incriminteach Tionónta.

## Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Tháinig Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le chéile 4 uair in 2018 agus seo leanas achoimre ar na réimsí a clúdaíodh.

- Nuashonruithe ón Roinn Tithíochta, Pobail, Pleanála agus Rialtais Áitiúil,
- Nuashonruithe ar ghlaoch CAS 2017/2018
- Nuashonruithe ar Leithdháilte ar Dhaoine faoi Mhíchumas,
- An Mol Cathartha – cur i láthair
- Nuashonruithe ar an Scéim IWIL

## Cóiríocht do Thaistealaithe

Leanann an Chomhairle ag cur réimse cuimsitheach seirbhísí ar an láthair ar fáil do Thaistealaithe, lena n-áirítear glantacháin, diúscairt dramhaíola, cothabháil suímh agus seirbhís soghluaiste airígh.

Rinneadh 7 aonad a athchóiriú agus a athligean le linn 2018, 4 ag Páirc Naoimh Louise, 1 ag Páirc Bhaile an Bhóthair, 1 ag Cúirt Ghleann an Draoi, agus 1 ag Lána an Átha Mhóir. Cuireadh 3 aonad nua 4 leaba ar fáil i gClós na Sceach, Ascaill na nÉan, Cluain Sceach faoi Chuid V den Acht Pleanála agus Forbartha. Rinneadh clár beartaithe mionoibreacha cothabhála ar thithíocht atá go sonrach le haghaidh Taistealaithe i gcríoch lena n-áirítear uasghrádú ar chórais theas lárnaigh i nGarrán Bhaile Uí Ógáin agus Corrán an Ghárrain Chnó. Rinneadh athruithe i leith míchumais le suiteáil dhá sheomra folctha ar leibhéal inrochtana agus 4 ráille láimhe.

Chas an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe (LTACC) le chéile faoi shé le linn 2018. Chlúdaigh na hábhair a pléadh comhairliúchán agus dul chun cinn leis an gClár nua cúig bliana ar Chóiríocht do Thaistealaithe 2019 – 2024.

## Caighdeáin sa Tithíocht Phríobháideach Ar Cíos

Reáchtáil Earnáil na gCaighdeán iomlán de 1,541 cigireacht (1ú, 2ú & 3ú) in 929 teaghais in 2018. Ardú de 235% a bhí ansin ar líon na gcigireachtaí a rinneadh in 2017. Bhí an sprioc do 2018 a bhí socraithe ag an Rannóg bunaithe ar 10% de na tionóntachtaí cláraithe in DLR.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

De na cigireachtaí:

- Fuarthas 35 teaghais comhlíontach ar an 1ú cigireacht.
- Eisíodh Fógraí Deisiúcháin neamh-fhoirmiúla do 1506
- Eisíodh 16 Feabhsúchán.
- Eisíodh 6 Fhógra Toirmisc
- Níor glacadh aon Chaingean Dlí

## Teaghaisí Folmha

Le linn 2018 lean an Chomhairle ag cur a plean i leith teaghaisí folmha i bhfeidhm ag obair le sonraí ón log-eolaire agus le teaghaisí folmha a bhí aitheanta ag an gComhairle. I ndiaidh scrúduithe mionsonrach ag an gComhairle, lena n-áirítear amharc-iniúchtaí, aithníodh 21 teaghais a bheith folamh agus a bheith oiriúnach don Scéim Athchóirithe agus Léasaithe. Chuaigh an Rannóg Tithíochta i dteagmháil le húinéirí na 21 teaghais ag tabhairt eolais dóibh faoi na scéimeanna éagsúla faoi Atógáil Éireann. Leanfaidh an Chomhairle leis an obair seo ar feadh 2019. I ndiaidh éadáil eastáit bhig de 12 aonad cónaithe faoin Scéim Ceannaigh & Athchóirithe tosaíodh ar aisfheistiú domhain sna 12 teaghais ag tosú i Márta 2018. Ta na teaghaisí seo le seachadadh go luath in 2019.



*Teaghaisí nua ag Teach Bhaile an Róistigh, An Naigín*

# Bonneagar agus Athrú Aeráide

**781**
Fíneáil bhruscair eisithe

**6,697m²**
Graifítí glanta

**35**
Iarratas i gComórtas na gCeantar Slachtmhar

**59**
Carr tréigthe tugtha chun bealaigh

Dréachtphlean um Athrú Aeráide Forbartha

Forfheidhmiú
**589** ceadúnas eisithe,
**8,675** cigireacht,
**1,129** caingean tógtha

# Bonneagar agus Athrú Aeráide

Cuimsíonn Stiúrthóireacht Bhonneagair agus Athrú Aeráide réimse leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuairteoirí atá deartha le comhshaol agus ríocht phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

### Is iad na croí-sheirbhísí ná:

## Comhshaol

In 2018 ghlac an Chomhairle lena Plean Bainistithe Bruscair don tréimhse trí bliana 2018 – 2020. Sa phlean sonraítear spriocanna agus cuspóirí chun dul i ngleic le fadhb an truaillithe bruscair agus féachann sé le feabhsúcháin in-chainníochtúla a bhaint amach i leith bruscar a chosc. Le linn 2018 lean maoir bhruscair na Comhairle ag forfheidhmiú na reachtaíochta ábhartha lena n-áirítear na Fodhlíthe Bruscair. Eisíodh 781 fíneáil bhruscair le linn na bliana.

Lean maor madraí na Comhairle ag forfheidhmiú na reachtaíochta faoi Rialú Madraí i rith na bliana. Tógadh isteach 57 madra ar fad i bpóna na Comhairle le linn 2018.

Leanadh ar aghaidh le clár bainte graifítí le linn 2018 le 6,697 m2 de ghraifítí glanta i rith na bliana.

Tógadh 59 Carr Tréigthe/Dóite chun bealaigh in 2018.

Tógadh 13 capall isteach sa phóna i 2018.

Bhí 35 Grúpa Áitritheoirí, Coiste Bailte Slachtmhara agus Grúpa Bainistithe Eastát rannpháirteach i gComórtas na gCeantar Slachtmhar in 2018. Deilginis a bhuaigh an duais mhór.

Bhí 20 scoil páirteach i gComórtas na Scoileanna Slachtmhara in 2018. Rinne an Bainisteoir Feasachta Comhshaoil bainistiú ar Chlár na Scoileanna Glasa chomh maith, le 110 scoil cláraithe in 2018. Reáchtáladh 9ú Éic-Chomhdháil bhliantúil na scoileanna in Eanáir 2018.




***An Cathaoirleach Cllr. Ossian Smyth le Maoir Bhruscair na Comhairle agus Deilginis, Buaiteoirí na gCeantar Slachtmhar 2018***





# Bainistiú Réadmhaoine

Déanann Earnáil Bhainistithe Réadmhaoine na Comhairle tailte agus réadmhaoine leis an gComhairle a bhainistiú agus déanann sé an Clár Leasa Réadmhaoine agus an chartlann a fhorbairt agus a riaradh. Tá an Earnáil freagrach as ionracas na nósanna imeachta i bpróisis éadála, diúscartha, orduithe ceannaigh éigeantaigh, litreacha toilithe agus léasaithe a chinntiú. Déanann an Earnáil seo freagrachtaí na Comhairle a achtú faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 agus tugann sé freagraí oifigiúla ar fhiosruithe inmheánacha agus ón bpobal faoi thailte atá faoi úinéireacht na Comhairle. Faoi láthair tá 48 ligean sealadach/leasú tráchtála as a bhfuair an Chomhairle ioncam de €280,000 in 2018 á n-oibriú ag an Earnáil.

Mar chuid de fhreagrach na Comhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 coinníonn an Chomhairle Clár na Láithreán Tréigthe, déanann sí comhordú ar chigireachtaí oifigiúla láithreán, eisíonn sí fógraí agus muirir thobhaigh i leith láithreán a mheastar a bheith tréigthe. In 2018, fuair an Chomhairle ioncam de €17,000 as muirir thobhaigh ar láithreáin thréigthe. In 2018 bhí 19 foirgneamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe, ar meascán iad d'áiteanna cónaithe agus tráchtála.

# Oifig na dTionscadal Caipitil

Seo leanas na Mórthionscadail/Scéimeanna Caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó críochnaithe le gairid ag an gComhairle agus atá á gcistiú ag Tobhaigh/Deontais Fhorbartha:

**Scéimeanna á dtógáil/críochnaithe:**
- Bóthar Sheangánach oibreacha sealadacha Céim 1
- Folcadáin Dhún Laoghaire
- Pailliún Leadóige Pháirc Chnoc an Tobair.
- Cosaint Chósta Lána na Coirre Bána
- Creat Ghluaiseacht Shráidbhaile Stigh Lorgan Céim 1

**Scéimeanna ag Staid Mhionsonrach Deartha:**
- Bóthar Ceangail Acomhal 14 M50
- Scéim Fheabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh
- Samuel Beckett Céim 2
- N11 – Bóthar Ghleann an Draoi
- Bóthar na Raithní Móire go Bóthar Ceangail Dhroim Máirtín
- Bóthar Áth na Sceire Bóthar Ghleann na Muc Uasghrádú Acomhail (Acomhal na Liathróide Órga)
- Ríocht Phoiblí Lár Dhún Laoghaire –Ardán Haigh

**Scéimeanna ag Staid Deartha:**
- Glasbhealach Choill na Silíní go Seanchill
- Linn Ghleann Alban
- Bóithre Cheantar Ghleann na Muc
- S2S Conair an Chósta Thoir (Baile an Bhóthair go Dún Laoghaire)

CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Earnáil Phleanála Iompair

Rinne an Earnáil Phleanála Iompair na hoibreacha seo leanas in 2018:

- Tuairisciú ar 1,219 iarratas pleanála
- Reáchtáladh thart ar 182 comhairliúchán réamhphleanála agus géilliúlachta le hailtirí, innealtóirí agus pleanálaithe ar mhaithe le dul chun cinn iarratas pleanála agus forbartha a éascú.
- Rinne tuairisciú ar chomhairliúcháin réamhphleanála maidir le Forbairt Straitéiseach Tithíochta.
- D'fhreastail ar chruinnithe comhairliúcháin réamhphleanála Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta in Oifigí an Bhoird Phleanála.
- Rinne tuairisciú ar iarratais Cuid 8 agus ar achomharc chuig An Bord Pleanála ar iarratais Alt 5
- Ionchur iompair chuig Bainistíocht Phleanála Forbartha SDZ Choill na Silíní agus maidir le réamh-iarratais Cuid 8.
- Tacaíocht Iompair d'Earnálacha Sheirbhísí Bardasacha i leith tógála agus saincheisteanna i leith ghéilliúlacht iar-thógála.

## Aonad Comhshaoil agus Fhorfheidhmiú Bainistithe Dramhaíola

Déanann an tAonad Forfheidhmiúcháin monatóireacht agus forfheidhmiú ar ghéilleadh le rialacháin faoi (a) bainistiú dramhaíola (b) truailliú (c) truailliú torainn.

I measc na réimsí tosaíochtaí in 2018 bhí:

- Fiosrúchán, Measúnú agus Clabhsúr ar chlamhsáin a logáladh ar chóras CRM na Comhairle.
- Fiosrúchán agus roghanna leasaithe a aithint faoi iar-dhumpa Bardasach Bré, atá suite ar an teorainn idir Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Cuireadh tús le comhairliúchán Cuid 8 faoi scéim cosanta cósta chun an riosca comhshaoil a íosmhéadú.
- Tosaíochtaí Náisiúnta Comhshaoil: Dumpáil Mhídhleathach (lena n-áirítear dramhaíl C & D), Géilliúlacht le Bainistiú Dramhaíl Tí lena n-áirítear Araid Donn, Tionscnamh Fhreagracht Táirgeoirí Dramh-Bhonn, Dramh-Phacáistiú, Rialacháin faoi Bhreosla Soladach 'Forfheidhmiú Guail Dheataigh'.
- Bhain Dún Laoghaire- Ráth an Dúin amach rátáil 'Os Cionn Sprice' i leith Mheasúnú Fheidhmiú Forfheidhmithe.



*Seoladh e-chupáin inbhuanaithe inathúsáide na Comhairle*

**Forfheidhmiúcháin**

| | |
|---|---|
| **Saoráidí Cláraithe/Ceadúnais Eisithe** | |
| Forfheidhmiú Comhshaoil | 587 |
| Uisce | 2 |
| **Cigireachtaí** | |
| Forfheidhmiú Comhshaoil | 4057 |
| Bruscar | 2826 |
| Truailliú Uisce | 1792 |
| **Clamhsáin Faighte** | |
| Forfheidhmiú Comhshaoil/ | 3174 |
| Truailliú Bruscair/Uisce | 68 |
| **Bearta Forfheidhmiúcháin** | |
| Forfheidhmiú Comhshaoil | 300 |
| Uisce | 53 |
| Bruscar | 776 |

## Cosaint Shibhialta agus Seirbhís Dóiteáin

Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Chosaint Shibhialta ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. In 2018 an sciar den chostas a thit ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná €113,860. Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tSeirbhís Dóiteáin i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar fáil chomh maith, de bhua comhaontaithe faoi Alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil.



*Cllr. Tom Murphy (An Cathaoirleach ó Mheitheamh 2017 go Meitheamh 2018) le "Banríon WEEElandia" ag seoladh mhór aonach athchúrsála/uaschúrsála*

## Gnó Glas

### LAPN (Líonra Cosanta Údarás Áitiúil) Tionscadal Cistithe 2017

Le linn Iúil agus na Samhna 2017 tairgeadh dhá cheardlann TÉ GLAS SÁBHÁIL AIRGEAD do SME sa Chontae. D'fhreastail thart ar 19 SME ar cheardlanna leath-lae inar fhoghlaim siad faoi éifeachtacht acmhainne ag obair trí shraith cur i láthair ó Lucht Gnó ó Phobal Éireann, An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, Grúpa Musgrave, SSE Airtricity agus Lárbhaile Dhún Droma. D'fhorbair na rannpháirtithe Pleananna Gníomhaíochta Comhshaoil chomh maith dá n-eagraíochtaí féin agus tugadh cuireadh dóibh leas a bhaint as meantóireacht comhshaoil chun Deimhniúchán €coMerit a bhaint amach. Rinneadh Tuarascáil Theicniúil agus Staidéar Cáis, ag tabhairt achoimre ar an tionscadal, a fhorbairt in 2018 agus cuirfear ar fáil é d'Údaráis Áitiúla ar mhian leo cuidiú le SME ina gceantair féin le bheith níos éifeachtaí maidir le hacmhainní.

### Gradaim Ghnó Chomhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2018

Reáchtáladh Gradaim Ghnó Chomhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in Óstán Chaisleán Mhic Gearailt, Cill Iníon Léinín i Meán Fómhair 2018. Rinne Comhairle Contae dlr urraíocht ar dhá chatagóir de na 13 catagóir -Gradam Gnó Glas Comhshaoil agus Gradam don Tionscnamh Nua is Fearr.

### An Clár €coMerit

Deich mbliana i ndiaidh a sheoladh, cuireadh méadú ar an gClár €co Merit chun clár náisiúnta a dhéanamh de in 2018. Tá sé deartha le cuidiú le heagraíochtaí (SME go príomha) chun coigilteas a dhéanamh ar a gcuid costas fuinnimh, uisce agus dramhaíola agus san am céanna a bheith ag éirigh níos inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil de, sa phróiseas.

Déanann comhpháirtíocht d'Údaráis Áitiúla (lena n-áirítear Comhairle Contae dlr), na trí Oifig Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola, €concertive agus An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil,an clár a sheachadadh. Baineann rannpháirtithe aitheantas amach dá ngnóthachtálacha comhshaoil trí bhronnadh deimhniúchán €coMerit a fhaightear go bliantúil lena chinntiú go dtarlaíonn feabhsúchán leanúnach comhshaoil.

Go dáta, tá tacaíocht faighte ag 178 cuideachta chun deimhniúchán €coMerit a bhaint amach. Tá meán-choigilteas bliantúil déanta ag sealbhóirí deimhniúcháin ina gcuid costas fuinnimh, uisce agus dramhaíola de €8,280 bunaithe ar fheabhsúchán Bhliain 1 amháin. Ó shin tá laghduithe eisiltí carbóin bliain ar bhliain de 9% curtha in iúl ag Sealbhóirí Dheimhniúchán € co Merit. Ó seoladh Scéim Deontais SEAI "Pobail Níos Fearr Fuinnimh" in 2012 tá iarratais ar dheontais déanta ag an gClár € co Merit gach bliain ar son Sealbhóirí Deimhniúcháin. Go dáta tá rochtain faighte ag cuideachtaí €co Merit chuig €1,146,899 de chistiú deontais SEAI i leith 60 tionscadal éagsúil coigilte fuinnimh.

## Ionaid Athchúrsála

### Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

An tonnáiste ábhair in-athchúrsáilte a tugadh go Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin le linn 2018 ná 8036tonnes

### Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Tugadh 690 tonna d' ábhair in-athchúrsáilte go hIonad Athchúrsála Pháirc Éidin in 2018.

### Ionad Athchúrsála Sheangánach

Tugadh 315 tonna d'ábhair in-athchúrsáilte go hIonad Athchúrsála Sheangánach in 2018.

### Ionaid Fág Anseo

Cuireann an Chomhairle 37 ionad ar fáil. Tugadh 3,443 tonna ar fad d'ábhair in-athchúrsáilte chuig na hionaid i rith na bliana.

## Athrú Aeráide

Le linn 2018 bhí Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath ag obair le Codema, a gcomhairleoir fuinnimh agus athrú aeráide chun ceithre phlean maolaithe agus oiriúnaithe athrú aeráide a fhorbairt – ceann na comhairle do gach Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath. Leagfaidh an Plean amach príomh-spriocanna agus gníomhaíochtaí. Eagrófar na gníomhaíochtaí faoi na teidil seo leanas: Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Athléimneacht ar Thuilte, Réitithe atá fréamhaithe sa Nádúr agus Bainistiú Acmhainní ag léiriú sainordaithe na Comhairle.

CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

# Seirbhísí Dlí

Seimineáir Inmheánacha ar an Acht Tithíochta

Seimineáir Inmheánacha ar Sheirbhísí Comhshaoil

Seisiúin Eolais GDPR agus foireann chlár príobháideachta bunaithe

**977**
Treoir nua faighte ag an Rannóg

D'fhorbair Nósanna Imeachta GDPR

Seimineár inmheánacha ar Cheadúnais Oscailte Bóthair

# Seirbhísí Dlí

Lean an Rannóg Seirbhísí Dlí ag cur seirbhísí dlí ar fáil don Fheidhmeannas in 2018 sna réimsí seo leanas:

- Comhairleach – comhairle dlí don Fhoireann Bainistíochta agus d'fhoireann na Comhairle i leith Feidhmeanna na Comhairle.
- Réadmhaoine agus talamh – Éadáil agus diúscairt réadmhaoine agus talaimh, leasuithe agus ceadúnais, fiosruithe teidil, ceannach ag tionónta, Iasachtaí na Comhairle
- Ceannach Éigeantach talaimh – éadáil agus éisteachtaí ó bhéal
- Forfheidhmiú Rialála – Pleanáil, bainistiú dramhaíola agus ionchúiseamh bhruscair.
- Iompar Frith-Shóisialta
- Athbhreithniú breithiúnach
- Dlíthíocht Shibhialta
- Réiteach Aighnis (idirbheartaíocht, eadráin agus comhréiteach)
- Aisghabháil Rátaí agus bailiú fiacha
- Rialachas Corparáideach

Lean an Rannóg Seirbhísí Dlí ag cur seirbhísí dlí ar ardchaighdeán ar fáil agus bhí ról suntasach aici ag tacú leis an bhFeidhmeannas chun a chuid spriocanna a bhaint amach do 2018. Fuair an Rannóg Seirbhísí Dlí 977 treoir nua a bhain leis na réimsí atá luaite thuas.

D'aontaigh an Rannóg Seirbhísí Dlí ráiteas misin nua agus chríochnaigh sí plean straitéiseach cúig bliana a bheidh faoi réir comhairliúcháin inmheánaigh in 2019.

Le linn 2018, tháinig ardú ar líon na n-idirbheart a bhain le réadmhaoine i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, go háirithe maidir le soláthar tithíochta sóisialta. Críochnaíodh mórán iasachtaí faoi Scéim nua Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann chomh maith. Tugadh faoi leibhéal suntasach oibre chomh maith, i leith fhorfheidhmiú pleanála, ionchúiseamh bruscair agus dlíthíocht bhainistithe eastát.

Bhí an rannóg seirbhísí dlí páirteach i roinnt ábhar suntasach in 2018 mar a leanas:

- Comhairle agus cleachtas díograis chuí maidir le díscaoileadh Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire agus aistriú a cuid sócmhainní, dliteanas agus fostaithe go dlí an Chomhairle.
- Bunú próiseas nua dlí maidir le Scéim Iasachta Tí Atógáil Éireann.
- Ag reáchtáil athbhreithniú comhionannais leis an Rannóg Tithíochta faoi sholáthar tithíochta sóisialta agus seirbhísí do dhaoine gan dídean na Comhairle le haghaidh Choimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann.
- Ag déanamh ionadaíochta ar an gComhairle sa Chúirt Uachtarach faoin gceist an bhféadfadh cosaint chúnamh stáit seasamh i leith gan rátaí a íoc.





- Soláthar comhairle maidir le Scéim Phleanála Choill na Silíní agus idirbhearta réadmhaoine a bhain le tógáil agus comhaontuithe a bhain le ceantar SDZ Choill na Silíní.
- Éisteacht ó Bhéal faoi Ordú Cheannach Éigeantach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (Scéim Fheabhsúchán Bhóthar an Ghleanna Dhuibh)2018

Reáchtáil an Rannóg Seirbhísí Dlí roinnt seimineár, chomh maith a bhain leis a leanas:

- Acht Tithíochta 2014 – Nósanna Imeachta nua do chásanna 'áitítheoir mídhleathach'
- Seirbhísí Comhshaoil – Nósanna Imeachta éifeachtacha i leith ionchúiseamh rathúil.
- Ceadúnais Oscailte Bóthair – Seisiún Eolais

## Cosaint Sonraí

Mar a bhaineann le seoladh isteach an Rialacháin Ghinearálta Cosanta Sonraí (GDPR) ar 25ú Bealtaine 2018, cheap an Príomhfheidhmeannach Gníomhaire Dlí mar Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle. Oibríonn an tOifigeach Cosanta Sonraí leis an bhfoireann sa rannóg seirbhísí dlí chun a ról a chomhlíonadh mar Oifigeach Cosanta Sonraí. Oibríonn an tOifigeach Cosanta Sonraí leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach as riaradh iarratas rochtana chuig sonraí ábhair.

Chun réiteach a dhéanamh do Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí thug an tOifigeach Cosanta Sonraí, i gcomhar leis an bhfoireann ón Rannóg Seirbhísí Dlí agus an Rannóg Corparáide, Rialachais agus Cumarsáide, faoi a leanas:

- Seisiún Eolais a chur ar fáil do na Comhaltaí tofa faoi GDPR.
- Seisiún eolais a chur ar fáil d'fhoireann uile na Comhairle faoi GDPR
- Bhunaigh Foireann Chlár Príobháideachta a éilíonn ar gach earnáil sa Chomhairle Seaimpín GDPR a cheapadh.
- D'fhorbair nósanna imeachta i leith iarratas rochtana chuig sonraí ábhair agus sáruithe cosanta sonraí.
- D'eagraigh oiliúint le haghaidh Seaimpíní GDPR laistigh de gach earnáil den Chomhairle.

Bhí an tOifigeach Cosanta Sonraí ionstraimeach i gcruthú creata laistigh den Chomhairle i leith ghéilliúlacht le GDPR ar bhonn leanúnach.



# Rannóg Seirbhísí Bardasacha

Soilsiú Sráide

**2,561**

Athchur déanta ar Laindéir le LED ard-éifeachtacha

**32%**

De laindéir uasghrádaithe anois

**72**

Maor tráchta lánaimseartha

**13**

Maor tráchta cúltaca

**128**

Seastán nua rothar

**1,397**

Páiste a fuair oiliúint ar rothar

Breis is **1,2m**

idirbheart páirceála gan airgead

**7,100**

rannpháirteach in imeachtaí Chomphháirtíocht Spóirt DLR

# Rannóg Seirbhísí Bardasacha

## Earnáil Seirbhísí Uisce

Tá Earnáil na Seirbhísí Uisce freagrach as an líonra uisce dromchla sa Chontae a bhainistiú. Déantar an t-uisce dromchla a bhailiú agus ansin é a scaoileadh isteach sna haibhneacha in aice láimhe nó amach sa bhfarraige.

Déanann an earnáil leis monatóireacht ar an riosca tuillte sa Chontae ar bhonn laethúil agus cuireann sí an Grúpa Comhordaithe agus na Foirne Oibríochtaí i mbun gnímh nuair a eisíonn Met Éireann foláirimh aimsire. Déanann Foireann Measúnaithe Drochaimsire monatóireacht ar gach teagmhas aimsire.

Léiríonn na gníomhaíochtaí seo leanas an dul chun cinn a rinne Seirbhísí Uisce in 2018 chun a Sprioc Corparáideach, le minicíocht tuilte a íoslaghdú, a bhaint amach.

Bainistiú Riosca Tuilte
Cuireann Earnáil na Seirbhísí Uisce chun cinn, ina theannta sin, Scéime-anna Faoisimh ó Thuilte i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), arb é an foras a thiteann an príomhdhualgas air as dobhar-thuilte agus as clár pleanáilte tosaíochtaí d'oibreacha indéanta a fhorbairt.

Cuireadh na Scéimeanna Bainistithe Riosca Tuilte seo leanas chun cinn in 2018:

- Baile an tSaoir (Acomhal 13) Feabhsúchán Stórála Tuilte– Suir-bhéireacht agus scrúdú talún.
- Stóráil Tuilte Pháirc Chill Bhogóige – Scrúdú talún
- Stóráil Tuilte Pháirc Ghleann Abhann – Dearadh Coincheapa
- Stóráil Tuilte Pháirc Chnoc na Raithní – Dearadh Coincheapa
- Stóráil Tuilte Pháirc Áth an Ghainimh – Dearadh Coincheapa
- Stóráil Tuilte Pháirc Chábán tSíle –Réamh-Dhearadh
- Suiteálacha Ceamaraí Scéithe – Páirc Chill Bhogóige, Radharc na Deargaile
- Staidéar Abhantraí Comhtháite Abhainn Slaing - Soláthar agus Bronnadh ar Shainchomhairleoir.

## Cosaint Chósta

Tá an fhreagracht as feidhmiú Staidéar Straitéiseach an Chósta curtha anonn ó Sheirbhísí Uisce go dtí an Earnáil Chothabháil Bóithre.

In 2018 thug Seirbhísí Uisce Tionscal Cosanta Cósta Líonadh Talún Bré go staid chomhairliúcháin Cuid 8.







*Oíche Chultúir á seoladh i gClós Ceardaíochta Mharlaí*

## Rialú Thruailliú Uisce

An phríomhfheidhm atá ag an Earnáil um Rialú Thruailliú Uisce (WPCS) na leis an gcaighdeán uisce atá sna dobharlaigh sa Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú. Éilíonn an Creat-Treoir Uisce (WFD) go mbeadh stádas maith éiceolaíochta ag gach dobharlach in Éirinn faoi 2021.

Éilíonn an Plean Náisiúnta i leith Fheidhmiú Chéim a Dó de WFD ar DLR staid Shrutháin Bhaile Uí Ógáin agus Chábán tSíle ag Abhantrach Sheangánach a fheabhsú ó staid mheasartha go staid mhaith éiceo-laíochta. Chuir DLR tús le rannpháirtíocht le SDCC i dTionscadal i leith Shaol Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath, atá cistithe ag an Eoraip,i nDeireadh Fómhair 2018 chun an cuspóir sin a bhaint amach. Éilíonn an Plean Náisiúnta leis, go gcuirfí feabhas ar staid éiceolaíoch-ta Abhainn an Dodder ó mheasartha go staid mhaith. Chuir SLR tús le staidéar ar Abhainn an tSlaing i Meán Fómhair 2018 (foth-abhainn den Dodder) leis an aidhm le 1,500 suirbhé a dhéanamh ar mhí-cheangail san abhantrach sin chun caighdeán an uisce sa Slang a fheabhsú agus tacóidh sé sin le hiarrachtaí Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliathan sprioc a bhaint amach don Dodder.

Lean an WPCS a bheith gafa leis na gníomhaíochtaí seo leanas atá ag cur leis an Sprioc Corparáideach le ceangaltais an DFD a bhaint amach.

- Suirbhéanna ar Mhí-Cheangail.
- Ceadúnú dhoirteadh eisiltigh trádála faoi Ailt 4 d'Achtanna Truaillithe Uisce 1977 agus 1990 agus monatóireacht ar dhoirtí eisiltigh trádála faoi na hAchtanna Truaillithe Uisce 1997 agus 1990.
- Fiosrú faoi theagmhais thruaillithe uisce.
- Sampláil uisce abhann ar na srutháin ar fad sa chontae.
- Monatóireacht ar ghníomhaíocht thógála chun truailliú uisce a choinneáil faoi smacht.
- Measúnaithe imscrúdaithe ar na srutháin sa chontae.
- Cigireachtaí ar chórais chóireála dramhuisce feirme agus tí.

## Seirbhísí Uisce – Comhaontú SLA le Uisce Éireann

Déanann Earnáil Seirbhísí Uisce na córais uisce phoiblí agus dhraenáil braon-ábhar sa chontae a bhainistiú agus a chothabháil faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le Uisce Éireann agus de réir an Phlean Bliantúil Seirbhíse. Cuimsíonn an Comhaontú Leibhéal Seirbhíse leis go gcuideodh foireann Seirbhísí Uisce DLR le Uisce Éireann i bpleanáil an bhonneagair don todhchaí sa chontae atá mar chomhpháirt riachtanach chun an Sprioc Corparáideach le soláthar tithíochta agus leathnú ar dheiseanna fostaíochta sa Chontae a bhaint amach.



*Scéim Fheabhsúcháin Bhóthar Frascati*



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## Earnáil Seirbhísí Iompair

**Áirítear i measc phríomhghníomhaíochtaí na hEarnála Tráchta agus Sábháilteachta ar Bhóithre:**

- Dearadh, tógáil agus uasghrádú líonra bóithre na Comhairle, feabhsúchán ar acomhail agus bainistiú tráchta.
- Bainistiú ar an gcóras soilse tráchta (SCATS)
- Soláthar Chlár Reachtúil Comharthaíochta agus Línéala.
- Soláthar agus uasghrádú áiseanna do choisithe agus do rothaithe ar fud an chontae agus feabhas a chur ar áiseanna d'úsáideoirí bóthair atá ar laghdú gluaiseachta nó faoi mhíchumas.
- Ionchur tráchta i bpleananna áitiúla agus náisiúnta m. sh. Plean Forbartha an Chontae agus Straitéis Iompar Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Pleananna Limistéar Áitiúil.
- Cur chun cinn na rothaíochta agus an taistil inbhuanaithe.
- Bearta Sábháilteachta ar Bhóithre agus Coisc ar Thimpistí.
- Oideachas faoi Shábháilteacht ar Bhóithre & oibriú na Seirbhíse Maor Scoile.
- Soláthar bearta Tosaíochta Bus/Stadanna Bus/Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí.

Ina theannta sin, tá scéimeanna ceadúnaithe/ceadanna a n-oibriú ag na hEarnálacha Tráchta agus Sábháilteachta ar Bhóithre, ar nós scannánaíocht ar bhóithre/chosáin phoiblí, teastais ualaí neamhghnácha, Boird agus Cathaoireacha Lasmuigh, ceadúnais scipeanna dramhaíola, ceadúnais dhúnta bóthair, Ceadúnais oscailte bóthair(bainistiú tráchta) agus ceadúnais Chomharthaíochta i leith Ócáidí.

Ní bheadh na gníomhaíochtaí seo indéanta murach rannpháirtíocht ár bPáirtithe Leasmhara ar fad, lena n-áirítear Ionadaithe Poiblí, An Garda Síochána, Bus Átha Cliath, Lean Leat,(Go Ahead), an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Na Seirbhísí Éigeandála, Lucht Gnó agus Na Pobail.

**Faoi chreat-infheistíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) i réimse B Inbhuanaithe Iompair chun Rothaíocht agus Siúl a éascú cuireadh roinnt scéimeanna bhonneagar siúlóide agus rothaíochta chun cinn in 2018. Chuimsigh siad a leanas:**

- Scéim Fheabhsúchán Rothaíochta Bhóthar Wyattville – Críochnaithe.
- Bealach Rothaíochta Bhóthar Bhaile na Manach – Críochnaithe mar chuid de scéim chothabhála bóthair.
- Uasghrádú/Athlonnú Stad Bus ag Bóthar an Ghoirt Ghlais, Cnoc Mhuirfean – Críochnaithe.
- Bealach Rothaíochta Áth an Ghainimh(Cluain Sceach go Áth an Ghainimh): Br. Chluain Sceach (Rochtain chuig UCD)Mion-Dearadh& Br. Ceangail Dhroim Mháirtín/Br. Chill Gobáin-Miondearadh
- Bealach Rothaíochta Bhóthar Stigh Lorgan N11 –Scéim Sábháilteachta Bhóthar na Grúdlainne-Miondearadh & Ascaill Foster go Droichead Coise ag UCD Nova-Miondearadh

- Feabhsúcháin Acomhail Br. Theach Naithí/Br. Bhaile an Teampaill Uach./Br. Dhún Droma–Roghanna Dearaidh Br. Naithí/ Br. Bhaile an Teampaill Uacht. Br. Dhún Droma
- Bealach Rothaíochta Ghleann Bhríde (Coill na Silíní go Ospidéal Bhaile Uí Lachnáin)-Staid Roghanna Dearaidh
- Glasbhealach an Dodder- roghanna dearaidh i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Conair an Chósta Thoir-Baile an Bhóthair go Dún Laoghaire-staid roghanna dearaidh
- Páirceáil Rothar ar fud an Chontae-breis is 133 seastán suiteáilte.
- Bonneagar Stad Bus suiteáilte do NTA ar bhealach nua 175 (Iarthar na Cathrach-UCD-Iarthar na Cathrach)

### Clár Uasghrádaithe Acomhal:

Críochnaíodh roinnt acomhal nó cuireadh tús le tógáil orthu in 2018:

- Br Bhaile an Teampaill Uacht/Ascaill Dhroim Meala-Scagadh ar clé
- Br Chill Mhochuda Íocht. agus Ascaill Uacht/Theas-leagan amach nua.
- Páirc Frankfort/Br Dhún Droma- uasghrádú acomhail.
- Trasrian Coisithe críochnaithe nó tógáil tosaithe orthu in 2018
- Br Áth na Sceire ag bealach isteach go Diméin Chnoc na Raithní, An Chéim.
- Br Ghoirt an Bhreithimh ag Gort na Gráinsí/Halla na Gráinsí, Baile an tSaoir.
- Br Bhartúin Thoir ag Bealach an Gharráin Chnó, Rath Fearnáin
- Ascaill Clifton/Ascaill Rinn na Mara, Baile na Manach

### I measc Scéimeanna Sábháilteachta ar Bhóithre agus Ríochta Poiblí:

- Creatphlean Gluaiseachta Cheantar Sráidbhaile Stigh Lorgan – Céim 1 Staid Thógála &Céim 2 – Staid Dhearaidh.
- Scéim Feabhsaithe Tráchta Br Bhaile na Manach-Críochnaithe
- Ardán Grosvenor, Baile na Manach-scéim thráchta aontreo
- Br Fhearann na Scéimhe, Baile an Teampaill-scéim thráchta & sábháilteachta bóthair-Críochnaithe
- Ascaill Charlemont, Dún Laoghaire-scéim thráchta aontreo
- Eastát Chnocán na Rós, Dún Droma-uasghrádú acomhail & cosáin-Críochnaithe.

### Comharthaí Tráchta & Córais Chliste Iompair (ITS):

Is é SCATS, an córas oiriúnaitheach trácht-rialaithe a riarann 163 acomhal ar fud an chontae faoi láthair. Déanann sé monatóireacht agus oiriúnú leanúnach ar acomhail rialaithe le soilse tráchta chun gluaiseacht níos éifeachtaí a thabhairt ar líonra na mbóithre.

- Déanann an EarnáilITS 65.7 km de Líonta Snáthoptaice a bhainistiú
- Cothabháil ar 327 acomhal rialaithe ag soilse tráchta &Trasrianta Coisithe
- Monatóireacht agus bainistiú ar 84 ceamara CCTV
- Tá 85% de chomharthaí tráchta acomhail sa Chontae ar an gcóras SCATS anois agus déanann siad tuairisciú go huathoibríoch ar lochtanna chuig ár gCóras Bainistithe Lochtanna





- Déanann an Earnáil ITS na Réamh-Chomharthaí Rabhaidh Scoile chomh maith leis na Comharthaí Rabhaidh Luais, a bhfuil 152 díobh ar fad sa Chontae, a chothabháil agus a bhainistiú.

### Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá DLR tiomanta do líon na dtimpistí agus na dtaismeach ar bhóithre an Chontae a laghdú trí shiúlóid, rothaíocht agus tiomáint shábháilte a chur chun cinn tríd an oideachas agus feachtais shábháilteachta bóthair. D'fhéadfadh sé go mbeadh innealtóireacht bóthair agus tráchta mar aon le forfheidhmiú cionta tráchta i measc idirghabhálacha chun líon na dtaismeach a laghdú. Cuireadh na gníomhaíochtaí seo leanas i gcrích in 2018:

- Athbhreithniú ar Bhliain 3 de Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre 2015 go 2020.
- Tá teorainn luais 30km/u tugtha isteach ar 742 bóthar in eastáit thithíochta agus limistéir chónaithe ag teacht le 'Treoirlínte i leith Teorainneacha Luais a Shocrú agus a Bhainistiú in Éirinn' atá eisithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Márta 2015) agus atá éigeantach.
- Tá Comharthaíocht Teachtaireachtaí Aithreacha (VMS – comhartha tráchta leictreonach a úsáidtear go minic chun tiománaithe a chur ar an eolas faoi imeachtaí ar leith) suiteáilte ar Bhóthar na Carraige, An Charraig Dhubh ag Cnoc an Teampaill.
- Scéim phíolótach Chomharthaíocht Fholáireamh Luais 30km/u in Eastáit Chónaithe. Tá an scéim críochnaithe go hiomlán anois le súil dul chun cinn go Céim 2 den tionscadal. Tá comhartha foláirimh Luais suiteáilte sna 7 láthair phíolótach anois.
- Liosta na nEastát Píolótach:
    - o Bóthar Hainault, Carraig an tSionnaigh,
    - o Ascaill Abhóca, An Charraig Dhubh,
    - o Eastát Bhaile Amhlaoibh, Dún Droma,
    - o Gráinseach Mharlaí, Rath Fhearnáin.
    - o Páirc Beithe/Bóthar Chluain Caoin, Gráinseach an Déin,
    - o Ascaill Bhaile Uí Ógáin, Carraig Mhaighin,
    - o Eastát Watson Cill Iníon Léinín.
- Bunú Grúpa Ag Obair Le Chéile Sábháilteachta Bóthair le hionadaithe ó An Garda Síochána, RSA agus TII chun fócas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre – reáchtáil 2 chruinniú in 2018.
- Soláthar Sheirbhís Mhaor Scoile le 72 maor lánaimseartha agus 13 maor cúltaca in áit le linn 2018. Ina theannta sin fuair 81 maor scoile oiliúint i rith na bliana agus thug 3 mhaor cainteanna i réamhscoileanna/Scoileanna Montessori.
- Reáchtáil Seó Sábháilteachta ar Bhóithre DLR/AXA le 2,095 Scoláire Idirbhliana i láthair as 28 scoil/coláiste ar 8ú agus 9ú Deireadh Fómhair 2018.
- Reáchtáil roinnt laethanta Feasachta faoi Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhar le An Garda Síochána agus Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.
- Chuir Tionscadal EDWARD (Lá gan Bás ar Bhóithre na hEorpa) chun cinn ar 21ú Meán Fómhair 2018.

# Rothaíocht agus Taisteal Inbhuanaithe

San áireamh i measc tionscnamh in 2018 chun rothaíocht agus taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn bhí:

- D'oibrigh go dlúth le UCD chun cultúir thaisteal inbhuanaithe a fhorbairt mar chuid de Ghrúpa Stiúrtha Comaitéireachta lena n-áirítear forbairt Plean Taistil Champais.
- "Treoirphlean Siúlóide, Bus agus Taistil" curtha ar ríomhphost chuig na scoileanna ar fad.
- Reáchtáil roinnt imeachtaí rothaíochta le linn "Seachtain na Rothar" i Meitheamh, lena n-áirítear "Bike Fest" i bPáirc Chábán tSíle, imeacht Veileadróm Sráide i Lárbhaile Dhún Droma, Clinic Phoiblí Cothabhála Rothar (Dún Laoghaire agus Áth an Ghainimh) agus Comórtas Ealaíne do pháistí scoile.
- Reáchtáil 4 chruinniú Fhóram Rothaíochta.
- Thug isteach scéim phíolótach roinnte carranna "Clubcharr" sa Chontae i gcomhar le Go Car agus chuir dréacht-fhodhlíthe chun cinn ar mhaithe leis an scéim a rialú.
- Thug isteach Scéim phíolótach Roinnte Rothar gan Stáisiún sa Chontae i gcomhar le Bleeper Bike agus chuir dréacht-fhodhlíthe chun cinn ar mhaithe leis an scéim a rialú.
- I ndiaidh fhoilsiú na n-athruithe atá beartaithe ar bhealaí Bus Bhaile Átha Cliath faoin bplean Ceangal Bus, chuir an Earnáil Thráchta agus Sábháilteachta ar Bhóithre aighneacht isteach ar son na Comhairle. Rinne an aighneacht cur síos ar imní na Comhairle i leith a bhfuil beartaithe ag Ceangal Bus mar a bhaineann sé le bealaí bus sa Chontae.

### Oiliúint ar Rothair

Chuidigh leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun clár oiliúna "Rothaigh i gCeart" a sheachadadh do 1,397 dalta as bunscoileanna an Chontae.

### Earnáil Rialaithe Páirceála Íoc agus Taispeáin

Tá Scéim Íoc agus Taispeáin i bhfeidhm ag an gComhairle ar roinnt bóithre/carrchlós poiblí laistigh dá limistéar riaracháin. Tá an scéim á hoibriú faoi Fhodhlíthe Rialaithe Páirceála na Comhairle 2007-2011.

- Bhí feachtas cur chun cinn páirceála na Nollag ag feidhmiú ó lár na Samhna go dtí go luath in Eanáir 2019. Bhí an feachtas seo ann chun trádáil agus gnó áitiúil a spreagadh do thréimhse siopadóireachta na Nollag.
- I mBealtaine 2018 thug an Earnáil Páirceála Íoctha, i gcomhpháirt le Grúpa Mhíchumas agus Chomhairliúchán DLR(DCG), isteach scéim phíolótach "Tuairisc Mí-Úsáid Bánna Míchumais" i nDún Laoghaire ar feadh sé mhí. D'éirigh go maith leis an scéim agus tá sé i gceist í a fheidhmiú go céimneach ach i limistéir eile in 2019.





- Baineadh breis úsáide as Seirbhís Íocaíocht Páirceála gan airgead tirim, Clib Pháirceála, na Comhairle le 1,215,033 idirbheart taifeadta in 2018. Taispeánann sé sin ardú de 347,316 idirbheart ar an mbliain roimhe.
- Eisíodh 33,961 fíneáil i leith cionta páirceála agus tráchta bóthair in 2018.
- Fuarthas 963 ciontú sa Chúirt Dhúiche le linn 2018 i leith fíneálacha páirceála nár íocadh.

### Tosaíochtaí Straitéiseacha:

I measc na bhfeabhsúchán a cuireadh ar fáil in 2018 bhí:

- Cur chun cinn leanúnach Sheirbhís Íocaíocht Páirceála Gan Airgead na Comhairle, Clib Pháirceála.
- Measúnú leanúnach ar sheirbhísí chun coigilteas ar chostais agus éifeachtaí agus le cumarsáid níos éifeachtaí le custaiméirí a bhaint amach.
- Uasdátú ar an eolas ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle.




*Tagann Bleeperbikes go Cuan Dhún Laoghaire*

# Earnáil Chothabhála Bóithre

## Clár Athchóirithe Bóithre

Cuireadh suim de €2,672,000 ar fáil do Chlár na mBóithre trí leithdháileadh sonrach as airgead chistí Cháin Mhaoine Áitiúil in 2018.

Rinneadh bóithre a athchóiriú agus/nó a athdhromchlú leis an airgead sin in 2018 mar a leanas:

1. Bóthar Bhaile na Manach
2. Cnoc Chúirt Choirnéil (cuid de)
3. Ascaill Pháirc Bhaile Nua (cuid de)
4. Bóthar Bhaile Biataigh (Johnny Fox's go Amberley)
5. Bóthar an Aitinn (cuid de)
6. Faiche an Droma Aird
7. Bóthar Mather Thuaidh
8. Lána an Chábáin Slinne (cuid de)
9. Eastát Ráth Salach (cuid de)

## Clár Paisteála

Cuireadh tús leis an gclár oibre seo in 2016. Is próiseas é "Paisteáil Bóithre" ina ndéanann Conraitheoirí cuid nó codanna de bhóthar a athchóiriú nó a athdhromchlú i gcásanna a mheastar nach bhfuil sé inmharthana a bheith ag líonadh poll nó ag déanamh deisithe go sealadach. Cuidíonn an próiseas seo le bóithre a choinneáil i staid atá sábháilte go dtí go ndéanfar obair iomlán athdhromchlaithe orthu agus cuireann sé le saolré struchtúr reatha bóthair.

Críochnaíodh an obair seo ar na láithreacha seo in 2018:

1) Timpeallán Bhóthar Shráid an tSrutháin
2) Timpeallán ag Ascaill Dheilginse/Bóthar Pháirc Saval
3) Acomhal de Bhóthar Eabhrach/Bóthar Tivoli
4) Bóthar Ghráinseach an Déin/Cluain Caoin
5) Eastát Chluain Aird
6) Gleann Shruthán na Coille
7) Eastát Pháirc na Coille, Baile an tSaoir
8) Sráidbhaile Áth an Ghainimh
9) Ascaill an Gharráin Chnó
10) Bóthar Brighton Vale

## Clár Athchóirithe Cosán

Rinneadh oibreacha ar conradh ag 8 láthair le cistiú de €780,000 ó acmhainní na Comhairle féin.
Láithreacha na gCosán a ndearnadh athchóiriú orthu in 2018:

1) Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire (cuid de).
2) Bóthar na Banríona, Dún Laoghaire.
3) Limistéar Stigh Lorgan )ag Páirc Naomh Labhráis)
4) Mainistir Chorcaí
5) Ceantar Gnó Áth an Ghainimh (cuid de)
   a. Bóthar Halla na gCarraeirí
   b. Bóthar Arkle
   c. Bóthar Ballymoss
6) Ascaill Pháirc na Cluana (cuid de)
7) Eastát Pháirc na Coille, Baile an tSaoir (cuid de)
8) Gleann na Giúise (cuid de)

## Clár Deisithe Silteán

Leanadh leis an gClár Deisithe Silteán le linn 2018. Bíonn an clár seo ag déileáil le deisithe agus feabhsúcháin ar chórais dhraenála bóithre chun déileáil le droch-spotaí ó thaobh tuilte de.

Críochnaíodh oibreacha draenála ag droch-spotaí maidir le tuilte ag na láithreacha seo:

1. Bóthar Bhaile Uí Cheallaigh
2. Bóthar Áth an Ghainimh, An Chúlchoill
3. Bóthar Bhaile Mhic Fheorais

## Lucht Oibre Saothair Dhírigh

Sa bhreis ar na hoibreacha ar conradh atá sonraithe thuas rinne Lucht Oibre Cothabhála Saothair Dhírigh feidhmeanna tábhachta éagsúla lena n-áirítear a leanas:

- Seirbhís Chothabhála Geimhridh – lena n-áirítear ag freagairt do Stoirm Emma.
- Gnáthchothabháil agus Deisiú ar bhóithre agus ar chosáin.
- Comharthaí nua a chur in airde agus cothabháil a dhéanamh ar chomharthaí a bhí ann cheana.
- Gearradh Fálta
- Oibreacha a dhéanamh chun dul i ngleic le tuilte/locháin ar bhóithre agus ar chosáin.
- Leacú cosán.

## Cothabháil Bóithre Príomha

Rinneadh Athdhromchlú ar pháirteanna den N11, lánaí i dtreo na cathrach, ar mhaithe leis an seasamh in aghaidh sciorradh a fheabhsú.

## Bainistiú Eastát

Le rannaíocht airgeadais €60,000 ón Rannóg Forbartha Pobal chríochnaigh Cothabháil Bóithre roinnt athdhromchlú bóithre agus cosán ag Rath Salach, Seangánach, Aillte Sheangánach, Eastát Chill an Chrosaire agus Páirc Fhearann na Cluana.

## Bóithre nó Lánaí Tógtha i gCúram agus Deireadh á chur le Ceart Slí

Cuireadh tús leis an nós imeachta faoi Acht na mBóithre, 1993, i leith sliosbhóthair ag An tArd, Cnoc Mhuirfean. Ina theannta sin, cuireadh tús leis an nós imeachta chun deireadh a chur le Ceart Slí i leith Pháirc na Feá, Seanbhóthar Bré, Cábán tSíle.

# Earnáil Rialú Bóithre

### Ceadúnú Oscailtí Bóthair agus Ceadanna Dromchla

Chuir an Earnáil Rialú Bóithre tús le próiseáil Ceadúnas Oscailte Bóthair (ROL) via an córas nua Náisiúnta ceadúnaithe oibreacha bóthair ar a tugadh "Ceadúnú Oibreacha Bóthair Maproad" nó MRL, le haghaidh na gcuideachtaí fóntais uile, mar aon le forbróirí tráchtála agus príobháideacha, ar 16ú Aibreán, 2018. Rinneadh2,447 ROL ar fad a phróiseáil in 2018.

Déanann an Earnáil Rialú Bóithre próiseáil, chomh maith, ar cheadanna dromchla, a chuimsíonn ceadúnais le haghaidh clár-sconsaí, scafall agus scipeanna agus ceadanna i leith ualach neamhghnách. Bhí ardú de thart ar 50% ar líon na n-iarratas i leith ceadanna dromchla in 2018 i gcomparáid le 2017, chun an méadú atá tagtha ar ghníomhaíocht forbartha agus tógála i limistéar na Comhairle in 2018 a léiriú.

### Oibreacha Athchuir ar son Uisce Éireann/Seirbhísí Uisce

Lean an Earnáil Rialú Bóithre leis an gclár buan-athchur ar son Uisce Éireann / Seirbhísí Uisce mar a aontaíodh faoin SLA. Tá súil ag an Aonad Rialú Bóithre thart ar 520 buan-athchur a chríochnú faoin gconradh reatha "Athchuir Bóithre & Cosán agus Oibreacha Bainteacha IW 2018". Cuireadh conradh nua in áit le haghaidh na n-oibreacha seo agus thosaigh an conraitheoir i Lúnasa 2018 agus bhí líon suntasach de na buan-athchuir críochnaithe in 2018.

### Damáiste Fadtéarmach agus Athchur Bóithre/Cosán

Tá clár ag an Earnáil Rialú Bóithre i leith athchur bóithre agus cosán atá meathlaithe mar thoradh ar oibreacha chuideachta fóntais nó forbairtí príobháideacha, sa bhfadtéarma. Rinneadh oibreacha athchuir a phleanáil agus a chríochnú ag Ascaill Sweetman in 2018. Na láithreacha ina bhfuil oibreacha beartaithe in 2018 agus le críochnú in 2019 ná Lána Uí Cheallacháin agus Céide Uí Chuinneagáin. Leanfar leis an obair faoin gclár seo ag déileáil le tionchar damáiste fadtéarmach ar bhóithre agus ar chosáin in 2019.

# Earnáil Soilsithe Phoiblí

Tá breis is 23,500 solas sa chontae ata á gcothabháil ag an gComhairle. Bíonn an líon ag dul in airde go leanúnach le tógáil i gcúram eastát agus bóithre. Mar aon leis an gcothabháil ó lá go lá tá clár uasghrádaithe ann ar cholúin, lúibíní, líonraí agus díchúpláil le déanamh ar líonraí a dtéann soláthar díreach tríothu.








***Seoladh céad bonneagar de-úsáide pointe luchtaithe EV agus solas sráide sa Stát.***

Tá an Earnáil Soilsithe Phoiblí, trína clár laghdaithe fuinnimh, tiomanta do shoilsiú atá ar mhaithe leis an gcomhshaol. Ta an clár seo dírithe ar shuiteáil lóchrann LED éifeachtach, a bhaineann úsáid as solas bán, ballastaí leictreonacha, agus ar féidir an solas uathu a ísliú. Féachann an clár seo leis an laghdú 33% ar ídiú fuinnimh i leith soilsiú poiblí a bhaint amach faoin mbliain 2020.

Tá an Earnáil Soilsithe Phoiblí páirteach i ndearadh an tsoilsithe phoiblí do scéimeanna nua mar Thimpeallán Bhaile na Lobhar agus Bóthar Ceangail Áth an Ghainimh. Tugann an earnáil tacaíocht deartha leis le tionscadail mar Bhóthar Ghleann na Muc, uasghrádú an N11 agus tionscadail ar fud an chontae. Déanann an Earnáil athbhreithnithe ar iarratais phleanála i leith soilsithe phoiblí in eastáit nua agus ar fhorbairtí agus ar bhóithre nua.

Rinne an Earnáil Soilsithe Phoiblí suiteáil ar a cead Pointe Luchtaithe Feithiclí Leictreacha ar Bhóthar Crofton agus tá sé beartaithe pointí luchtaithe Feithiclí Leictreacha breise a shuiteáil i láithreacha éagsúla ar fud an Chontae in 2019. Tá fiosrú agus athbhreithniú ag leanúint faoi úsáid bonneagar soilsithe phoiblí chun feidhmiú córas cathrach SMART a éascú.

Rinneadh lóchrainn ard-éifeachta LED a chur in áit 2,561 lóchrann eile ar fad. Tá 32% de stoc soilsithe phoiblí na Comhairle uasghrádaithe anois go LED le coigilteas de bhreis is 20% ar ídiú fuinnimh go dáta.

## Earnáil Ghlantacháin & Tránna

Tá líon foirne de 70 ag Earnáil Ghlantacháin & Tránna DLR a chuireann na seirbhísí seo leanas ar fáil:

### Glantachán Bóithre agus Sráideanna:

- Scuabadh bóithre, cosán, lánaí agus rianta rothaíochta
- Bailiú Bruscair
- Bainistiú ar Sheirbhís bhoscaí bruscair sráide
- Cothabháil ar 22,000 silteán chun draenáil éifeachtach bóthair a chinntiú
- Bainistiú ar ghlantachán ar mhórscála i ndiaidh ócáidí stoirme
- Soláthar sheirbhís freagartha i leith tuilte
- Bainistiú ar dhumpáil mhídhleathach
- Glanadh banc buidéil i gceantair phoiblí
- Soláthar cúnaimh le glantacháin sna pobail
- Srianadh salachair ar bhóithre agus sráideanna.

Ta sceideal scuabtha bóithre in áit, leis an aidhm le lár bhailte agus sráidbhailte a scuabadh go laethúil agus bóithre eile ar fad sa chontae uair sa mhí. Tá an sceideal seo faoi athbhreithniú, ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil bóithre a bhfuil bainistiú tráchta ag teastáil orthu san áireamh sa sceideal.

Faigheann Glantacháin phobail tacaíocht ón Earnáil Ghlantacháin, trí bailitheoirí bruscair, miotóga, agus malaí a chur ar fáil. Tugann an Earnáil Ghlantacháin ábhair a bhailíonn Grúpaí Pobail chun bealaigh agus a chur de láimh.

### Bainistiú Tránna & Cuanta

- Bainistiú tránna, cuanta agus láithreacha snámha lena n-áirítear bainistiú áiseanna loingseoireachta.
- Soláthar sheirbhís garda tarrthála ag tránna Cill Iníon Léinín, Roinn na Mara agus Áth an Ghainimh le linn an tséasúir snámha.
- Bainistiú chaighdeán uisce snámha agus bainistiú na fógraíochta i leith teagmhais truaillithe chun sláinte an phobail a chosaint.
- Bainistiú leithreas poiblí.
- Bainistiú ceadúnas chun scannánú a dhéanamh ar thránna, múráil ag Cuan na Coille Móire, chun a bheith ag díol ar thránna agus úsáid scairdsciála.

### I measc gnóthachtálacha in 2018 tá:

- Fuarthas ceithre thrucail nua scuabtha bóithre tríd an Earnáil Bainistithe Flít chun seachadadh seirbhíse feabhsaithe agus ídiú laghdaithe breosla a cheadú.
- Críochnaíodh Oiliúint Bainistithe Dhoirteadh Ola.
- Tugadh isteach sceideal nua Scuabtha Lánaí Rothaíochta.
- Rinneadh Athbhreithniú ar Bhoscaí Bruscair sráide ag ceadú éifeacht fheabhsaithe i seachadadh seirbhíse.







*Céim snámha de thríatón IRONMAN i mBá an Albanaigh i Lúnasa 2018*

### Cosaint Chósta

Tagann an fhreagracht as chosaint chósta agus feidhmiú an Staidéir Straitéisigh Chósta, a rinneadh in 2010, faoi shainchúram na hEarnála Seirbhísí Bardasacha, leis an bhfreagracht ag imeacht ón Earnáil Seirbhísí Uisce i lár 2018. Leanann an Chomhairle ag déanamh monatóireachta chreimeadh cósta ag stáisiúin mhonatóireachta cósta atá suite ag príomh-láithreacha ar feadh an chósta, láithreacha ar Aillte Sheangánach ó dheas de Chill Iníon Léinín.

Cuireadh tús le mór-oibreacha go déanach in 2018 chun taca a chur faoi struchtúr rochtana Lána na Coirre Báine agus chun athchóiriú a dhéanamh ann ar mhaithe leis na haillte cóngaracha a chosaint. Cuireadh tús go déanach in 2018 leis an bpróiseas pleanála Cuid 8 i leith bearta cosanta cósta ag Líonadh Talún Shean-Bhré ag Sruthán na Coille agus tiocfaidh an tionscadal seo ar aghaidh go dearadh mionsonrach agus tairiscintí in 2019.



*Péine Albanach ag Páirc & Gairdíní Chnoc na Raithní*

### Tionscadail atá Beartaithe do 2019:

- Suiteáil comharthaíochta digití ag láithreacha snámha chun cumarsáid fheabhsaithe i leith eolas comhshaoil a cheadú – an láthair atá roghnaithe don bhfearas píolótach ná Trá Chuas an Ghainimh.
- Oibreacha feabhsúcháin ag Láthair Snámha an Daichead Troigh lena n-áirítear uasghrádú ar ráillí.
- Sceideal Feabhsaithe Cothabhála Trá le tabhairt isteach.
- Críochnú an Phlean Comhtháite Srianta Salachair do Dhromchlaí Crua.
- Oibreacha Feabhsúcháin ar Leithris Phoiblí
- Dul Chun Cinn leis an Tionscadal SBIR chun cumarsáid fheabhsaithe i dtaobh rioscaí chaighdeán uisce snámha agus bainistiú teagmhas truaillithe a cheadú.
- Forbairt Pleananna freagartha i leith bhainistiú dhoirteadh ola atá suíomh-oiriúnaithe, ceannach trealamh freagartha éigeandála agus comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla eile ar an gCósta Thoir faoi phleanáil freagartha éigeandála.
- Seoladh saoráidí bailithe bruscair ar leith ag tránna le linn an tsamhraidh 2019 chun athchúrsáil fheabhsaithe dramhaíola a éascú.
- Forbairt sceideal feabhsaithe i leith ghlantachán bailte agus sráid-bhailte lena n-áirítear domhain-ghlanadh cosán.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhiúscairt dhramhaíl tí i mboscaí bruscair sráide ar c. 50% é den dramhaíl atá  i mboscaí sráide.





## Seirbhísí Páirceanna & Tírdhreachtaithe

Tá Seirbhísí Páirceanna & Tírdhreachtaithe freagrach as réimse leathan seirbhísí do na saoránaigh agus do chuairteoirí atá deartha chun saoráidí ar ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil, ríocht phoiblí ar ardchaigh-deán a chaomhnú agus éagsúlacht gníomhaíochtaí cultúrtha a éascú.

### Is iad na croí-sheirbhísí ná:

### Páirceanna

Cuimsíonn oibreacha bliantúla na Seirbhísí Páirceanna & Tírdhreachtaithe:

- Clár Chúram Crann (thart ar 55,000 crann sráide). Féachann an clár chúram crann chun clúdach cheannbhrat crann na Comhairle a uasmhéadú trí bhainistiú leanúnach a dhéanamh ar na crainn shráide, a chuimsíonn an stoc reatha a chothabháil agus athphlandáil a dhéanamh mar is gá. Tá bainistiú á dhéanamh ar na crainn trí Chóras Ar Líne Ezytreev a cheadaíonn suirbhé agus mapáil a dhéanamh ar gach crann agus ceadóidh sé an t-athrú go córas réamhghníomhach bainistithe crann. Déantar bainistiú ar chrainn laistigh de Pháirceanna agus Spásanna Oscailte a bhainistiú mar chuid den Clár Chúram Crann agus tugtar cúram ar leith do cheantair Choillearnaí nádúrtha laistigh de na mórpháirceanna.

- Clár Cothabhála Tírdhreachtaithe(páirceanna, spásanna oscailte, páirceanna spóirt, taobhanna/ciumhaiseanna bóthair, talamh tithíochta, coimpléasc tithíochta do sheanóirí, ionaid adhlactha atá dúnta, spásanna cathartha, &rl) In 2018 gearradh anuas go mór ar úsáid luibhicídí ar fud an Chontae, agus i roinnt cásanna tá córas níos inbhuanaithe cothabhála féir tugtha isteach trí íoslaghdú ar scaipeadh luibhicídí, minicíocht gearrtha féir a athrú chun pailneoirí a uasmhéadú, agus trí mheascán plandaí Luibheacha a chuidíonn le pailneoirí a chur agus trí phlandáil bleibíní comharba a dhéanamh.

- Soláthar & cothabháil páirceanna súgartha (28 páirc súgartha). Chríochnaigh an Chomhairle 2 shaoráid nua súgartha in 2018, i Teach Naithí agus i mBaile an Bhóthair. Chonacthas i 2018 tús á chur leis an bpróiseas chun polasaí nua súgartha do DLR a chur ar fáil ina leagfar amach spriocanna nua uaillmhianacha i leith thógáil saoráidí Súgartha Nádúrtha sa todhchaí. Tá súil againn go bhfoilseofar an polasaí go déanach in 2019 i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin a bhfuil sé mar aidhm aige dul i gcomhairle le Páistí agus le Déagóirí.

- In 2018 laghdaíodh ar sholáthar scéimeanna Plandaí an Earraigh, an tSamhraidh agus an Gheimhridh nuair arbh fhéidir agus ina áit tugadh isteach cleachtaí níos inbhuanaithe ar nós plandáil bleibíní comharba, go háirithe ar thimpealláin fheiceálacha (m.sh. Tim-peallán an Chéimí)

- Soláthar breis is 200 Maisiúchán cathartha –bláth-chiseáin ar crochadh agus taispeáint ar fud an Chontae.
- Soláthar & cothabháil réimse saoráidí spóirt, seomraí gléasta agus club-thithe i gcomhar le cumainn áitiúla.
- Bainistiú & cothabháil a dhéanamh ar 90 páirc imeartha an Chontae, lena n-áirítear páirceanna imeartha faoi fhéar nó uile-aimsire, ag 36 láthair ar fud an Chontae.
- Bainistiú & cothabháil ar shaoráidí spóirt eile –Cúirteanna Leadóige, Páirceanna Cruicéid, Cúrsaí Gailf, Limistéir Ilúsáide Cluichí (MUGA) agus páirc scátála amháin.
- Soláthar Seomraí Tae sna Páirceanna, á n-oibriú faoi lamháltais, i gCnoc Chill Iníon Léinín, Páirc an Phobail, Páirc Mharlaí, (Café Bholand agus Café Bealach Chill Mhantáin), Páirc Chábán tSíle agus Reilig Ghráinseach an Déin.
- Soláthar Rianta Aclaíochta & fearas aclaíochta lasmuigh (x12) ar fud an Chontae, ar nós na háiseanna i bPáirc Mharlaí, Páirc Sheangánach agus Baile Nua Mhic Gabhann.

Tugadh faoi éagsúlacht mhór fheabhsúcháin áitiúla tírdhreacha i spásanna oscailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear suíocháin nua, cosáin, plandáil crann/tor/bleibín agus bláthanna, glanadh/cóiriú fásra, athchur spásanna faoi fhéar, saoráidí fóillíochta agus cur crann le taobh sráide in Eastáit Thithíochta.

Lean Seirbhís na bPáirceanna ag tacú le agus ag forbairt tarraingtí eile sna páirceanna mar na Margaí CoCo & mórán imeachtaí eile.

*Péine Albanach i bPáirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní*







### Máistir-phleanáil

- Chríochnaigh agus dhaingnigh an Chomhairle Máistir-Phlean Pháirc Mharlaí in 2018. Leagann an plean amach treoirphlean do Mharlaí don todhchaí, agus féachann sé le leagan síos go mionsonrach conas is féidir na holl-leibhéil gníomhaíochta laistigh den pháirc a éascú agus a uasmhéadú agus san am céanna a chinntiú gur féidir an conláiste fíor-luachmhar, ar Pháirc Mharlaí é, lena n-áirítear an tírdhreach agus coillearnach stairiúil, a chosaint do na glúnta atá le teacht.
- Cuireadh tús leis an bpróiseas Máistir-phleanála do Pháirc Sheangánach go déanach in 2018, leanfar le comhairliúcháin le réimse leathan de na páirtithe leasmhara isteach i R1 2019 agus táthar ag súil go mbeidh an próiseas críochnaithe faoi lár 2019.
- Lean céim fheidhme Máistir-Phlean Pháirc & Gairdíní Chnoc na Raithní in 2018 nuair a rinneadh oibreacha substaintiúla ar an bpáirc. Chuimsigh na hoibreacha athchur an Leathan-Chosáin (a seoladh go foirmiúil i Meitheamh 2018), tógáil líonra cosán, suiteáil fálta banraí agus eastáit agus an obair atá ag leanúint ar aghaidh ar bhealach siúil nua isteach ag Timpeallán Bheallairmín. Meastar go mbeidh an bealach isteach críochnaithe faoi go déanach i R1 2019. Bunaíodh an chéad Coiste Ghairdín Phobail i gCnoc na Raithní in 2018 le súil le hobair a thosú sa Seanghairdín Cistine ag Cnoc na Raithní go luath in 2019.

### Forbairt Nua in 2018

- Dearadh agus Tógáil Seóghairdín DLR ag Bloom 2018 (Buaiteoir Bonn Óir). Gairdín bunaithe ar Chnoc na Raithní “Sampla d’ Inbhuanaitheacht”
- Leathnú ar Thaispeáint an tSamhraidh de Chiseáin ar Crochadh ag láithreacha éagsúla sa Chontae.
- Gradaim Brat Glas coinnithe i leith Páirceanna Chábán tSíle agus an Phobail agus Brait Ghlais nua faighte i leith Pháirceanna Mharlaí agus na Carraige Duibhe.
- Críochnú carrchlóis nua ag Páirc Mharlaí, Bóthar an Choláiste (cistithe trí ioncam ó cheolchoirm Mharlaí)
- Críochnú Céim 3 de Chlós Cúirte Cheird Mharlaí chun suiteáil leithreas nua do Pháirc Mharlaí a dhéanamh.
- Áitiú an chéad Aonad Ceirde laistigh den Clós Cúirte, (seolta go foirmiúil ag An Cathaoirleach, Ossian Smyth i Meán Fómhair, 2018.
- Críochnú athchóiriú Pháirc Chuas an Ghainimh ag Otranto.
- Suiteáil “Red Jetty”a bhfuil gradam buaite aige, ó Rannóga na bPáirceanna /na n-Ailtirí
- Críochnú Céim 1 de Pháirc Bhóthar Hudson, chun forbairt agus cur síl a dhéanamh ar pháirceanna imeartha na n-óg, cosáin siúil déanta agus balla teorainn bainte as.
- Críochnú an Chlóis Súgartha ag Teach Naithí.
- Tús a chur le hobair athchóirithe ag Páirc Sorrento, Deilginis.

Leanamar ag obair go dlúth leis na pobail áitiúla – ag freastail ar chruinniú, ag roinnt eolais, ag tabhairt cúnaimh agus comhairle faoi fheabhsúcháin ar eastáit agus faoi comhpháirtíochtaí leasmhara.

Scéimeanna Plandála agus tírdhreacha (athchur talaimh faoi fhéar, cur crann agus tor, bleibíní luibheacha, bláthanna).

Plandáil Crann ar Shráideanna de bhreis is 1,000 crann.

## Seirbhís Reiligí

Rinneadh 632 adhlacadh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 502 i Reilig Sheangánach le linn 2018.

Díoladh 22 uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 171 i Reilig Sheangánach i gcaitheamh na bliana.

Chuaigh Córas Bainistithe na Reilig beo in Iúil 2018. Ta na taifid adhlactha do Reiligí Ghráinseach an Déin agus Sheangánach ar fáil ag an bpobal anois via suíomh gréasáin na Comhairle. Tá tús curtha leis an gcéad chéim eile den tionscadal, ag mapáil agus ag glacadh grianghraf de na plásóga i reilig Ghráinseach an Déin agus beidh sé ar siúl ar feadh 2019.

## Imeachtaí dlr

Lean Imeachtaí dlr lena gclár d'Imeachtaí Saor in Aisce in 2018 le himeachtaí mór éilimh mar Charnabhal Chábán tSíle, Scannáin sa Pháirc agus imeachtaí an-rathúla 'Samhain'. Reáchtáladh imeachtaí breise, chomh maith, i bPáirc Uí Mhóráin i gcaitheamh an tsamhraidh.

Rinne Páirc Mharlaí Féile Longitude a óstáil thar 3 lá in Iúil mar aon le dhá cheolchoirm ar leith astu féin le Queen le Adam Lambert agus Bruno Mars.

*Fáiltiú Cathartha Cuala agus Gradam an Bhrait Ghlais ag Páirc an Phobail*








CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018




*Comórtas oscailte leadóige na hÉireann dlr AIG ag Club Leadóige Charraig Mhaighin*

## Comhpháirtíocht Spóirt DLR

In 2018 lean an Oifig Forbartha Spóirt lena Clár Forbartha Spóirt ar fud an Chontae, a chuimsigh an Scéim Rochtana Spóirt agus deontais i leith ócáidí, a sheachadadh agus a fhorbairt. San áireamh anseo leis bhí soláthar ar leith le haghaidh Clár Rochtana do Mhná i Spóirt, Óige i mbaol, & Daoine Fásta níos Aosta. Lean an Oifig Forbartha Spóirt ag fás a clár comhoibritheach oibre leis an FAI, Seirbhísí Fóillíochta dlr, Rugbaí Laighin, UCD, Leadóg Éireann agus Cruicéad Laighin. Is leis an gComhairle iad agus déanann sí cothabháil ar 90 páirc fhéir agus 8 bpáirc uile-aimsire ar feadh an Chontae.

Seo sampla de na dea-scéalta ó 2018:

- Ghlac thart ar 1,500 duine páirt i Rás Bóthair 10k an Chuain.
- Clár Litearthacht Fhisiceach 'Mini Movers' dlr ag láithreacha ar fud an Chontae – thart ar 2,500 rannpháirtí ann.
- Oideachas faoi Chóitseáil trí comhpháirtíocht: FAI; Ghlac 273 cóitseálaí páirt i Kick-start 1&2, ceardlanna 4x4, Láidriú &Aclú. Rugbaí Laighin – 338 cóitsealaí páirteach i gceardlanna teicniúla & i mion chúrsaí cóitseála.
- Trí rannpháirtíocht na Comhairle leis an FAI, Rugbaí Laighin, & le Cláir Chruicéad Scoile, tá thart ar 12,000 rannpháirtí i mbunscoileanna agus 2,100 i meánscoileanna ar fud DLR.
- Clár Spóirt Spraoi tar éis Scoile Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DRAFTS) le 12 scoil ag freastal ar 132 rannpháirtí i ngníomhaíochtaí seachtainiúla ó bhoghdóireacht go seoltóireacht.

D'éascaigh Clár Spóirt Phobail agus campaí saoire an Fhorbairt Spóirt le breis is 30 clár spóirt do thart ar 7,341 rannpháirtí trasna an Chontae. Cuid de na spóirt ná: boghdóireacht, eitpheil, haca, sacar, seoltóireacht, rugbaí agus cispheil.




***Seoladh Craobhchomórtas Leadóige an Domhain do na Daill 2018***

## Comhpháirtíocht Spóirt DLR

In 2018 d'eagraigh agus sheachaid Comhpháirtíocht Spóirt DLR réimse leathan cúrsaí oiliúna, ceardlanna agus cláir sprioc-dhírithe ghníomhaíocht choirp do gach aois agus cumas, ag obair le réimse mór gníomhaireachtaí páirtí. Tá Straitéis nua 5 bliana Chomhpháirtíocht Spóirt an Chontae 2018-2022críochnaithe mar aon le tuairisc ar rátaí rannpháirtíochta agus treochtaí díobh sin sa Chontae atá os cionn 16 bliana.

### Cláir & Imeachtaí Rannpháirtíochta (7,100 Rannpháirtí)

- 5K Phobal dlr – 10úbliain don imeacht oll-pháirtíochta seo a mheall 980 duine de gach aois agus cumas.
- Gníomhaíocht do Dhaoine Fásta Níos Sine – Maidineacha Oscailte Gníomhaíochta coirp á reáchtáil i 4 ionad Fóillíochta dlr (115 rannpháirtí) ag ceangail isteach le hathsheoladh cláir sheachtainiúil. Seisiúin siúlóide comhordaithe sna páirceanna le ARG áitiúla mar aon le cuairteanna ar Chnoc na Learóige (251 rannpháirtí).
- Operation Transformation – siúlóid phoiblí in Eanáir (180 Rannpháirtí). Clár leantach siúlóide (40 Rannpháirtí)& Tolg go 5K (27 Rannpháirtí).
- Damhsa Gníomhach-clár Idirbhliana do chailíní le meascán damhsa & oideachais(320 cailín as 8 meánscoil & 3 Sheirbhís Thraschúraim) in 2018.
- Seachtain na Rothar – Imeacht Veileadróm Sráide in Ionad Siopadóireachta Dhún Droma (250 rannpháirtí). Ina theannta sin tacaíodh le Bikefest i bPáirc Chábán tSíle.
- Coillearnach don Sláinte – cláir 2 x10 ag díriú ar dhaoine fásta le deacrachtaí meabhairshláinte le siúlóidí seachtainiúla trí choillearnach (34 rannpháirtí).
- Briogáid Bugaithe – clár 6 seachtaine curtha ar fáil i 3 ionad Fóillíochta dlr do thuismitheoirí nua agus a gcuid naíonán (65 rannpháirtí).
- Rith sa Pháirc do Shóisir – thacaigh le bunú Rith sa Pháirc do Shóisir i bPáirc na bhFianna (155 páiste ar an meán gach seachtain)& Páirc Mharlaí (meán 155 páiste gach seachtain).
- Cluichí 'Go For Life' – cluichí á gcur chun cinn go háitiúil agus bainistíocht DLR ag glacadh páirte sna Cluichí GFL Náisiúnta.
- Idirghabhálacha Bunscoile – An Míle Laethúil (imeachta san áireamh á rith mar chuid de Sheachtain Ghníomhach Scoileanna le 430 dalta), imeacht aclaíochta sa Láthair Náisiúnta Laistigh le 25 scoil (340 páiste), thacaigh le 2 imeacht Mion chispheile chun an spóirt a chur chun cinn agus a fhorbairt (120 páiste).

### Oiliúint & Forbairt Oibrithe Deonacha (1,010 oibrí deonach)

- Fóram Spóirt – dhá chruinniú in 2018 ag díriú ar phleanáil straitéiseach agus an ceann eile faoi shaincheisteanna an chumainn agus oibriú an Fhóraim Spóirt sa todhchaí (69 i láthair).
- Seimineár GDPR – seisiún eolais faoi na ceangaltais agus na tionchair a bheidh ann de bharr na reachtaíochta nua le 120 oibrí deonach an chumainn i láthair.
- Cosaint Leanaí sa Spóirt – 40 ceardlann ag freastal ar 548 cóitseálaí/oibrí deonach.
- Oiliúint Feasachta Míchumais – 2 cheardlann le 22 rannpháirtí.
- Uathachas sa Spóirt – 3 cheardlann le 56 rannpháirtí ar fad.
- Ceannaire Óige Spóirt – curtha ar fáil do scoláirí Idirbhliana i 4 scoil áitiúil DEIS.
- Garchabhair Spóirt – reáchtáladh dhá chúrsa lae in 2018 (24 rannpháirtí).
- Ag Cóitseáil Leanaí – 3 chúrsa 4 sheachtain críochnaithe (46 rannpháirtí).
- Líonrú Spóirt – seisiún le hOifigí Forbartha thar 30 spóirt i DLR.
- Oiliúint Ceannaire Siúlóide – ceardlann do cheannairí ghrúpaí pobail (20 rannpháirtí).

### Cuimsiú Míchumais sa Spóirt (420 Rannpháirtí)

- Campa Gníomhaíochta Lasmuigh Uathachais –reáchtáladh campa gníomhaíochta lasmuigh in gCnoc na Learóige do pháistí atá ar an speictream uathachais (15 rannpháirtí).
- Tráthnóna Oscailte Cuimsithe Míchumais – ag léiriú 20 rogha spóirt & gníomhaíochta atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i DLR (120 i láthair).
- Ilchomórtas Idirnáisiúnta TAKEI DLR – imeacht i gClub Leadóige Shean-chill le 60 imreoir faoi lagú amhairc as 12 tír dhifriúil ag glacadh páirte.
- Club Ilspóirt – ag obair le Spóirt IWA chun club nua cuimsitheach do phaistí faoi mhíchumas coirp a thosú in Ionad Fhóillíocht dlr Baile Uí Lachnáin.
- Club Rithime – grúpa nua damhsa do dhaoine le lagú amhairc/éisteachta i Stigh Lorgan. I gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíne (22 rannpháirtí).
- Roghanna ar son na Sláinte – 2 x 12 idirghabháil sláinte coirp agus cothaithe do dhaoine fásta le deacrachtaí meabhairshláinte
- Imeachtaí/Cláir eile Chuimsiú Míchumais – Grúpa Siúlóide Néaltrú Cairdiúil, Cuimsiú Chumann CLCG, Damhsa do Chách, Oiliúint i Scileanna Rothaíochta, Bain Sult as Leadóg, Aclaíocht Halla Spóirt Scoile Speisialta, Giomnáisiam Cuimsitheach, Club Oilimpeacha Speisialta Bhaile na Manach, Sár-Friosbaí, Oll-Chomórtas Dromlaigh NRH.
- Ardú Feasachta & Tacaíochta – ag obair le hionaid áitiúla fóillíochta, clubanna, múinteoirí agus seirbhísí i réimse na gníomhaíochta cuimsithí coirp.

### Mol Spóirt & Gníomhaíochta Coirp Bhaile Uí Ógáin (400 rannpháirtí)

- Bunú Grúpa Stiúrtha an Mhoil le hionadaíocht ó pháirtithe leasmhara áitiúla.
- Tuairisc Taighde – taighde, comhairliúchán agus críochnú doiciméad mi-ontuairisce faoi rátaí rannpháirtíochta, shaincheisteanna agus deiseanna.
- Seoladh oifigiúil an Mhoil nua agus cur chun cinn na ndeiseanna atá le teacht.
- Bí Gníomhach i mBaile Uí Ógáin – imeacht blaiste spóirt don teaghlach le Cruicéad, Sár-Friosbaí, Boghdóireacht, Rugbaí & cluichí spraoi (94 rannpháirtí).
- Clár Aclaíochta do Dhéagóirí–ag obair le Seirbhísí Fóillíochta &Óige dlr chun cláir oiliúna aclaíochta ar leith buachaillí & cailíní a rith (21 rannpháirtí).
- Scileanna Rothaíochta & Sábháilteacht – clár 6 seachtain fhoghlaim rothaíochta tar éis scoile ag obair le hIonad Acmhainní Teaghlaigh (17 rannpháirtí).
- Siúd leat Bí ag Rámhaíocht – clár 5 sheachtain rámhaíochta laistigh do scoláirí dara leibhéal Blianta 2,3,4 (120 rannpháirtí).
- Idirghabhálacha eile –seisiúin blaiste Sár-Friosbaí le hIonad Acmhainne an Teaghlaigh (15 páiste), Ealaíona Comhraic as Gaeilge sa Ghaelscoil áitiúil (100 páiste) tús oibre déanta chun Rith sa Pháirc Sóisearach Bhaile Uí Ógáin a chur ar bun.



- Caipiteal &Trealamh–Ceannach trealamh spóirt i leith páistí, scoileanna & grúpaí áitiúla chun spóirt agus gníomhaíocht a dhéanamh níos inrochtana.

## Seirbhís Oidhreachta

Leanann an tóir ollmhór atá ar Chlár Thurais Oidhreachta dlr le scoileanna áitiúla, grúpaí oidhreachta agus grúpaí pobail áitiúla mar aon le bheith ag mealladh cuairteoirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. I mbliana chuireamar fáilte roimh 'Fighting Words' go Clár an Gheimhridh agus tá roinnt spáis tugtha againn dóibh i dTeach Chábán tSíle 3 mhaidin sa seachtain le húsáid dá gcuid ranganna leis na scoileanna a dhéanann freastal ar imeachtaí scríbhneoireachta.
Ar an gcaoi sin tugtar 30 scoil bhreise go Teach Chábán tSíle agus cuidíonn sé leis an bhfocal a scaipeadh ag lucht foghlama níos mó i leith a bhfuil á thairiscint againn anseo i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Mheall cláir Gheimhreadh na hOidhreachta, Earrach don Oidhreacht agus Samhradh na hOidhreachta breis is 35,000 cuairteoir in 2018. Mheall Sraith Léachtaí an Gheimhridh a reáchtáladh i dTeach Mharlaí beagnach 1,000 cuairteoir.

Leanann deontais chuig mórán tionscadal oidhreachta pobail lena n-áirítear Cumann Ginealais na hÉireann agus tá tacaíocht leanúnach á fáil ag an Músaem Náisiúnta Muirí, Cairde Túr Joyce agus imeachtaí Lá Bloom.

Tá cothabháil ag leanúint ar fhoirgnimh oidhreachta na Comhairle le córas nua teasa ag dul isteach san Aireagal go luath in 2019.

*Jimmy O'Sullivan ó oidhreacht dlr agus an tAire Josepha Madigan ag seoladh Taispeántas dlr agus an Chogaidh Mhóir.*



## Bithéagsúlacht

Le linn 2018 reáchtáil Bithéagsúlacht DLR roinnt ceardlanna chun oiliúint a chur ar fáil dár bhfoireann agus don phobal faoi Speicis Ionracha, leideanna faoi phailneoirí do bhailte slachtmhara agus garraíodóirí agus Monatóireacht na Bumbóige. Le haghaidh Sheachtain na Bithéagsúlachta thug DLR cuireadh don phobal níos mó a fhoghlaim faoi phobal an Iora rua i gCnoc Chill Iníon Léinín, an pobal déanach inmharthana i gContae Bhaile Átha Cliath, ansin dul síos go trá Chuas an Ghainimh le dul sna locháin i measc na gcarraigeacha, faireachán a dhéanamh ar gheabhróga agus turais a thógáil go hOileán Dheilginse, siúlóidí agus cainteanna faoi sciatháin leathair le bruach an Dodder agus inár bPáirceanna agus Bithbhlits do Pháistí i gCábán tSíle. De réir mar a tháinig an Geimhreadh isteach tháinig léis na héin imirce is ansa linn agus reáchtáil DLR cainteanna faoi éin agus faireachán éan geimhrithe amuigh ar feadh Riasc Bhaile an Bhóthair. Cuairteoir eile geimhridh a tháinig go dtí an tír an geimhreadh seo náan Pór Neamhchoitianta nua, Droimeann na hÉireann, nuair a tháinig na balán le teaspach agus ar bís isteach i bPáirc Chnoc na Raithní chun iníor a dhéanamh ar ár móinéir amhra, uathúil, agus iad chomh neamhchoitianta leis na móinéir, cuideoidh na ba seo chun talamh féarach a chaomhnú a chuideoidh lenár bpailneoirí. Bhí an-tóir ar an gClub Nádúir i ndiaidh Scoile ag Cnoc na Raithní agus imeachtaí Ag Taiscéaladh Móinéar Chnoc na Raithní agus chuir na ba leis an díol suime a bhain leo.

*Cllr. Tom Murphy (An Cathaoirleach ó Mheitheamh 2017 go Meitheamh2018) le Príomhfheidhmeannach, Philomena Poole, ag fógairt leathnú ár bhflít Veaineanna EV.*








## Bainistiú Flít

Tá an earnáil seo freagrach as an bhflít meicniúil. Táid freagrach leis as Pleanáil Straitéiseach don bhflít. Ar mhaithe go ritheann an flít go héifeachtach ní mór do Bhainistiú Flít a leanas a chinntiú:

- Cothabháil feithiclí uile an Fhlít.
- Tástáil Feithiclí Tráchtála Bóthair(CRVT)
- Árachas, Cáin
- Comhlíontacht le Cumann Sábháilteachta ar Bhóithre (RSA) , Údarás Sláinte & Sábháilteachta.
- Soláthar Feithiclí, saolré an fhlít.
- Athsholáthar/Léasú Feithiclí.

Le linn 2018 tá roinnt feithiclí leictreacha ceannaithe ag Bainistiú Flít le húsáid laistigh den Chomhairle. Táid freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar thairbhe costais na bhfeithiclí seo i gcomparáid le feithiclí níos traidisiúnta, le súil le feidhmiú céimneach a dhéanamh le feithiclí leictreacha i gcaitheamh saolré an fhlít reatha. Tá feidhmiú céimneach na bhfeithiclí seo mar chuid de Straitéisí Oiriúnaithe agus Maolaithe Athrú Aeráide na heagraíochta. Tá sé geallta ag an gComhairle gníomhú chun ár n-ídiú fuinnimh a laghdú de 33% faoi 2020.

Go dtí seo, tá sé cinn de veaineanna leictreacha Citroen Berlingo faighte ag an mBainistíocht Flít agus cuireadh na veaineanna sin ar fáil do líon seirbhísí lena n-áirítear Reiligí, Iosta Áth an Ghainimh, Oidhreachta, Uisce & Draenáil agus Bóithre. Tá na veaineanna leictreacha seo tagtha in ionad na bhfeithiclí peitril/díosail a bhí ann. Cuideoidh na feithiclí leictreacha nua seo leis an tionchar atá ag flít DLR ar an gcaighdeán aeir áitiúil tríd an méid dé-ocsaíde nítrigine a bhaineann le feithiclí díosail a laghdú. Ina theannta sin, measaimid go dtiocfaidh laghdú 90% ar chostais a bhaineann le breosla agus le costais chothabhála.

Tá 4 Nissan Leaf ceannaithe ag Bainistiú Flit. Tá dhá cheann díobh curtha ar fáil do roinnt ball foirne trí chóras chomhroinnt carr coitianta. Go dáta tá thart ar 70 úsáideoirí faofa ar fud na heagraíochta. Tugann sé sin cead do roinnt comhsheirbhísí na feithiclí a úsáid mar is gá agus sa chaoi sin an costas a roinnt idir roinnt Rannóga agus líon na bhfeithiclí atá ag teastáil ón gComhairle a laghdú chomh maith.

Is é Bainistiú Flít an fórsa spreagtha a bhí ar son cheannach agus suiteáil an phoil nua soilsithe poiblí luchtaithe feithiclí leictreacha atá ar fáil anois do bhaill an phobail ar Bhóthar Crofton. Rinneadh comhordú leis ar shuiteáil pointí luchtaithe le haghaidh na bhfeithiclí sin sna láithreacha seo: Halla an Chontae, Teach Chábán tSíle, Iosta Áth an Ghainimh, Iosta Bhaile Uí Ógáin agus Reilig Ghráinseach an Déin.

# Aonad Bainistithe Conarthaí

Cuireadh an tAonad Bainistithe Conarthaí (CMU), a bhfuil a bhunáit i mBaile Uí Ógáin, ar bun in Eanáir 2018 chun seirbhís láraithe a chur ar fáil chun bainistiú a dhéanamh ar Shaoráidí seachfhoinsithe.

Conarthaí Bainistíochta (FM):

### Ionaid Fhóillíochta
Ionad Fóillíochta Bhaile Uí Lachnáin
Ionad Fóillíochta Shruthán na Cluana
Ionad Fóillíochta Bhaile na Manach
Campas Cathartha Samuel Becket

### Leabharlanna
Leabharlann Chábán tSíle
Leabharlann Stigh Lorgan
Leabharlann Bhaile na Manach
Leabharlann Dheilginse
Leabharlann Ghráinseach an Déin
Leabharlann Dhún Droma
Leabharlann Sheanchill

### Ionaid Phobail
Ionad Pobal Bhaile an Chnoi
cIonad Pobal Áth an Ghainimh
Ionad Pobal Dhroichead na gCloch
Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin
LexIcon

Cinntíonn CMU go bhfuil téarmaí conarthaí FM á gcomhlíonadh ag an soláthraí seirbhíse agus go bhfuil siad ag seachadadh ar chaighdeán na seirbhíse a bhfuil súil ag DLRCC leis ar ár suímh ar fad. Déanann CMU comhthadhaill le Bainisteoirí Tógála (BM) ar na suíomhanna lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha Beartaithe Cothabhála Cosanta déanta go dtí ardchaighdeán agus go bhfuil ilréitithe éagsúla á dtairiscint ag cur san áireamh réitithe a thugann luach ar airgead.

Bhí CMU ag an tosach de thionscadal coigilte fuinnimh a bhaineann le 3 de na 4 ionad fóillíochta. Bhí sé sin i gcomhar le Fóillíocht DLR. Le linn 2018 tharla uasghrádú iomlán soilsithe LED i 3 ionad fóillíochta, i.e. Baile Uí Lachnáin, Sruthán na Cluana agus Baile na Manach. Bhí tionchar aige sin ar an éifeacht fhoriomlán fuinnimh a bhfuil sé geallta ag DLRCC a fheabhsú ag éirí as treoir AE, NEEAP (Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Éifeachta Fuinnimh) an t-ídiú fuinnimh a laghdú de 33% faoi 2020.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

Tá Seirbhísí Fóillíochta ar cheann d’ Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEU) mar sin cuirfidh tionchar an uasghrádaithe soilsithe LED sna trí ionad DLR ar an mbóthar ceart chun na spriocanna atá leagtha síos faoin NEEAP a bhaint amach agus go háirithe le hath-dheimhniúchán don ISO 500001 atá dlite in 2019.Ta súil ag CMU leanúint le tionscadail den chineál céanna in 2019 ar mhaithe le laghdú costais, éifeacht fuinnimh agus feabhsúcháin ar shuímh DLR a bhaint amach ar mhaithe leis na seirbhísí den scoth a chuireann DLR ar fáil dár bpáirtithe leasmhara a fheabhsú a thuilleadh.

*Cllr. Tom Murphy (An Cathaoirleach ó Mheitheamh 2017 go Meitheamh 2018)*
*le Ceannfort Sinsear Páirceanna, Ruairi O’ Dulaing ag Páirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní*



# Pleanáil agus Acmhainní Daonna

Méadú **4%** ar Iarratais Phleanála

**1,815**

Plean Cheantar Stigh Lorgan glactha

**30** Suíomh Folmha curtha leis an gclár

**4461** cead d'aonaid chónaithe ceadaithe

Foireann DLR

**89** Ar Pinsean/Éirithe as

**127** Fostaí Nua

**124,320m²** Spás Urláir Thráchtála

**€19.84m**

€19.84m in Íocaíochtaí Forbartha bailithe faoi Alt 48

# Pleanáil agus Acmhainní Daonna

## Pleanáil

Tá an Rannóg Pleanála freagrach as forálacha an Achta um Pleanáil & Forbairt (arna leasú), na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 (arna leasú) agus reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a chur i bhfeidhm.

Cuimsíonn sé seo athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae Reatha agus Plean nua Forbartha a dhéanamh gach sé bliana, Pleananna Ceantair Áitiúil a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm, breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chead pleanála, forbairt leanúnach a rialú, bainistiú gníomhach ar thalamh a dhéanamh, forfheidhmiú reachtaíocht pleanála agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí atá bainteach le pleanáil mar aon le forfheidhmiú reachtaíocht Rialaithe Foirgníochta.

## Pleanáil Chun Cinn

### Plean Forbartha Contae

Is éard atá sa Phlean Forbartha ná ráiteas i scríbhinn agus sraith de 14 Léarscáil. Leagtar amach sa ráiteas scríofa beartas ginearálta na Comhairle chun an pleanáil sa Chontae sa todhchaí a threorú. Cuimsítear ann caighdeáin mhionsonracha faoi rialú forbartha agus na sainchuspóirí do cheantair éagsúla.

Léiríonn na léarscáileanna forálacha criosaithe úsáide talún atá sa Phlean, na cláir/tionscadail éagsúla bóthair agus cuspóirí eile mar chaomhnú crann agus na struchtúir ar díol suime seandálaíochta iad. Féachann an Plean le soláthar a dhéanamh d' fholláine cónaitheoirí an Chontae sa todhchaí agus fás deiseanna fostaíochta ar chomhchéim a éascú trí deimhin a dhéanamh go mbeidh soláthar dóthanach tailte criosaithe ar fáil chun freastal ar na riachtanais a mheastar a bheidh ann, trí chaighdeán an chomhshaoil a chosaint agus trí sholáthar an bhonneagair is gá a chinntiú.

Go príomha de bharr mion-choigeartaithe agus athruithe leanúnacha ar reachtaíocht agus Treoracha na hEorpa agus na hÉireann áirítear sa Phlean Forbartha 2016 – 2022 ábhair 'nua' nach raibh iniata i bpleananna dá leithéid roimhe seo. Tá Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile mionsonrach don Chontae ar fad ionchorpraithe anois sa Phlean. I measc na n-ábhar eile nua nó fairsingithe tá Straitéis chuimsitheach Bhonneagair Ghlais, Creat phlean Uirbeach Dhún Laoghaire, Bearta Maolaithe agus Oiriúnaithe Athrú Aeráide, Treoir i leith Díonta Glasa agus fócas méadaithe ar acmhainn Thurasóireachta agus Fhóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Cuireadh 'Tuairisc Dhul Chun Cinn 2 Bhliain' reachtúil i leith Phlean Forbartha an Chontae faoi bhráid Chruinniú Bealtaine na Comhairle.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

### Pleananna Ceantair Áitiúil [LAP]

Cuimsíonn Plean Forbartha an Chontae 2016 – 2022 cuspóir le roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil a réiteach le linn saolré an Phlean Forbartha.

Ghlac an Chomhairle go foirmiúil le Plean Cheantar Áitiúil Stigh Lorgan 2018-2024 ag a cruinniú i Meán Fómhair 2018.

Chuir an Chomhairle síneadh le saolré LAP Chill Tiarnáin/Ghleann na Muc ar feadh 5 bliana eile- 2023-ag a cruinniú i Meitheamh 2018.

Reáchtáladh cleachtais Chomhairliúcháin Phoiblí Réamh-Dhréachtaithe i R4 2018, ag tabhairt cuireadh do pháirtithe le suim ann agus do pháirtithe leasmhara moltaí a dhéanamh agus/nó smaointe a chur isteach roimh réiteach Dréacht-LAP Bhaile Uí Ógáin & Purláin agus LAP Dhún Droma.

Cuireadh tús le réiteach Máistirphlean neamh-reachtúil Cuanta Bhlóic agus Chuas an Ghainimh i dtreo dheireadh 2018.

### Clár na Láithreán Tréigthe

Cuireann an cinneadh le clár na Láithreán Tréigthe a thabhairt isteach in 2017 fócas nua ar láithreáin nach bhfuil á n-úsáid agus atá díomhaoin le fada an lá, i mbailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae. Ta sé i gceist go ndéanfaidh na pionóis airgeadais bheartaithe atá ionchorpraithe sa reachtaíocht Láithreán Tréigthe na píosaí talún folmha agus díomhaoin seo a athoscailt agus iad a thabhairt ar ais in úsáid thairbheach arís.

Ag 31ú Nollaig 2018 bhí 30 suíomh liostaithe ar Chlár na Láithreán Tréigthe.

*Radharc ó dheas ón aer ar oibreacha bonneagair ag Coill na Silíní*



# Rialú Forbartha

### Táscairí Seirbhíse um Rialú Forbartha

Fuarthas 1,815 iarratas pleanála in 2018 ar méadú 4% ar fhigiúr 2017 atá ann.

Rinneadh cinneadh i leith 1,406 iarratas bailí pleanála in 2018, ar méadú 1% ar fhigiúr 2017 atá ann agus atá le léamh i gcomhar leis na caibidil thíos a dhéanann cur síos ar scála na n-iarratas sin.

In 2018, ceadaíodh 124,320 m² de spás urláir thráchtála i gcomparáid le 14,822 m² in 2017 – méadú de bhreis is 700% ar 2017. Chuir an cead i leith Lárbhaile Choill na Silíní, a chuimsíonn74,345 m² de spás urláir, go mór le figiúr 2018.

Mhéadaigh líon na n-aonad cónaithe a ceadaíodh leis ó 1153 aonad i 2017 go 4461 aonad (lena n-áirítear Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta) in 2018 ar ionann é agus ardú 386% bliain ar bhliain.

As 200 cinneadh ar fad a d'eisigh an Bord Pleanála in 2018 faoi achomhairc, seasadh le/cuireadh athrú ar 152 (76%) cinneadh an Údaráis Phleanála, agus i 48 (24%) aisiompaíodh cinneadh an Údaráis Phleanála.

Faoin Acht Pleanála & Forbartha (Tithíocht) &Tionóntachtaí Cónaithe 2016 cuireadh próiseas nua in áit chun forbairtí straitéiseacha tithíoch-ta a mheasúnú; Thosaigh Rialacháin Phleanála & Forbartha (Forbairt Straitéiseach Tithíochta) 2017 ar 3ú Iúil 2017.

### Forbairt Straitéiseach

Cuireadh isteach 9 n-iarratas ag  An Bord Pleanála, i leith Tithíochta Straitéisí, i limistéar dlr in 2018 i gcomparáid le 3 iarratas in 2017.

- Bóthar/Coill Bhaile Uí Bhraonáin – 136 aonad cónaithe
- Chesterfield, An Charraig Dhubh - 221 teach
- Feirm Chré, Baile Uí Ógáin – 927 aonad cónaithe
- Plandlann Uí Dhúill tráth, Bóthar Bhaile Uí Bhraonáin – 115 aonad
- Bóthar Ghleann na Muc/Bóthar Áth na Sceire–181 aonad cónaithe
- Teach Ghleann an Chairn, Baile na Lobhar– 341 aonad
- Lána an Ghailf, Gleann na Muc – 250 aonad cónaithe
- Coill Mhór, Cill Iníon Léinín- 102 aonad cónaithe
- Tivway, Suíomh Aldi Tráth, Áth an Ghainimh – 459 árasán

Zón Forbartha Straitéisí (SDZ):

- Cead tugtha ag DLR i leith iarratas Lárbhaile Bhaile na Silíní laistigh de SDZ Choill na Silíní, achuimsíonn1,269 aonad árasáin
- Tugadh cead i leith 240 aonad eile ag suíomh Domville laistigh de thailte SDZ.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

### Alt 5 den Acht Pleanála & Forbartha 2000

Fuarthas 143 iarratas ar Dhearbhú faoi Alt 5 d'Acht Pleanála & Forbartha 2000 (arna leasú) in 2018. Cuireadh iarratas amháin chuig An Bord Pleanála le haghaidh athbhreithnithe.

### Scéim Ranníocaíocht Forbartha (Alt 48 den Acht Pleanála& Forbartha, 2000)

Ghlac an Chomhairle, ar 14ú Nollaig 2015, le Scéim Rannaíocht Forbartha Ailt 48 2016-2020. Glacadh le Scéim Rannaíocht Forbartha Scéim Phleanála Choill na Silíní ar 12ú Meitheamh 2017 a chuimsíonn Scéim an Chontae ar fad agus Choill na Silíní.

Le linn 2018 bailíodh €19.84m ar fad i leith Rannaíocht Forbartha Ailt 48agus as sin baineann €1,084,100 le Scéim Rannaíocht Forbartha Scéim Phleanála Choill na Silíní 2017 – 2020, agus is ionann sin agus laghdú 0.6% ar 2017 agus cuireadh amach sonraisc ar €26.7m i gcom-paráid le sonraisc €14.92m in 2017 – ardú de 79%.

Feidhmiú 2018 i leith Rannaíocht Forbartha Ailt 48 ar fud an Chontae; Cuireadh €6.75m ar fad de Rannaíocht Forbartha Ailt 48 i bhfeidhm le linn 2018, €1.76m d' Aicme1: Pobail & Páirceanna Saoráidí & Fóntais, €4.91m d' Aicme 2: Bonneagar & Áiseanna Bóithre €0.84m d' Aicme 3: Bonneagar Uisce Dromchla. Níor cuireadh aon rannaíocht i bhfeidhm as Scéim Rannaíocht Choill na Silíní.

***Radharc siar ón aer ar oibreacha bonneagair ag Coill na Silíní***





***Radharc ó thuaidh ón aer ar oibreacha bonneagair Choill na Silíní***

**Scéim Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt (Alt 49 den Acht Pleanála & Forbartha 2000 – 2006)**

Ar 13ú Eanáir 2003 ghlac an Chomhairle le Scéim Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt Ailt 49. Éilíonn an scéim go ndéanfaí rannaíocht airgid i ndáil le síneadh a chur le Líne Luas B ó Iosta Áth an Ghainimh go Coill na Silíní, sé sin Líne Luas B1. Le linn 2018 bailíodh €6.78m ar fad i leith Rannchuidithe Fhorlíontaigh agus eisíodh sonraisc i leith €10.49m.

Ar 10ú Samhain 2008 ghlac an Chomhairle le Scéim Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt Ailt 49 ar mhaithe le cistiú a dhéanamh ar fhorbairt Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus Scéim Mhaolaithe Lochán Uisce Dromchla. Le linn 2018 bailíodh €2.7m ar fad i leith Rannchuidithe Fhorlíontaigh um Fhorbairt agus eisíodh sonraisc i leith €3.56m.

Ag cruinniú na Nollag 2018 rinneadh leasú ar an Scéim chun laghdú ó €45,620 go €24,950 a chur ar an rannaíocht i leith gach aonad cónaithe. Laghdaíodh an ráta tráchtála ó €210 an m² go €125 anm² a léiríonn laghdú measta ar chostais chaipitil na scéime ó €143m go €69m.





# Forfheidhmiú

Oibríonn an Earnáil um Fhorfheidhmiú Pleanála faoi amlínte atá leagtha síos i rialú reachtaíocht pleanála agus féachann sí lena chinntiú go gcloíonn gach forbairt laistigh de limistéar feidhmíochta na Comhairle le dlíthe agus rialacháin phleanála, go gcoinníonn sé le ceadanna pleanála ar leith, le Plean Forbartha an Chontae agus le treoirlínte reachtúla eile agus go gcloítear leis na hamlínte reachtúla ar fad.

Is iad na príomh-chuspóirí ag údaráis phleanála i leith fhorfheidhmiú pleanála ná:

- Le forbairt neamh-údaraithe a thabhairt faoi smacht;
- Chun leigheas a chur ar thionchar neamh-inmhianaithe forbartha neamh-údaraithe, lena n-áirítear, nuair is gá, feabhas a chur ar thionchair dhiúltacha  na forbartha, leagan nó stad den fhorbairt nach bhfuil inghlactha agus;
- Le caingean dlí a thionscnamh, nuair is gá, ina ndiaidh siúd a thugann neamhaird ar nó a bhriseann reachtaíocht phleanála.

Osclaíodh 388 cód nua ar fad le linn 2018, eisíodh 390 litir rabhaidh, eisíodh 28 Fógra Forfheidhmiúcháin; tionscnaíodh 8 ionchúiseamh agus 2 imeacht urghaire. Dúnadh 436 cód le linn 2018.

# Rialú Foirgníochta

Tá an Rannóg Rialaithe Foirgníochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar Achtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007 agus ar na Rialacháin a rinneadh faoin na hAchtanna.

Déanann an Rannóg Rialaithe Foirgníochta monatóireacht ar12% - 15% de na hoibreacha tógála ar fad a thosaítear sa Chontae gach bliain, i leith géilliúlachta leis na Rialacháin Fhoirgníochta. Ach titeann an príomhfhreagrachtaí leith géilliúlachta ar na húinéirí agus na tógálaithe.

Is teastas é Teastas Rochtana Míchumais (DAC) a eisíonn Rialú Foirgníochta agus a thugann deimhniú faoi chomhlíontacht dhearadh oibreacha áirithe (m.sh. foirgnimh nua (seachas tithe cónaithe), roinnt méadaithe le, agus roinnt athruithe suntasacha ar fhoirgnimh (seachas tithe cónaithe) le ceangaltais Chuid M de Rialacháin Rialaithe Foirgníochta. Eisíodh 183 Teastas Rochtana Míchumais in 2018 – ardú 12% ó 163 teastas a eisíodh in 2017.

Éilíonn Achtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 1997 go bhfaigheadh gach forbairt atá clúdaithe faoi rialacháin fhoirgníochta, seachas tithe agus foirgnimh fheirme, Teastas Sábháilteachta Dóiteán. Eisítear na teastais ar chomhairle Phríomhoifigeach Dóiteán Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Bhí ardú 19% ar líon na dTeastas Sábháilteachta Dóiteán in 2018 – 227 i gcomparáid le 190 in 2017.

### Tógáil i gCúram

Déan an Rannóg Rialú Foirgníochta comhordú ar an bpróiseas reachtúil tógáil i gcúram bóithre i bhforbairtí nua. Áirítear sa phróiseas sin monatóireacht a dhéanamh ar chríochnú bóithre, seirbhísí, soilsiú poiblí agus spásanna oscailte i bhforbairtí nua fad a bhíonn na hoibreacha forbartha faoi shiúl. Ar chríochnú na forbartha déantar breis cigireachta lena chinntiú go gcloíonn na hoibreacha suímh le caighdeáin tógáil i gcúram na Comhairle mar a shonraítear i "Treoir-Cháipéis um Oibreacha Forbartha".

Tógadh eastát amháin Teach an Reachtaire i gcúram in 2018; fuarthas iarratais i leith thógáil i gcúram ó 5 fhorbairt eile atá á bpróiseáil faoi láthair ag Rialú Foirgníochta.

### Ag Cruthú Timpeallachta ar mhaithe le Fás Eacnamaíochta

Tá gníomhaíocht pleanála sa Chontae ag leanúint ag dul i méid bliain i ndiaidh bliana le Filleacháin Thascfhórsa Tithíochta Bhaile Átha Cliath ag léiriú méadú 67% ar líon na n-aonad le cead pleanála ó 6,608 in2017go 11,030 aonad in 2018 (i leith forbairtí 10 nó níos mó aonad) Tá méadú suntasach chomh maith ar líon na Suíomh Gníomhach sa Chontae atá imithe in airde ó 37 in 2017 go 46 in 2018. An líon iomlán aonad a bhí á dtógáil faoi dheireadh 2018 ná 1,461, lena n-áirítear 977 aonad árasáin ar féidir leo dhá bhliain a thógáil le críochnú. Ba iad na mór-iarratais chónaithe i DLR in 2018 ná iarratas Lárbhaile Choill na Silíní, a chuimsíonn 1,269 aonad árasáin, agus Céim 2 d' fhorbairt Fheirm Chré i mBaile Uí Ógáin a chuirfidh 927 aonad árasáin ar fáil. Faoi dheireadh R4 2018 bhí líon 31 suíomh ar fad sa Chontae ag Staid 1 réamh-phleanála agus ag Staid 2 de phróiseas pleanála Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (i.e. i leith forbairtí de 100 aonad +) leis an acmhainn ann le c. 6,380 aonad cónaithe a chur ar fáil sa bhreis ar na 11,030 aonad a bhfuil tagairt déanta dóibh thuas.

Féachann an Scéim Rannaíochta Forbartha Ailt 48 2016-2020, a glacadh leis i Nollaig 2015, le fás eacnamaíochta a chothú. Téann bailiú rannaíochta forbartha i dtreo chistiú bonneagair. Bailíodh€19.84m in 2018.

### Ag Cur Caighdeán na Beatha Chun Cinn don Uile Duine

Tugadh cuireadh don phobal a bheith páirteach i bpróiseas réitithe Plean Cheantair Áitiúil Stigh Lorgan 2017-2023 agus glacadh leis an bplean in 2018. Tosaíodh ar réiteach Dréachtphlean Cheantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin & Purláin 2018-2024. I Samhain 2018 thug an Chomhairle cuireadh d'aon pháirtithe nó daoine aonair ar suim leo é moltaí a dhéanamh roimh réiteach Dréachtphlean Cheantair Áitiúil Dhún Droma 2019-2025.

### Ag Cur Athraithe ó Bhonn ar ár Modh Oibre

Éilíonn an Rannóg Phleanála go gcuireann custaiméirí sonraí áirithe pearsanta ar fáil ar mhaithe le feidhmeanna reachtúla agus/nó riaracháin a chomhlíonadh faoi na hAchtanna Pleanála.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

Rinneadh an tAcht Pleanála & Forbartha (Leasú) 2018 a achtú ar 19ú Iúil 2018. Ar cheann de phríomh-chomhpháirteanna an Achta, - ag teacht as moltaí a bhaineann le pleanáil i Tuairisc Bhinse Mahon – tá bunú Oifig nua neamhspleách an Rialtóra Pleanála.
I ndiaidh a bunaithe beidh réimse leathan feidhmeanna ag Oifig an Rialtóra Pleanála (QPR) – lena n-áirítear breithmheas agus measúnú neamhspleách ar na Straitéisí Réigiúnacha Eacnamaíochta& Spáis (RSES), Pleananna Forbartha Cathrach& Contae (CDP) agus Pleananna Cheantair Áitiúil (LAP) ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil (i) géilliúlacht le polasaithe agus spriocanna bainteacha Náisiúnta agus Réigiúnacha agus, (ii) pleanáil chuí faighte le haghaidh forbartha inbhuanaithe an cheantair (na gceantar) i gceist. Ina theannta tabharfar breis cumhachta don QPR chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eagrúchán, córais agus nósanna imeachta a úsáideann aon Údarás Pleanála agus/nó An Bord Pleanála i gcur i bhfeidhm aon cheann dá gcuid feidhmeanna faoi na hAchtanna Pleanála & Forbartha –bíodh sé dá conláin féin nó de bharr clamhsán ar leith ó bhaill den phobal nó ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile. Mar chuid de Bhainistiú Riosca tá measúnú déanta ar aon rioscaí agus tá céimeanna aitheanta chun na rioscaí a mhaolú.

Ta obair ar siúl chun an réimse doiciméadachta atá ar fáil ar líne a mhéadú. Tá an Chomhairle ag obair i dtreo seirbhís e-phleanáil a chur ar fáil, a chuimseoidh feabhsúcháin i bhfeidhmiúlacht na seirbhísí reatha m.sh. aighneachtaí ar líne.

### Measúnú Leanúnach agus Feabhsúcháin ar Sheirbhísí

Tháinig Oifigeach nua GIS (Córais Eolas Tíreolaíochta) isteach sa Rannóg in 2018. Is creat é GIS chun sonraí spáis a bhailiú, a bhainistiú, a shamhlú agus a anailísiú. Ta comhpháirt spáis ag an gcuid is mó de na sonraí in obair na Rannóige, agus mar sin tá sé rí-thábhachtach an teicneolaíocht a bheith ann chun bailiú agus anailís a dhéanamh ar shonraí atá bunaithe ar an láthair. Bhí fócas tosaigh an Oifigigh GIS ar aithint fhoireann croí-shonraí criticiúla spáis gnó agus an teicneolaíocht a chur in áit chun an taighde luachmhar seo a shaothrú. Tá feidhmchláir nua gréasán-bhunaithe tugtha isteach a chumasaíonn cruthú, samhlú, agus anailís níos éifeachtaí ar shonraí spáis gan gá le hoiliúint GIS speisialaithe. Tá córas nua GIS, scamall-bhunaithe á chomhtháthú le APAS a chuirfidh feabhas ar agaí gabhála sonraí agus an próiseas cinntithe a fheabhsú. Tá feidhmchláir nua á dtabhairt isteach chun comhpháirtíocht an phobail a fheabhsú i bhfoirm scáileán eolais agus 'Mapaí Scéalta'. Leanadh leis an bpleanáil chun rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail in ár bpróisis a mhealladh go háirithe i bpróisis reachtúla, trí sheisiúin phoiblí eolais a fógraíodh go forleathan, a chur ar fáil agus trí shuíomh gréasáin na Comhairle a úsáid chun aighneachtaí ar líne a chur isteach.

Feabhsaíonn bearta dá leithéid, mar aon le cumarsáid le, agus comhpháirtíocht ag, an bpobal leis an daonlathas áitiúil agus le páirt a bheith ag an bpobal sna próisis mhóra cinntithe.

# Acmhainní Daonna

Tá acmhainní daonna ag plé le riaradh ginearálta forálacha, polasaithe, nósanna imeachta agus scéimeanna reachtúla fostaíochta atá glactha ag an mbainistíocht leo. Ta an Rannóg freagrach leis as oiliúint agus forbairt foirne agus as Inrochtaineacht agus Comhpháirtíocht san Ionad Oibre.

## Earcaíocht agus Ceapadh Foirne

An fórsa oibre a bhí ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag deireadh 2018 ná 1,109, lena n-áirítear cléireachas/riarachán, gairmiúil, teicniúil agus baill foirne iosta-bhunaithe ar a bhfuil oibrithe ceirde agus oibrithe ginearálta.

Críochnaíodh plean fórsa oibre na Comhairle faoi dheireadh 2015 agus lean an Rannóg lena feachtas earcaíochta chun riachtanas foirne na Comhairle a shásamh. Mar thoradh ar daoine ag éirí as nó ag dul ar pinsean d'fhág 89 duine ar fad an eagraíocht. Sa bhliain thuarascála críochnaíodh 25 comórtas le 1,221 iarratasóir. Reáchtáladh 532 agallamh ar fad agus dá mbarr rinneadh 127 fostaí nua a earcú in 2018.

*Baill de Chór Fhoireann dlr ag Cleachtadh*







## Riarachán & Caidreamh Tionsclaíochta

Cuireann an Rannóg Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach ar fáil don bhainistíocht áitiúil chun cothromas agus comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Aithníonn an Comhairleoir Tacaíochta Foirne agus freagraíonn sé/sí do ghéarchéimeanna sealadacha nó deacrachtaí pearsanta a bheadh ag cur isteach ar bhall foirne ag an obair nó sa bhaile agus cuirtear seirbhís comhairleoireachta, atreoraithe agus eolais ar fáil.

## Comhionannas

Is croíluach i gcultúr na Comhairle é an comhionannas. Tá an méid sin le sonrú sna beartais, cleachtais agus nósanna imeachta tráth a bhfuiltear ag déileáil le saoránaigh agus lena chéile araon. Déantar bainistiú ilchineálachta a chomhtháthú sa chlár oiliúna chúram custaiméara a thacaíonn le freagairtí cuí a fhorbairt chun déileáil le raon leathan fiosrúchán, cúraimí agus ceangaltas.

## Inrochtaineacht

Sáraíodh an sprioc 3% de dhaoine faoi mhíchumas a fhostú dá dtagraítear dó san Acht Míchumais 2005 arís in 2018. An céatadán den fhoireann a chuir in iúl go rabhadar faoi mhíchumas ag 31/12/2018ná 3.61%.

## Forbairt & Oiliúint Foirne

In 2018, cuireadh cláir fhoghlama agus oiliúna ar fáil do 894 ball foirne.

Chuimsigh na cláir fhoghlama agus oiliúna:

Clár Ionduchtaithe Speisialtóra le haghaidh fostaithe nua, A-Z de Rialtas Áitiúil, Ceannaireacht, Ag Déanamh Cinntí agus Réiteach Fadhbanna, Aireachas, Oiliúint Polasaí do Bhainisteoirí Líne ar Promhadh, Seirbhísí Custaiméara, Soláthar, Bainistiú Tearcfheidhmíochta, GDPR, Saoráil Faisnéise, Bainistiú ar Teagmhais Thromchúiseach, Scríobh Tuairisce, Scileanna Éifeachtacha Cuir i Láthair, Airgeadas, IT, Excel & Word i measc go leor eile.

Eagraíodh réimse cúrsaí, leis, le haghaidh oibrithe oilte lena n-áirítear: Pass Sábháilteachta; Sábh Slabhrach; Sceallaire Adhmaid; Lotnaidicíd; Rothaí Scrabhacha; Tarraingt; Comharthaíocht; Soilsiú & Ag Cosaint; Teiliompróir; Tiomáint CPC, Forc-Ardaitheoir; Aimsiú Seirbhísí faoi Thalamh; Tochaltóir agus Dearadh Bhainistiú Tráchta.

Faomhadh 49 ball foirne faoin Scéim Chúnaimh i leith cúrsaí breisoideachais.

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre:

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta roinnt cruinnithe i rith na bliana. Lean Grúpaí Gníomhaíochta Comhpháirtíochta ag cur roinnt cuspóirí/ gníomhaíochtaí chun cinn.

Chuimsigh Forbairt Foirne Forbairt Leanúnach Gairme (CPD).

Chuimsigh Imeachtaí & Scéimeanna:

- Cuimhneachán Bliantúil Foirne i Halla an Chontae & Baile Uí Ógáin
- Nochtadh Leacht Chuimhneachán Bhaile Uí Ógáin
- Aontú faoi bhronntanas cuí do na clanna a bhfuair duine ansa leo bás i seirbhís na Comhairle.
- Cainteanna Meabhairshláinte Foirne
- Bunú Cór Foirne dlr
- Mion-Scrúduithe Sláinte
- Leanúint ag tabhairt tacaíochta do Líonra Daoine Ar Scor
- Scéim Cheannach Ríomhaire
- Scéim Choigilteas Nollag
- Leanúint ag tabhairt tacaíochta do oiliúint IT & Meáin Shóisialta i gcomhpháirtíocht leis an etb.
- Reáchtáil suirbhé Bhialann Foirne i saoráid Bhaile Uí Ógáin

## Foilseacháin:

- Féilire 2018 Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Bileog eolais nuashonraithe d' Fhostaithe dar teideal ' Gnéithe Suime ag clúdach ábhar mar oiliúint, forbairt agus teidlíochtaí'
- Rinne nuashonrú ar Leabhrán Eolais na Foirne

Lean an Oifig Comhpháirtíochta ag lorg smaointe agus moltaí don Fhoireann.







*An Cathaoirleach Cllr. Ossian Smyth, Cllr. Patricia Stewart*

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL 31Ú NOLLAIG 2018

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 1 | | |
| Oibríochtúil | | 1,402,221,334 | 1,372,381,836 |
| Bonneagar | | 1,777,660,038 | 1,764,368,024 |
| Pobal | | 58,016,483 | 58,161,422 |
| Neamh-Oibríochtúil | | 102,941,284 | 103,398,390 |
| | | **3,340,839,139** | **3,298,309,671** |
| **Obair idir Lámha & Costais Thosaigh** | 2 | **32,359,140** | **32,772,839** |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 3 | **87,471,818** | **86,970,344** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 4 | 790,672 | 828,223 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamh-Íoc | 5 | 31,642,591 | 39,895,926 |
| Infheistíocht Bainc | | 197,019,090 | 180,198,124 |
| Airgead sa Bhanc | | - | - |
| Airgead faoi Bhealach | | 1,320,667 | 620,861 |
| | | **230,773,019** | **221,543,134** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Rótharraingt Bainc | | 311,904 | 814,602 |
| Creidiúnaithe & Fabhraithe | 6 | 58,286,46 | 70,754,06 |
| Léasanna Airgeadais | | 58,286,467 | 70,754,065 |
| | | **58,598,370** | **71,568,667** |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | | **172,174,649** | **149,974,467** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)** | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 119,256,883 | 123,013,879 |
| Leasanna Airgeadais | | - | - |
| Éarlais In-Aisíoctha | 8 | 33,816,206 | 23,649,983 |
| Eile | | 11,624,834 | 10,152,149 |
| | | **164,697,923** | **156,816,012** |
| **Glansócmhainní / (Dliteanais)** | | **3,468,146,823** | **3,411,211,310** |
| **Arna Léiriú ag** | | | |
| Caipitliú | 9 | 3,340,839,139 | 3,298,309,671 |
| Ioncam WIP | 2 | 29,068,092 | 25,889,256 |
| Cúlchiste Sonrach Ioncaim | | - | - |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | | 9,787,717 | 9,771,902 |
| Iarmhéid Eile | 10 | 88,451,874 | 77,240,480 |
| **Cúlchistí Iomlána** | | | **3,411,211,309** |





## RÁITEAS CUIMSITHEACH (RÁITEAS CHUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2018

| | Nótaí | Ollchaiteachas 2018 € | Ioncam 2018 € | Glanchaiteachas 2018 € | Glanchaiteachas 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas de réir Rannóige** | | | | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | | 35,392,985 | 33,961,696 | 1,431,289 | 876,637 |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | 29,350,304 | 13,209,138 | 16,141,165 | 16,722,562 |
| Seirbhísí Uisce | | 10,855,877 | 8,644,705 | 2,211,171 | 2,947,075 |
| Bainistiú Forbartha | | 17,092,898 | 5,372,728 | 11,720,170 | 10,440,878 |
| Seirbhísí Timpeallachta | | 28,757,060 | 6,989,418 | 21,767,642 | 22,073,720 |
| Fóillíocht & Conláistí | | 31,247,212 | 5,490,270 | 25,756,941 | 23,666,467 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | | 432,183 | 187,441 | 244,742 | 243,606 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 8,080,935 | 9,440,477 | (1,359,543) | 1,019,610 |
| **Caiteachas/Ioncam Glan** | **15** | 161,209,453 | 83,295,875 | | |
| Glanchostas na Rannóige arna maoiniú ag Rátaí Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 77,913,578 | 77,990,555 |
| Rátaí | | | | 82,877,520 | 79,834,567 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | | 10,741,329 | 10,734,510 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú** | | | | 15,705,272 | 12,578,522 |
| **Aistrithe ó/chuig Cúlchistí** | **14** | | | (15,689,456) | (12,570,893) |
| **Aistrithe ó/chuig Cúlchistí** | **16** | | | 15,816 | 7,629 |
| **Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir** | | | | 9,771,902 | 9,764,273 |
| **Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir** | | | | 9,787,717 | 9,771,901 |

# Táscairí Feidhmíochta

## 01/01/2018 - 31/12/2018 (Bliantúil)

## Sonraí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar a cuireadh faoi bhráid an LGMA & Faoi Réir Fíoraithe

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Tithíocht: H1, H2 & H4** | A. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ ag 1/1/2018 | 4269 |
| | B. Líon na dteaghaisí curtha le stoc in úinéireacht an ÚÁ le linn 2018 (bíodh se tógtha nó faighte) | 128 |
| | C. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ a díoladh in 2018 | 5 |
| | D. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ a leagadh in 2018 | 0 |
| | E. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ ag 31/12/2018 | **4392** |
| | F. Líon na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ atá beartaithe a leagan faoi scéim atá faofa ag DHPLG | 16 |
| | A. Céatadán d'iomlán na dteaghaisí in úinéireacht an ÚÁ a bhí folamh amhail 31/12/2018 | **2.31 %** |
| | Líon na dteaghaisí laistigh dá stoc foriomlán nach raibh Tionónta iontu ar 31/12/2018 | 101 |
| | A. Caiteachas i 2018 ar chothabháil thithíocht ÚÁ tiomsaithe ó 1ú Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018, roinnte ar líon na dteaghaisí i stoc an ÚÁ ar 31/12/2018, i.e. H1E lúide H1F figiúr táscaire | **€1196.97** |
| | Caiteachas ar chothabháil stoc ÚÁ tiomsaithe ó €5237944 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas a bhí beartaithe agus a cháiligh le haghaidh deontais, mar deontais SEAI i leith oibreacha aisfheistithe éifeacht fuinnimh nó an Clár Uasghrádú Fabraice ach gan caiteachas ar fhoirgnimh atá folamh san áireamh ná caiteachas faoi mórscéimeanna faofa athchóirithe (i.e. Athghiniúint fhaofa nó faoi na Scéimeanna Oibreacha Athchóirithe). | €5237944 |
| | Caiteachas ar chothabháil stoc ÚÁ tiomsaithe ó €5161452 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas a bhí beartaithe agus a cháiligh le haghaidh deontais, mar deontais SEAI i leith oibreacha aisfheistithe éifeacht fuinnimh nó an Clár Uasghrádú Fabraice ach gan caiteachas ar fhoirgnimh atá folamh san áireamh ná caiteachas faoi mórscéimeanna faofa athchóirithe (i.e. Athghiniúint fhaofa nó faoi na Scéimeanna Oibreacha Athchóirithe). | €5161452 |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Tithíocht: H1, H2 & H4** | A. An t-am a caitheadh ó fágadh an teaghais folamh go dtí an dáta in 2018 nuair a thosaigh tionóntacht nua, ar an meán ar fud na dteaghaisí ar fad a ath-ligeadh le linn 2018 | **12.39 seach** |
| | B. An costas a caitheadh chun teaghaisí a ath-ligean in 2018, ar an meán ar fud na teaghaisí a ath-ligeadh in 2018 | **€18862.32** |
| | Líon na dteaghaisí a rinneadh a ath-thionóntú ar aon dáta in 2018 (seachas iadsan a bhí folamh le haghaidh athchóirithe ar fud an eastáit) | 127 |
| | Líon seachtainí ón dáta fágála go dtí an dáta a rinneadh an teaghais a ath-thionóntú. | 1573.53 wk |
| | Caiteachas iomlán ar oibreacha a bhí riachtanach chun go bhféadfaí na teaghaisí a athligean. | €2395515 |
| | An t-am a caitheadh ón dáta a fágadh teaghais folamh go dtí an dáta in 2017 nuair a bhí tionónta nua ann, ar an meán ar feadh na dteaghaisí ar fad a athligeadh le linn 2017. | **15.55 seach** |
| **Tithíocht: H3 & H5** | An costas a caitheadh chun teaghaisí a fháil athligthe in 2017 ar an meán thar na teaghaisí ar fad a athligeadh in 2017 | **€15283.67** |
| | In 2017, líon na dteaghaisí a bhí athligthe (seachas iad sin a bhí folamh le haghaidh athchóirithe san eastát iomlán) | 121 |
| | In 2017, an líon seachtainí ó dháta fágála go dtí an dáta 1881.43 seach ina raibh sé tionónta ann arís. | 1881.43 seach |
| | In 2017, caiteachas iomlán ar oibreacha a bhí riachtanach chun athligean teaghaisí a chumasú. | €1849323.53 |
| | A. Iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i gceantar an ÚÁ ag deireadh 2018 | 16105 |
| | B. Líon na dteaghaisí ar cíos a rinneadh cigireacht orthu in 2018 | 1022 |
| | C. % na dteaghaisí a rinneadh cigireacht orthu in 2018 a fuarthas gan a bheith comhlíontach le Caighdeáin Rialacháin | **82.29 %** |
| | D. Líon na dteaghaisí neamh-chomhlíontacha cha a rinneadh comhlíontach le linn 2018 | 181 |
| | Líon teaghaisí a rinneadh cigireacht orthu in 2018 agus a fuarthas gan a bheith comhlíontach le Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin i leith Tithe Ar Cíos) | 841 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Tithíocht: H6** | A. Líon na daoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar % den líon iomlán daoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2018<br><br>Líon na ndaoine a bhí rangaithe a bheith gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála ar oíche 31 Nollaig 2018 mar a taifeadadh ar an gCóras PASS<br><br>An líon de na daoine sin a bhí, ar 31/12/20018, tar éis 6 mhí a chaitheamh go leanúnach nó a chaitheamh go carnach sa 12 mí roimhe sin, i gcóiríocht éigeandála. | Figiúirí Faighte ó DCC |



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Bóithre: R1 & R2** | An % de km bóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI Sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km príomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre Áitiúla den dara grád a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí roimh 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den tríú grád a fuair rátáil PSCI Sa tréimhse 60 mí roimh 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 1-4 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 5-6 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 7-8 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre Réigiúnacha le rátáil PSCI de 9-10 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km príomh-bhóithre Áitiúla le rátáil PSCI de1-4 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km príomh-bhóithre Áitiúla le rátáil PSCI 5-6 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km príomh-bhóithre Áitiúla le rátáil PSCI de 7-8 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km príomh-bhóithre Áitiúla le rátáil PSCI de 9-10 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 1-4 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 5-6 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 7-8 ar 31/12/2018 | TBC |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Bóithre: R1 & R2** | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 9-10 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den tríú grád le rátáil PSCI de 1-4 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 5-6 ar 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 7-8 at 31/12/2018 | TBC |
| | An % de km bóithre áitiúla den dara grád le rátáil PSCI de 9-10 ar 31/12/2018 | TBC |
| | A1. Km bóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn 2018 | TBC |
| | A2. An méid a caitheadh ar obair neartaithe bóithre réigiúnacha le linn 2018 | TBC |
| | B1. Km bóithre réigiúnacha athshéalaithe le linn 2018 | TBC |
| | B2. An méid a caitheadh ar obair athshéalaithe bóithre réigiúnacha le linn 2018 | TBC |
| | C1. Km bóithre áitiúla a neartaíodh le linn 2018 | TBC |
| | C2. An méid a caitheadh ar obair neartaithe bóithre áitiúla le linn 2018 | TBC |
| | D1. Km bóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn 2018 | TBC |
| | D2. An méid a caitheadh ar obair athshéalaithe bóithre áitiúla Le linn 2018 | TBC |
| **Mótarcháin: R3** | A. An % idirbheart mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. idirbheart próiseáilte & diosca cánach eisithe) in 2018 | N/A |
| **Uisce: W1** | % Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil i gcomhlíontacht le ceangaltais reachtúla i leith monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán soláthracha uisce óil príobháideach le linn 2018 | 1.00 % |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Uisce: W1: Dramhaíl E1** | A. Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, atá suite i limistéar atá á chlúdach ag oibritheoir ceadúnaithe a chuir seirbhís 3 bhosca bruscair ar fáil ar 31/12/2018 | 49455 |
| | B. An % de theaghlaigh laistigh de cheantar an ÚÁ (de réir Dhaonáireamh 2016 leis) a seasann an uimhir ag A dóibh | 62.95 % |
| **Truailliú Comhshaoil: E2** | A1. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a rinneadh clamhsán ina leith le linn 2018 | 3242 |
| | A2. Líon cásanna truaillithe a dúnadh ó 1/1/2017 go 31/12/2018 | 3135 |
| | A3. Líon iomlán cásanna ar láimh ar 31/12/2018 | 193 |
| | Líon oscailte cásanna tugtha chun cinn ó dheireadh na bliana 2017 | 86 |
| **Truailliú Bruscair: E3** | A1. An % den limistéar laistigh den ÚÁ a bhí neamhthruaillithe nó saor ó bhruscar nuair a rinneadh suirbhé ann in 2018 | TBC |
| | A2. An % den limistéar laistigh den ÚÁ a bhí truaillithe de bheagán nuair a rinneadh suirbhé ann in 2018 | TBC |
| | A3. An % den limistéar laistigh den ÚÁ a bhí measartha thruaillithe nuair a rinneadh suirbhé ann in 2018 | TBC |
| | A4. An % den limistéar laistigh den ÚÁ a bhí thruaillithe go mór nuair a rinneadh suirbhé ann in 2018 | TBC |
| | A5. An % den limistéar laistigh den ÚÁ a bhí thar a bheith truaillithe nuair a rinneadh suirbhé ann in 2018 | TBC |
| **Stádas Bhrait Ghlais: E4** | A. An % scoileanna a bhfuil stádas an Bhrait Ghlais bronnta orthu | 57.01 % |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Pleanáil: P1** | A. Foirgnimh a rinneadh cigireacht orthu mar % d'fhoirgnimh nua a tugadh fógra don ÚÁ fúthu | **38.19 %** |
| | Líon iomlán foirgneamh nua a tugadh fógra do ÚÁ fúthu i.e. foirgnimh inar sheirbheáil tógálaí nó forbróir Fógra Tosaithe bailí ar an ÚÁ sa tréimhse 1/1/2018 to 31/12/2018 | 597 |
| | Líon iomlán foirgneamh nua a tugadh fógra do ÚÁ fúthu in 2018 ina rinne an ÚÁ ar a laghad cigireacht amháin ar an suíomh le linn 2018 | 228 |
| **Pleanáil: P2 & P3** | A. Líon cinntí pleanála an ÚÁ faoi réir achomhairc chuig An Bord Pleanála a rinne An Bord cinneadh ina leith ar aon dáta in 2018 | 200 |
| | B. % na gcinntí ag A a dhearbhaigh (le nó gan athrú) cinneadh an ÚÁ | **76.00 %** |
| | Líon na gcinntí ag dearbhú (le nó gan athrú) chinneadh an ÚÁ | 152 |
| | A. Líon iomlán na gcásanna pleanála arna atreorú nó arna dtionscnamh ag an ÚÁ sa tréimhse 1/1/2018 go 31/12/2018 a fiosraíodh | 314 |
| | B. Líon iomlán na gcásanna imscrúdaithe a dúnadh le linn 2018 | 308 |
| | C. % na gcásanna ag B a díobhadh as a bheith mionchúiseach, ar scála beag nó gan bunús, nó a dúnadh toisc iad a bheith faoi urchosc reatha nó ina forbairt dhíolmhaithe | **28.57 %** |
| | D. % na gcásanna ag B a réitíodh chun sástachta an ÚÁ trí idirbheartaíocht | **30.84 %** |
| | E. % na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmiúcháin | **40.58 %** |
| | F. Líon iomlán cásanna pleanála a n-imscrúdú amhail 31/12/2018 | 277 |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Pleanáil: P2 & P3** | Líon na gcásanna ag 'B' a díobhadh faoi Alt 52(2), An tAcht Pleanála & Forbartha 2000 | 88 |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a réitíodh chun sástachta an ÚÁ trí idirbheartaíocht | 95 |
| | Líon na gcásanna ag 'B' a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | 125 |
| **Pleanáil: P4 & P5** | A. Clár D Ráiteas Bliantúil Airgeadais (AFS) 2018 Sonraí roinnte de réir daonra an Cheantair ÚÁ amhail Daonáireamh 2016 | **€41.14** |
| | AFS Sonraí Chlár D ag cuimsiú D01 – Pleanáil chun Cinn D02 – Bainistiú Forbartha, D03 – Forfheidhmiú (ag cur san áireamh cuid ábhartha Chlár D den Mhuirear Bainistithe Láir) do 2018 | €8969098 |
| | A. % iarratas ar Theastais Shábháilteachta Dóiteáin faighte in 2018 a cinneadh (ceadú nó diúltú)laistigh de dhá mhí ón dáta fála. | **29.46 %** |
| | B. % iarratas ar Theastais Shábháilteachta Dóiteáin faighte in 2018 a cinneadh (ceadú nó diúltú)laistigh de thréimhse shínte a bhí aontaithe leis an iarratasóir | **47.29 %** |
| | Lion iomlán iarratas ar Theastais Shábháilteachta Dóiteáin faighte in 2018 nach raibh tarraingthe siar ag an Iarratasóir. | 129 |
| | Líon iarratas ar Theastais Shábháilteachta Dóiteáin faighte in 2018 a cinneadh (ceadú nó diúltú)laistigh de dhá mhí ón dáta fála. | 38 |
| | Líon iarratas ar Theastais Shábháilteachta Dóiteáin faighte in 2018 a cinneadh (ceadú nó diúltú)laistigh de thréimhse shínte a bhí aontaithe leis an iarratasóir | 61 |

| Topaic | Táscaire |
|---|---|
| **Seirbhís Dóiteáin: F1** | A. Ráiteas Bliantúil Airgeadais (AFS) Clár E caiteachas go dáta roinnte ar dhaonra cheantar an ÚÁ de réir figiúirí Dhaonáireamh 2016 don daonra a bhfuil an t-údarás dóiteáin ag freastal air amhail Cur Chuige de réir Riosca Céim 1 |
| | AFS Clár E sonraí caiteachais a chuimsíonn E11 – Oibriú Sheirbhís Dóiteáin E12 – Cosaint Dóiteáin do 2018 |
| **Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3**<br><br>Figiúirí Dóiteáin Faighte ó DCC | A. Meán-am, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i ndáil le tine |
| | B. Meán-am, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i Stáisiúin páirt-sheirbhís aimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le tine |
| | C. Meán-am, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a shlogadh i Stáisiúin Lán-Aim-seartha (seachas dóiteán) i ndáil le gach teagmhais éigeandála |
| | D. Meán-am, i nóiméid, chun briogáid dhóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Páirt-Aimseartha (seirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile (seachas tine) |
| | A. % na gcásanna i ndáil le tine inar sroicheadh an láthair laistigh de 10 nóiméad |
| | B. % na gcásanna i ndáil le tine inar sroicheadh an láthair ar dtús lasmuigh de 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad |
| | C. % na gcásanna i ndáil le tine inar sroicheadh an láthair ar dtús laistigh de 20 nóiméad |
| | D. % na gcásanna i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair laistigh de 10 nóiméad |
| | E. % na gcásanna i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair lasmuigh de 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad |
| | F. % na gcásanna i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile inar sroicheadh an láthair lasmuigh de 20 nóiméad |
| | Líon iomlán glaonna i ndáil le dóiteán ó 1/1/2018 go 31/12/2018 |
| | Líon na gcásanna dóiteáin seo inar shroich an chéad inneall dóiteáin an láthair laistigh de 10 nóiméad |
| | Líon na gcásanna dóiteáin seo inar shroich an chéad inneall dóiteáin an láthair i lasmuigh de 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad |
| | Líon na gcásanna dóiteáin seo inar shroich an chéad inneall dóiteáin an láthair i níos mó ná 20 nóiméad |





| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3** | Líon iomlán glaonna i ndáil le gach teagmhais éigeandála eile (seachas dóiteán) ó 1/1/2018 to 31/12/2018 | |
| | Líon na gcásanna seo nach dóiteáin iad, ina sroicheann an chéad inneall dóiteáin an láthair i laistigh de 10 nóiméad | |
| | Líon na gcásanna seo nach dóiteáin iad, ina sroicheann an chéad inneall dóiteáin an láthair i lasmuigh de 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad de 10 nóiméad | |
| | Líon na gcásanna seo nach dóiteáin iad, ina sroicheann an chéad inneall dóiteáin an láthair i lasmuigh de 20 nóiméad | |
| **Seirbhís Leabharlainne: L1** | A. Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine sa daonra don cheantar ÚÁ amhail Daonáireamh 2016 | **4.78** |
| | B. Líon míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe sa bhliain | 891031 |
| | Líon cuairteanna ar a leabharlanna ó 1/1/2018 go 31/12/2018 | 1041363 |
| **Seirbhís Leabharlainne: L2** | A. Ráiteas Bliantúil Airgeadais (AFS) Clár F sonraí a chuimsíonn F02 – Oibriú Leabharlanna agus Seirbhís Cartlainne (an céatadán ábhartha den mhuirear Bainistithe Láir i leith Clár F) do 2018 | **€43.73** |
| | Sonraí Chlár F AFS a chuimsíonn F02-Feidhmiú Seirbhí Leabharlainne agus Cartlainne (cion ábhartha den mhuirir lár-bhainistíochta do Chlár F san áireamh) don bhliain 2018 | €9534830 |
| **Óige & Pobal: Y1 & Y2** | A. Céatadán de scoileanna áitiúla páirteach sa scéim Chomhairle na nÓg áitiúil | **63.64 %** |
| | Líon iomlán scoileanna dara leibhéil i limistéar an ÚÁ ar 31/12/2018 | 33 |
| | Líon na scoileanna dara leibhéil i limistéar an ÚÁ as a d'fhreastail ionadaithe ar Chruinniú Chinn Bhliana Chomhairle na nÓg a reáchtáladh 2018 | 21 |
| | A. Líon eagraíochtaí iniata i gClár an Chontae agus an céata-dán a roghnaigh a bheith mar chuid den Coláiste Cuimsithe Sóisialta laistigh den PPN | **17.81** |
| | Líon iomlán eagraíochta iniata i gClár an Chontae don limistéar ÚÁ áitiúil ar 31/12/2018 | 494 |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Óige & Pobal: Y1 & Y2** | Líon iomlán na n-eagraíochtaí sin a chláraigh don chéad uair in 2018 | 94 |
| | Líon na n-eagraíochtaí a roghnaigh dul isteach i gColáiste Toghcháin Chuimsithe Sóisialta ar cibé cén dáta a chláraigh siad don PPN | 88 |
| **Corparáideach: C1, C2, C4 & C5** | A. Líon coibhéiseach foirne lánaimseartha amhail 31ú Nollaig 2018 | 999.05 |
| | A.% laethanta oibre íoctha a cailleadh de bharr tinnis le dearbhú dochtúra in 2018 | **4.21 %** |
| | B. % laethanta oibre íoctha a cailleadh de bharr tinnis le féin-dhearbhú in 2018 | **0.46 %** |
| | Líon iomlán na laethanta oibre íoctha a cailleadh de bharr tinnis le dearbhú dochtúra in 2018 | 11263 lá |
| | Líon iomlán na laethanta oibre íoctha a cailleadh de bharr tinn le féin-dhearbhú in 2018 | 1086 lá |
| | Líon laethanta oibre gan pá a chailltear de bharr tinnis | |
| | Atá iniata in iomlán na laethanta tinnis le féin dhearbhú | 33 lá |
| | Líon na laethanta oibre gan pá a cailleadh de bharr tinnis iniata in iomlán laethanta tinnis dearbhaithe de réir míochaine in 2018 | 1715 lá |
| | tréimhse de bhreis is 4 sheachtain), cuir isteach nota téacs den líon foirne atá ar shaoire tinnis fadtéarmach | |
| | A. Caiteachas ICT ar fad sa tréimhse ó 1/1/2018 go 31/12/2018, roinnte ar Uimhir WTE | **€4115.35** |
| | Caiteachas Iomlán ICT in 2018 | €4111439.93 |
| | Caiteachas iomlán ICT sa tréimhse ó 31/12/2017, roinnte ar Uimhir WTE do 2017 | **€4616.48** |
| | Caiteacha Iomlán ICT in 2017<br>11263 lá7 | €4345034.73 |



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Corparáideach: C1, C2, C4 & C5** | A. Caiteachas ICT ar fad ríofa mar chomhréir den Caiteachas Ioncaim | 100 |
| | Ollchaiteachas Ioncaim ó 1/1/2018 to 31/12/2018 roimh aistrithe chuig nó as chúlchistí | 4111439.93 |
| **Corparáideach: C3** | A. Iomlán na n-amharc leathanaigh ar shuímh ghréasáin an ÚÁ in 2018 | 3802425 |
| | B. Líon iomlán leanúnaithe ag deireadh 2018 ar chuntais mheáin shóisialta an ÚÁ | 74833 |
| | Líon na gcuntas meáin shóisialta á n-oibriú agus an ÚÁ | 27 |
| **Airgeadas: M1 & M2** | A. Iarmhéid carnach barrachais/easnaimh ar 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €9699927 |
| | B. Iarmhéid carnach barrachais/easnaimh ar 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €9721176 |
| | C. Iarmhéid carnach barrachais/easnaimh ar 31/12/2016 i Ráiteas Chuntais an AFS | €9764273 |
| | D. Iarmhéid carnach barrachais/easnaimh ar 31/12/2017 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €9771901 |
| | E. Iarmhéid carnach barrachais/easnaimh ar 31/12/2018 sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €9787717 |
| | % an Oll-Ioncaim in 2018 ó Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | **5.53 %** |
| | Caiteachas ioncaim in aghaidh an duine in 2018 | **€739.43** |

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Airgeadas: M1 & M2** | Figiúr iomlán Ioncaim 2018 ó Ráiteas Chuntais Ioncaim & Caiteachais an AFS | €176914724 |
| | Figiúr iomlán Caiteachais 2018 ó Ráiteas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €161209453 |
| | Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014 | 78.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 | 85.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016 | 85.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2017 | 86.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2018 | 88 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014 | 80.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 | 79.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016 | 77.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2017 | 78.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2018 | 79 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014 | 57.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2015 | 62.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2016 | 62.0 % |



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

| Topaic | Táscaire | Luach |
|---|---|---|
| **Airgeadas: M1 & M2** | Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2017 | 57.0 % |
| | Leibhéal Bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2018 | 63 % |
| **Forbairt Eac-namaíochta:** J1 to J4 | A. Líon na bpost a cruthaíodh le cuidiú ón Oifig Áitiúil Fiontar le linn na tréimhse 1/1/2018 to 31/12/2018 | 145.0 |
| | A. Líon na n-iarratas ar dhearbhán trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Áitiúil Fiontar in 2018 | 56 |
| | B. Líon na ndearbhán ar líne sin a tarraingíodh anuas in 2018 | 35 |
| | A. Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 1/1/2018 to 31/12/2018 | 365 |
| | A. An bhfuil straitéis turasóireachta reatha ag an ÚÁ?<br>B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta Ainmnithe ag an ÚÁ? | Tá<br>Tá |



# IARSCRÍBHINN 1–BAINISTIÚ FUINNIMH / FEASACHT–GNÍOMHARTHA A GABHADH DE LÁIMH IN 2018

## Foramharc ar Úsáid Fuinnimh

Is iad príomhúsáideoirí fuinnimh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná Soilsiú Poiblí, Flít dlr, Soilse Tráchta, Foirgnimh Chorparáideacha dlr (lena n-áirítear Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin, Leabharlanna, Foirgnimh an Phobail &rl) agus Seirbhísí Fóillíochta dlr.

## Gníomhartha a gabhadh de láimh in 2018:

In 2018 ghabh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin de láimh nó glacadh páirt i raon tionscnamh chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

## Ginearálta:

- Choinnigh Córas Bainistithe fuinnimh dlr i ngéilliúlacht leISO50001
- Chuir clár feasa foirne chun cinn
- D'fhorbair clár éifeacht fuinnimh ar mhaithe le rannpháirtíocht an phobail i gcomhar le Leabharlanna dlr agus Codema

## Tionscnaimh Leanúnacha:

- Clár Scoileanna Glasa
- Éifeacht fuinnimh iniata sa chlár réamh-thionóntachta
- Tionscnaimh Taistil Inbhuanaithe ag leanúint
- Athbhreithniú ar an bhflít.

## Stiúrthóireacht Bonneagair & Athrú Aeráide:

- Réiteach Dréacht phlean gníomhaíochta Athrú Aeráide i gcomhar le 4 Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath, le Fuinneamh agus foirgnimh aitheanta mar phríomhréimse gníomhaíochta

## Foirgnimh Chorparáideacha:

- Tógadh an Mol Cathartha agus Seomra na Comhairle nua. Bhí tionchar dearfach ag an tionscadal mar gur tugadh faoi fhabraic an fhoirgnimh istigh i lár Halla an Chontae trí uasghrádú ar insliú an dín, athchur ar phainéil ghloine sa díon agus suiteáil aonad nua láimhseála aeir a d'fhág go raibh laghdú ar ídiú fuinnimh agus ísliú suntasach ar chostais fhuinnimh.

## Foirgnimh an Phobail:

- Ceapadh Seaimpín Fuinnimh i ngach Ionad Pobail trí chlár feasachta fuinnimh

## Leabharlanna:

- Bhí tionchar dearfach i leith chaomhnú teasa sa bhfoirgneamh ag suiteáil póirse stoirme i LexIcon
- Seoladh cláir fheasachta fuinnimh don fhoireann agus don phobail faoi Phacáistí Coigilte Fuinnimh Tí i gcomhar le Leabharlanna dlr agus Codema.
- Trí chláir fheasachta foirne ceapadh Seaimpín Fuinnimh i ngach brainse Leabharlainne

## Flít:

- Cheannaigh Flít dlr 2 thrucail dumpála Goupil atá 100% leictreach, agus a bheidh in úsáid i bPáirceanna Chábán tSíle & Marlaí
- Cheannaigh Flit dlr6 Citreon Berlingo leictreach atá curtha ar fáil don fhoireann in Earnáil na bPáirceanna. Ceannaíodh 5 Nissan Leaf atá 100% leictreach agus cuireadh ar fáil iad d' úsáideoirí éagsúla ar fud na heagraíochta. Tá trí EV díobh curtha isteach i gcóras roinnte carr ina bhfuil 90 ball foirne ar fud roinnt Rannóga difriúla agus tá an dá cheann eile leithdháilte ar bhaill foirne ar leith.
- Rinneadh roinnt pointí luchtaithe a shuiteáil i gcarrchlós Halla an Chontae agus i 4 iosta Bhaile Uí Ógáin, Chabán tSíle, Reilig Ghráinseach an Déin agus Áth an Ghainimh.
- Bhí Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an gcéad Comhairle le dul beo le Cuaille Sholas Poiblí Luchtaithe EVa shuiteáladh ar Bhóthar Crofton, Dún Laoghaire.

## Seirbhísí Fóillíochta dlr:

- Faoi ISO50001 EMS agus mar a shainítear faoi threoirlínte Tomhais& Tuairiscithe SEAI tá na 3 Ionad Fóillíochta sainithe mar SEU. Rinneadh machnamh ar phleananna gníomhaíochta chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach
- Trí chláir fheasachta foirne ceapadh Seaimpín Fuinnimh i ngach ceann de Sheirbhísí Fóillíochta dlr.

## Tithíocht:

- Lean an Rannóg Tithíochta le clár uasghrádaithe tithe chun BER feabhsaithe agus caighdeáin fuinnimh níos airde a bhaint amach agus dá thoradh sin coigilteas bliantúil fuinnimh a dhéanamh.
- Bhí 18 teach a bhain leas as deontas SEAI de 50% iniata i tionscadail domhain-aisfheistiú fuinnimh a rinneadh i gCúirt Moyola agus i mBaile Uí Ógáin.

## TF:

- Leanfaidh an Chomhairle ag ceannach trealaimh atá réalta fuinnimh comhlíontach agus athchur á dhéanamh ar threalamh níos sine.
- Scéim phíolótach a chur i bhfeidhm i leith sheirbhís bhainistithe dúnadh síos PC/Ríomhairí Glúine.

## Soilsiú Poiblí:

- Lean Seirbhísí Soilsithe Poiblí ag cur feabhais ar shoilsiú sráide i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ag baint úsáide as clár uasghrádaithe beartaithe chun an soilsiú is éifeachtaí atá ar fáil a shuiteáil chun athchur a dhéanamh ar shoilse níos sine, agus níos lú éifeachta. Chuir Soilsiú Poiblí, atá aitheanta mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear faoi ISO50001, plean gníomhaíochta ar fáil chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach a chuideoidh chun an laghdú 33%a theastaíonn a dhéanamh faoi 2020. Tá breis is 36% de shoilse sráide DLR ar LED iad agus tá sé i gceist go mbeidh sé ardaithe go 50% faoi dheireadh 2019.

## BAINISTIÚ FUINNIMH/FEASACHT–GNÍOMHARTHA BEARTAITHE DO 2019:

In 2019, Tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht trí dul i mbun na dtionscnamh seo leanas:

### Ginearálta:

- Coinneofar an Córas Bainistithe Fuinnimh i ngéilliúlacht do ISO50001
- Déanfar iniúchtaí leanúnacha ar fhoirgnimh na Comhairle, Ionaid Fóillíochta agus na SEU eile.
- Cuirfear clár feasachta foirne chun cinn.
- Oibreofar le Codema chun sraith ceardlanna bainistithe fuinnimh a fhorbairt dár Seaimpíní Fuinnimh.
- Déanfar nuashonrú ar liosta Foirgneamh Corparáideach, comhordú agus fáil Teastas Léirithe Fuinnimh (DEC), athbhreithniú agus monatóireacht ar ídiú fuinnimh foirgneamh.
- Déanfar clár éifeachtacht fuinnimh a fhorbairt ar mhaithe le comhpháirtíocht an phobail
- Leanfar le tionscnaimh:
- Clár na Scoileanna Glasa
- Beidh éifeacht fuinnimh iniata sa chlár réamh-thionóntachta.
- Taisteal Inbhuanaithe

### Stiúrthóireacht Bonneagair & Athrú Aeráide

- Ócáid Chomhairliúcháin Phoiblí chun feasacht a ardú faoi athrú aeráide, bainistiú fuinnimh agus leis an bpobal a spreagadh chun ionchur a bheith acu sa Dréachtphlean Gníomhaíochta Athrú Aeráide le linn Feabhra agus Márta 2019.
- Glacadh ag na Comhaltaí Tofa le Plean Gníomhaíochta Athrú Aeráide 2019-2024 in 2019.

### Foirgnimh Chorparáideacha:

- Pleananna ionchasacha chun na coirí agus córas BMS i Halla an Chontae a athchur in 2019 chun níos mó smachta a thabhairt ar chostais teasa.
- Tá sé i gceist na soilse in Oifig Dhún Droma a uasghrádú go LED

### Foirgnimh an Phobail:

- Leanfaidh Seaimpíní Fuinnimh ag obair go dlúth leis an Aonad Bainistithe Conarthaí chun aghaidh a thabhairt ar bhreis réitithe coigilte fuinnimh laistigh dá bhfoirgneamh féin ar nós pointí socraithe soilsithe agus teasa &rl.
- Iniúchtaí leanúnacha le déanamh ar Ionaid Phobail.

### Leabharlanna:

- Tá dlrlr LexIcon aitheanta mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh mar a shainítear in SO50001–réitigh plean i leith éifeachtaí fuinnimh
- Uasghrádú Soilse LED ar Leabharlann Ghráinseach an Déin
- Leanfaidh Seaimpín Fuinnimh ag obair go dlúth leis an Aonad Bainistithe Conarthaí faoi bhreis réitithe coigilte fuinnimh ina fhoirgneamh féin mar phointí socraithe solais agus teasa &rl.
- Iniúchtaí leanúnacha fuinnimh sna leabharlanna ar fad
- D'fhéadfadh athrú go comharthaíocht dhigiteach sna brainsí laghdú a chur ar phriontáil páipéir.
- D'fhéadfaí scáileán digiteach a úsáid chun coigiltí fuinnimh a léiriú i mbrainsí i.e. d'fhéadfadh cuir i láthair bunaithe ar shonraí Eilifint Fuinnimh a thaispeáint go poiblí.

### Flít:

- Ag teacht ó na hathbhreithnithe dearfacha in 2018 cuirfear Goupil eile 100% leictreach ar fáil le haghaidh Iosta Dhún Éideann
- Ordófar dhá veain eile ó Nissan. Beidh siad 100% leictreach agus sannta go hEarnáil na bPáirceanna.
- Ceannófar an séú Nissan Leaf leictreach agus é sannta go scéim roinnte carranna in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.
- Leanfar ag tabhairt faoi athbhreithniú ar flít dlr ar mhaithe le feithiclí iomarcacha a dhíothú. Leanfaidh Flít dlr ag fáil feithiclí nua agus Éifeacht Fuinnimh mar chritéir aige ag baint triail as feithiclí leictreacha nuair is iomchuí.

### Páirceanna:

- Déanfar pointí luchtaithe leictreacha a shuiteáil sa dá charrchlós poiblí i bPáirc Mharlaí agus Páirc Chábán tSíle sna míonna atá romhainn.

### Seirbhísí Fóillíochta dlr:

- Faoi ISO50001 EMS agus mar a shainítear faoi threoirlínte Tomhais agus Tuairiscithe SEAI bhí na trí Ionad Fóillíochta sainithe mar SEU. Tabharfar faoi uasghrádú iomlán soilse LED sna trí Ionad Fóillíochta le dáta críochnaithe ag deireadh Márta 2019.
- Tá comhairliúchán ann leis na páirtithe ábhartha faoi Chonradh Fheidhmíocht Fuinnimh i leith uasghrádú ar thionscadail Éifeachtaí Fuinnimhleis na hIonaid Fhóillíochta lena n-áirítear gné Teas agus Cumhacht in Éineacht (CHP) sna hIonaid Fhóillíochta.
- Leanfaidh Seaimpíní Fuinnimh ag obair go dlúth leis an Aonad Bainistithe Conartha chun aghaidh a thabhairt ar bhreis réitithe coigilte fuinnimh laistigh dá bhfoirgneamh féin ar nós pointí socraithe soilsithe agus teasa &rl
- Iniúchtaí leanúnacha ar Sheirbhísí Fóillíochta dlr.

### Tithíocht:

- Leanfaidh an Rannóg Tithíochta le clár uasghrádú tithe chun BER feabhsaithe agus caighdeáin níos airde fuinnimh a bhaint amach agus dá bharr sin go mbeidh coigiltí bliantúla fuinnimh ann.
- Foirgnimh nua-thógtha le bheith i gcomhlíontacht le caighdeán Teach Éighníomhach agus nZEB



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018

## TF:

- Leanfaidh an Chomhairle ag ceannach trealamh atá réalta fuinnimh comhlíontach agus athchur á dhéanamh ar threalamh níos sine.

## Soilsiú Poiblí:

- Leanfaidh Seirbhísí Soilsithe Sráide ag cur feabhais ar shoilsiú sráide i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus iad ag úsáid clár beartaithe uasghrádaithe chun an soilsiú is éifeachtaí fuinnimh atá ar fáil a shuiteáil in áit na soilse níos sine agus níos lú éifeachta. Réitigh Soilsiú Poiblí, atá aitheanta mar Úsáideoir Suntasach Fuinnimh, mar a shainítear faoi ISO50001, plean gníomhaíochta chun éifeachtaí fuinnimh a bhaint amach a chuideoidh i dtreo an laghdú 33% a theastaíonn faoi 2020. Is LED iad 36% de shoilse sráide DLR agus tá sé beartaithe an figiúr sin a ardú go 50% faoi dheireadh 2019.

## Meicniúil/Uisce:

- Teastas Léirithe Fuinnimh le hathnuachan le haghaidh Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.



CC DLR Tuarascáil Bhliantúil 2018






*Dealbh Cuimhneacháin i mBaile Uí Ógáin*

**Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo priontáilte ar pháipéar ó fhoinse inbhuanaithe agus ar féidir é a athchúrsáil**